



COMHAIRLE CHONTAE LAOISE
LAOIS COUNTY COUNCIL



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023
ANNUAL REPORT 2023



TEACHTAIREACT COMHPHÁIRTEACH ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Paschal McEvoy (F.F.)

Cathaoirleach

Taispeántar sa Tuarascáil Bhliantúil seo an réimse leathan seirbhísí a chuirtear ar fáil ag Comhairle Chontae Laoise. Áirítear leis sin, ní hamháin na príomh-sheirbhísí, ach chomh maith leis sin, na tacaíochtaí a chuirimid ar fáil do phobail áitiúla maidir leis na healaíona, na leabharlanna, an oidhreacht, an caomhantas, forbairt eacnamaíoch agus forbairt atá oiriúnach do gach aois.

Is Comhairle nuálach í Comhairle Chontae Laoise agus táimid tiomanta do chinntiú go leantar lenár soláthar seirbhíse i réimsí ar nós Gníomhú ar son na hAeráide, Taisteal Gníomhach, Oidhreacht agus Bithéagsúlacht a neartú agus a leathnú.

Bliain ghnóthach eile don Chomhairle a bhí sa bhliain 2023. Leanadh le tús áite a thabhairt don tithíocht shóisialta agus inacmhainne. Go dtí seo, faoin bplean ‘Tithíocht do Chách’, cuireamar 515 aonad nua ar fáil, nó 96% don sprioc go dtí an bhliain 2026. Tá dul chun cinn á dhéanamh againn ar roinnt aonad faoin tionscnamh Tithíocht Inacmhainne.



John Mulholland

Príomhfheidhmeannach

Sa bhliain 2023, cuireadh Foireann Athnuachana ildisciplíneach ar bun agus bhí sé mar aidhm aici dul i ngleic le foirgnimh fholmha agus thréigthe. Osclaíodh go hoifigiúil an Leabharlann Contae nua ar an tSráid Mhór i mí Eanáir 2023. Cuireann an leabharlann seirbhís fheabhsaithe agus leathnaithe ar fáil don chontae agus a saoránaigh ar fad. Is spás fáilteach é don phobal agus do chuartheoirí agus éascaíonn sé soláthar eolais oideachasúil agus chultúrtha, rochtain dhigiteach saor in aisce ar WIFI, ríomhairí agus rochtain ar réimse imeachtaí saor in aisce.

Bhuaigh Mainistir Laoise bonn óir i gComórtas na mBailte Slachtmhara. Bronnadh aitheantas speisialta ar Bhailte Slachtmhara Phort Laoise. Bhuaigh siad Bonn Óir mór le rá agus thaispeáin Bailte Slachtmhara Dharú iarrachtaí inmholta agus bhuaigh siad Bonn Cré-Umha a bhí tuilte go maith. Mar chuid de Chomórtas Mórtas Ceantair Uile-Oileáin. bliain speisialta a bhí ann do Phobail Chamrois agus an tSráidbhaile, Bhaile an Bhíocáire agus Tigh Mochua (SBBTM) a chuir isteach ar na catagóirí faoi seach “daonra 0 go 500” agus an “Tionscnamh Pobail agus Folláine” agus an dara háit á buachan ag Camros agus gradam speisialta á bhuaich ag an Sráidbhaile, Baile an Bhíocáire agus Tigh Mochua.

Táimid tiomanta don aistriú i dtreo geilleagair atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus neodrach ó thaobh na haeráide de, atá lán leis an mbithéagsúlacht agus athléimneach ó thaobh an athraithe aeráide de. Ceapadh Oifigeach Pobail nua um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Feabhra 2023. Déanfar cinnte go mbainfeadh na cuspóirí seo amach le forbairt na bPleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údarás Áitiúil, le chéile le Straitéis Forbartha Áitiúil Chontae Laoise agus Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Laoise.

Maidir le Bainistíocht Fuinnimh, bhí ról ríthábhachtach ag Comhairle Chontae Laoise, ag feidhmiú mar an príomhúdarás do Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre trí chlárú mar an príomhúdarás chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) Pathfinder. Cuimsítear leis an iarracht chomhoibríoch seo na cúig údarás áitiúil laistigh de Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre le maoiniú á fháil le haghaidh iarfheistiú domhain ar fhoirgnimh na Comhairle, chomh maith le costais sainchomhairleoireachta. Mar ullmhúchán don ÚFIÉ Pathfinder, aithníodh sa Tuarascáil chuimsitheach Bearna go Cuspóir 29 foirgneamh ar fud Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre le cur san áireamh agus 8 gcinn acu suite i gcontae Laoise.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do thiomantas agus obair chrua na gComhaltaí Tofa agus baill foirne Chomhairle Chontae Laoise le linn na bliana 2023. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil chomh maith leis na heagraíochtaí deonacha agus pobail uile, a idirghníomhaíonn an Chomhairle leo ar bhonn laethúil maidir lena gcomhoibriú agus tacaíocht leanúnach.

ÁBHAR

Ráiteas Misin	4
Comhaltaí Chomhairle Chontae Laoise	5
Gnóthaí Corparáideacha, Ad, Tf, Pobal, Leabharlanna Agus Gníomhú Ar Son na hAeráide	6
Tionscadail Um Bonneagar, Seirbhísí Uisce, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála agus Tionscadail Speisialta	37
Tionscadail Um Bonneagar, Seirbhísí Uisce, Comhshaol, Seirbhísí Éigeandála agus Tionscadail Speisialta	38
Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil	66
Airgeadas, Forbairt Gheilleagrach agus Turasóireacht	97
My Pay	107
Aguisíní	108
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn	113

RÁITEAS MISIN

“Is í an Chomhairle a bheidh i gceannas ar fhorbairt inbhuanaithe gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus pobail ár gContae agus déanfaidh sí seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar ar na pobail a bhfreastalaimid orthu”

Sainordú

Is í Comhairle Chontae Laoise an príomhúdarás i gContae Laoise a thoghtar go daonlathach, a chuireann raon leathan agus ilchineálach seirbhísí ar fáil a imríonn tionchar ar ghníomhaíochtaí geilleagracha, sóisialta, comhshaoil, bonneagair, tionscail, turasóireachta agus cultúrtha an chontae. Áirítear leis na seirbhísí sin tithe, bóithre, forbairt pleanála agus gheilleagrach, bainistiú dramhaíola, cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí áineasa, leabharlanna, forbairt chultúrtha agus pobail a chur ar fáil agus a chothabháil, lena n-áirítear an spórt agus áineasa. Feidhmíonn Comhairle Chontae Laoise mar ghníomhairí chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar. Freastalaíonn fórsa mór oibre ar an gComhairle, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach agus fostaithe gairmiúla, teicniúla, dlí, riaracháin, airgeadais agus allamuigh.

Comhaltas sa Chomhairle

Tá 19 gComhalta Tofa ag Comhairle Chontae Laoise - sé chomhalta ó Cheantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí-Mhóinteach Mílíc agus Ceantar Bardasach na Gráige-Chúil an tSúdaire agus seacht gcomhalta ó Cheantar Bardasach Phort Laoise.



Na Comhaltaí Tofa i dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh ag CGB Chomhairle Chontae Laoise i mí Meithimh 2019

Cruinnithe na Comhairle

Reáchtáladh cruinnithe na Comhairle sa bhliain 2023 de ghnáth ar an Luan deireanach de gach mí i Seomra na Comhairle leis an rogha teacht isteach trí mheán cianda chomh maith. Reáchtáladh naoi gcruinniú déag sa bhliain 2023 gan aon chruinniú i mí Lúnasa.

Grúpa Beartais Chorparáidigh (C.P.G.)

Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh ceaptha chun cur leis an sainordú daonlathach agus le ról ceaptha beartais na gcomhaltaí tofa. Tacaíonn an Príomhfheidhmeannach leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh agus cuimsítear leis Cathaoirleach na Comhairle mar aon le ceithre Chathaoirleach na gCoistí um Beartais Straitéiseacha (S.P.c.anna). Is é príomhfheidhm an Ghrúpa Beartais Chorparáidigh obair na gCoistí um Beartais Straitéiseacha a chomhordú agus fóram a chur ar fáil ina ndéanfar cinntí beartais a mbeidh tionchar acu ar an gComhairle ina hiomláine a chomhaontú lena seoladh chuig an gComhairle le cinneadh a fháil ina leith. Chruinnigh an Grúpa Beartais Chorparáidigh faoi 11 sa bhliain 2023.

Ceantair Bhardasacha

Is iad seo a leanas na mionsonraí a bhaineann le líon na gCruinnithe Ceantar Bardasach a reáchtáladh sa bhliain 2023:
Ceantar Bardasach Bhuiríos Mór Osraí/Mhóinteach Mílíc -11 chruinniú
Ceantar Bardasach na Gráige/Chúil an tSúdaire -11 chruinniú
Ceantar Bardasach Phort Laoise - 12 chruinniú

COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE

COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH BHUIRÍOS MÓR OSRAÍ - MHÓINTEACH MÍLIC



COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH PHORT LAOISE



COMHALTAÍ CHEANTAR BARDASACH CHÚIL AN tSÚDAIRE-NA GRÁIGE



D'éirigh an Clr. Noel Tuohy as Comhairle Chontae Laoise le héifeacht ón 4 Feabhra 2023. Toghadh an Clr. Tuohy ar an gComhairle den chéad uair i mí Meithimh 2014, ag déanamh ionadaíochta do Cheantar Bardasach Phort Laoise. Bhí an Clr. Tuohy tiomanta dá ról mar ionadaí don phobal agus bhí ardmheas air. Guíonn na Tomhaltáí Tofa le chéile le Bainistíocht agus Baili Foirne gach rath ar an gClr. Tuohy agus é ag dul ar scor.



STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Donal Brennan

**OIFIGEACH SINSEARACH FEIDHMIÚCHÁIN, ACMHAINNÍ DAONNA/GNÓTHAÍ
CORPARÁIDEACHA GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA**

Pat Delaney

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle Plean Corparáideach Chomhairle Chontae Laoise 2019-2024 i mí na Samhna 2019. Leis an bPlean Corparáideach, cuirtear creat ar fáil do chur chun feidhme straitéis le haghaidh fhorbairt an chontae don tréimhse 2019-2024 agus ullmhaíodh é i ndiaidh comhairliúchán le fostaithe, le hionadaithe tofa, leis an bpobal, le leasanna deonacha agus an chomhshaoil, le páirtithe leasmhara seachtracha agus le comhlachtaí poiblí eile a oibríonn ar an leibhéal áitiúil.

Cairt do Chustaiméirí

Leagtar amach i gCairt Chomhairle Chontae Laoise do Chustaiméirí na bealaí ina bhféachfaidh an Chomhairle le déileáil lena cuid custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig poiblí de chuid na Comhairle agus ar ár suíomh gréasáin ag www.laois.ie. Áirítear sa Chairt seo tiomantas don chomhionannas i soláthar seirbhísí agus aitheantas ar ilchineálacht an phobail a bhfreastalaímid air. Áirítear sa Chairt freisin Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí ar féidir le héinne nach bhfuil sásta le cáilíocht na seirbhíse a fuarthas leas a bhaint as.

Buaicphointí

- 23 Feabhra 2023 - Fáiltiú Cathartha in ómós Teddy Fennelly



- 1 Meitheamh 2023 - Fáiltiú Cathartha in ómós Mary Mulhare



- 27 Iúil 2023 - Fáiltiú Cathartha in ómós Seamus Dooley



- 20 Meán Fómhair 2023 - Fáilte Oifigiúil roimh thoscaireacht ó Sister Cities of Franklin and Williamson County



- 19 Deireadh Fómhair 2023 - Fáiltiú Cathartha in ómós Ronan Brennan



Plean Bliantúil Seachadta Seirbhísí

Ghlac na Comhaltaí an Plean Bliantúil Seachadta Seirbhíse don bhliain 2024 ag a gcruinniú Comhairle a réachtáladh ar an 11 Nollaig 2023. Déanfar cur chun feidhme an Phlean a athbhreithniú sa bhliain 2024 mar chuid de phróiseas forbartha an Phlean 2025. Cuirfear san áireamh freisin feidhmíocht na Comhairle a mhéid a bhaineann le táscairí feidhmíochta mar a shonraíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta.

Comhpháirtíocht

Bhí na comhaltaí seo a leanas ina gcomhaltaí ar Choiste Comhpháirtíochta an Ionaid Oibre amhail an 31 Nollaig 2023

Ainmnithe Bainistíochta

Angela McEvoy
Pamela Tynan
Adrian Barrett
Bernie Foran
Susan Rooney

Ainmnithe Ceardchumainn

Anne Marie Maher
Rosa Bray
Deirdre Alexander
Tom O'Carroll

Chruinnigh an Coiste Comhpháirtíochta faoi 4 le linn na bliana 2023.

Scéim na Gaeilge

Dhearbhaigh an tAire Gnóthaí Tuaithe agus Gaeltachta Scéim Gaeilge Údaráis Áitiúla Laoise agus tháinig sí i bhfeidhm ar an 1 Nollaig 2009. Is féidir an scéim a fheiceáil ar ár suíomh gréasáin, www.laois.ie. Leanfar leis an obair maidir le scéim nua a ullmhú. Aithníonn Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil sé de cheart ag ár gcustaiméirí a roghnú gnó a dhéanamh linn ina rogha teanga agus éascaítear na déileálacha sin chomh fada agus is indéanta, cibé acu trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta do spriocanna a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn a bhaint amach, mar a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2021. Áirítear leis na spriocanna seo:

Riachtanas Socrúcháin: Tugtar sainordú san Acht go gcaithfear 20% den fhógraíocht a bheith trí mheán na Gaeilge. Sa bhliain 2023, baineadh amach ráta socrúcháin 33% ag an gComhairle.

Riachtanas Buiséid: Tá an Chomhairle tiomanta do 5% dár mbuiséad a leithdháileadh ar na meáin Ghaeilge. Sa bhliain 2023, baineadh amach ráta 5.1% ag an gComhairle.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle trí mheán na Gaeilge, seol ríomhphost chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Deireadh Fómhair 2014. Tugadh isteach leis an Acht sin athruithe suntasacha don réimeas um Shaoráil Faisnéise lena n-aisghairtear agus lena n-ionadaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2003 agus lena leathnaítear raon feidhme S.F. chuig roinnt comhlachtaí eile. Rinne sé an reachtaíocht a chomhdhlúthú, a nuachóiriú agus a nuashonrú freisin.

Iarratais a fuarthas sa bhliain 2023

Iarratais ar láimh amhail an 31 Nollaig 2022:	7
Iarratais a Fuarthas sa bhliain 2023:	98
Cinntí a rinneadh le linn na bliana 2023 (lena n-áirítear 11 iarratas ar cuireadh deireadh leo agus 1 iarratas a bpléadh leis lasmuigh de SF):	93
Iarratais nár Leanadh leo:	11
Iarratais a ndéileáiltear leo lasmuigh de SF:	1
Iarratais ar láimh amhail an 31 Nollaig 2023:	1

Cineál Iarratas

Pearsanta:	40,
Neamh-Phearsanta:	56
Measctha:	2

Achomhairc

Ní dhearnadh aon achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise sa bhliain 2023.

Foinsí na n-Iarratas

An Pobal i gCoitinne, Aturnaetha, agus Eile	72
Iriseoirí:	26

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta

Leagtar amach in Alt 126c den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 feidhmeanna an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI), lena n-áirítear scrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúil i ndáil le daichead a ceathair táscaire.

D'fhoilsigh an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta an tuarascáil i ndáil leis an mbliain 2022 i mí Mheán Fómhair 2023. Áirítear feidhmíocht Chomhairle Chontae Laoise sa tuarascáil seo i ngach réimse ábhartha.

Clár na dToghthóirí

Síníodh an tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022 ina dhlí ag an Uachtarán ar an 25 Iúil 2022. Mar chuid de thús céimnithe an Achta, cuireadh tús le roinnt soláthar áirithe le héifeacht ón 13 Deireadh Fómhair 2022, lena n-áirítear Cuid 3 - An Toghchóras agus Clárú Toghthóirí.

Leagtar amach sa chuid seo den Acht creat reachtaíochta le haghaidh nuachóiriú an phróisis clárúcháin toghcháin, lena n-áirítear an t-athrú go Clár Rollach nó Leanúnach agus caighdeánú agus simpliú an phróisis clárúcháin.

Is féidir le toghthóirí cur isteach air anois chun iad féin a chur san áireamh ar an gClár Rollach nó chun a gcuid sonraí a nuashonrú am ar bith le húsáid a bhaint as iarratas ar líne trí www.checktheregister.ie nó mar mhalairt air sin, trí fhoirm páipéir - agus tá cóipeanna de ar fáil ó Chomhairle Chontae Laoise.

Do na toghthóirí sin ar mian leo an fhoirm páipéir a líonadh, ní bheidh seiceáil aitheantais ag teastáil ach amháin nuair nach bhfuil an toghthóir ag iarraidh a UPSP nó nuair nach féidir an UPSP a dhearbhu leis an Údarás Clárúcháin. Maidir leis sin, is féidir le toghthóirí socrúcháin a dhéanamh go mbreathnófar ar a bhfoirm ag an stáisiún Gardaí áitiúil nó ag an Údarás Clárúcháin nuair a chuirtear ceann de na cineálacha cáipéise aitheantais fótagrafach ar fáil nó i gcás postvótálaithe, trí aitheantas ó Dhochtúir Ginearálta.

Tá tuilleadh sonraí faoi na hathruithe ar fáil ó Chomhairle Chontae Laoise ag <https://laois.ie/about-the-council/register-of-electors/>

Clár Rollach na dToghthóirí amhail an 26 Feabhra 2024

<u>Dáilcheantar</u>	<u>Toghthóirí Uachtaráin</u>	<u>Toghthóirí Dála</u>
Laois-Uíbh Fhailí	54,675	55,494
Cill Dara Theas	6,161	6,269
<u>Toghcheantar Pharlaimint na hEorpa</u>	<u>Toghthóirí na hEorpa</u>	<u>Toghthóirí Féideartha na hEorpa</u>
Theas	61,558	990
<u>Toghcheantair Áitiúla</u>	<u>Líon na dToghthóirí</u>	
Buiríos Mór Osraí-Móinteach	20,829	
Mílíc An Ghráig-Cúil an	21,346	
tSúdaire Port Laoise	22,847	
<u>Post-Vótálaithe agus Vótálaithe Speisialta</u>		
Gardaí	Laois-Uíbh Fhailí	1
	Cill Dara Theas	0
Óglaigh na hÉireann	Laois-Uíbh Fhailí	185
	Cill Dara Theas	39
Taidhleoirí	Laois-Uíbh Fhailí	4
	Cill Dara Theas	0
Daoine Faoi Mhíchumas Fisiceach	Laois-Uíbh Fhailí	8
	Cill Dara Theas	0
Gairm	Laois-Uíbh Fhailí	5
	Cill Dara Theas	0
Vótálaithe Speisialta	Laois-Uíbh Fhailí	14
	Cill Dara Theas	0

ACMHAINNÍ DAONNA

Staidreamh Earcaíochta

Tá 573 duine ar an iomlán (lena n-áirítear comhraitheoirí dóiteáin coimeádta) fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise amhail an 31 Nollaig 2023.

Reáchtáil an Chomhairle 36 comórtas le linn na bliana 2023. Reáchtáladh an chuid is mó de na hagallaimh ag Halla an Chontae.

Soláthar Rathúil

Ó mhí Eanáir 2023, rinneadh na haschuir seo a leanas a sholáthar dár gComhairle



Tionscnaimh maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil

Chonacthas sa bhliain 2023 leanúint leis an tionscnamh oifigiúil oibre cumaisc a chuireann an deis ar fáil d'fhostaithe leas a bhaint as roghanna oibre ó chian, nuair is féidir.

Lean an Chomhairle leis na tionscnaimh um chothromaíocht oibre is saoil, lena n-áirítear Sos Gairme, Comhroinnt Oibre, agus Bliain Oibre Níos Gaire.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta

Tagann na táscairí feidhmíochta sa doiciméad seo ó Thuarascáil Uimh. 58 ón gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iníúcháireachta, arna foilsiú i mí Mheán Fómhair 2023, mar gheall gurb é sin an tacar sonraí is cothroime le dáta atá ar fáil.

I ndáil leis an táscaire feidhmíochta náisiúnta maidir le líon na laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinneas deimhnithe agus neamhdheimhnithe, tá feidhm ag an staidreamh seo a leanas.

Líon Iomlán na foirne Coibhéis Lánaimseartha (CL) san Údarás Áitiúil (bunaithe ar shonraí chomh fada le 31/12/2022)	Deimhnithe	Neamhdheimhnithe
476.34	3.50%	0.31%

Tá sprioc náisiúnta maidir le neamhláithreachtaí de dheasca tinneas deimhnithe nó neamhdheimhnithe socraithe ag 3.5%.

Caidreamh Tionscail

Lean Comhairle Chontae Laoise de bheith ag cothabháil dea-caidreamh tionscail le linn na bliana 2023. Níor tháinig aon mhór-áighneas chun cinn. Oibríonn an Chomhairle de réir na gComhaontuithe maidir le Seirbhís Poiblí i gcomhairle le hAontais ábhartha. Cuireadh arduithe pá a socraíodh trí idirbheartaíocht don Mhárta 2023 agus Deireadh Fómhair 2023 i bhfeidhm le linn na bliana.

Oiliúint agus Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta d'oiliúint agus d'fhorbairt ár bhfostaithe uile i gcomhthéacs spriocanna agus chuspóirí na Comhairle a bhaint amach agus i gcomhthéacs forbairt scileanna na bhfostaithe. Tá Comhairle Chontae Laoise tiomanta d'fheabhas leanúnach i soláthar seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a fostaithe.

Tá an Clár Oiliúna bliantúil bunaithe go príomha ar na riachtanais oiliúna a shainaithnítear trí Phleananna Forbartha Foirne agus trí Phleananna Forbartha Pearsanta mar chuid de phróiseas an Chórais Bainistithe Forbartha Feidhmíochta. Ionchorpraítear sa Chlár freisin ceanglais Sláinte agus Sábháilteachta, cláir Náisiúnta FETAC, cláir foghlama oscailte tríú leibhéal agus seimineáir/ceardlanna a bhaineann le gnó, de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.

Chonacthas sa bhliain 2023 réimse clár oiliúna atá leagtha amach thíos:

- Safepass
- Láimhsiú Sábháilte
- Comharthaíocht, Soilsiú agus Gardáil ag Oibreacha Bóthair
- Dromchla agus Deisiúcháin Bóthair
- Oscailt Bóthair agus Bóthar a Chur Ar Ais Iniúchóireacht agus Cigireacht TIM
- Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil Tiomána
- Sábháilteacht Dréimire
- Oiliúint ar Shábh Shlabhrach
- Oiliúint Garchabhrach
- Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas
- Oiliúint Bainistithe Taifid
- Oiliúint Feasachta ar Sholáthar Poiblí Glas agus Gníomhú ar son na hAeráide

Clár Foghlama Oscailte

Déanfaidh Comhairle Chontae Laoise a dícheall, faoi réir acmhainní atá ar fáil, chun tacú le fostaithe ar mian leo tabhairt faoi chúrsaí foghlama oscailte tríú leibhéal atá ábhartha i ndáil le forbairt gnó na Comhairle agus ról agus freagrachtaí an fhostaí araon, agus a chuireann leis an méid sin. I measc roinnt de na cláir foghlama oscailte a éascaíodh le linn na bliana 2023, bhí:

- Dioplóma sa Bhainistíocht Leabharlainne agus Faisnéise
- Teastas sa Reachtaíocht Pleanála Comhshaoil
- Teastas/Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil
- Teastas IPASS i dTeicnící Párolla

An Comhionannas agus Tacú leis an Ilchineálacht

Is fostóir comhionannais deiseanna í Comhairle Chontae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan beartas, cleachtas agus nósanna imeachta a thugann aird ar an ngá chun deireadh a chur le hidirdhealú, chun an comhionannas a chur chun cinn agus chun cearta daonna na foirne agus na ndaoine a bhaineann leas as a seirbhísí a chosaint.

I mí na Nollag 2023, foilsíodh an Tuarascáil maidir leis an mBearna Fáil idir na hInscní ar ár suíomh gréasáin ag <https://laois.ie/wp-content/uploads/Gender-Pay-Gap-Report-for-2023.pdf>
Cuireadh an tuarascáil seo le chéile bunaithe ar shonraí ar fáil suas leis an 30 Meitheamh 2023.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

CEANNASAÍ NA gCÓRAS FAISNÉISE

Pat Grassick

Tá freagracht ag an Roinn Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) ar bhonneagar TFC agus cumarsáide, córais bogearraí agus suíomh gréasáin na Comhairle.

Cuireann an Roinn tacaíocht theicniúil ar fáil do rannóga uile na Comhairle agus do chomhaltaí Chomhairle Chontae Laoise agus tá sí freagrach as córais TFC na Comhairle a chur chun feidhme, a chothabháil, a fhorbairt agus a chosaint.

Láimhseáladh os cionn 9,800 glao tacaíochta teicniúla ag baill foirne tacaíochta TFC sa bhliain 2023. Léirítear leis sin tábhacht na TFC i soláthar seirbhíse mar gheall ar nuachóiriú agus digitiú seirbhísí.

Tá an Roinn TFC tiomanta do bheartas fheabhas leanúnach na seirbhísí TFC, laistigh den Chomhairle féin agus don phobal a bhaineann leas as seirbhísí na Comhairle le leathnú breise sa bhliain 2023 ar sheirbhísí Ar Líne.

Slándáil TFC

Sa bhliain 2023, bhí an chibearshlándáil fós mar imní mhór laistigh den Chomhairle. Tharla ‘cruachan’ bhreise ar shlándáil bhonneagar TFC na Comhairle sa bhliain 2023. Áiríodh leis sin tabhairt isteach córais nua le haghaidh rochtain ó chian ar líonra na Comhairle le haghaidh seirbhísí tacaíochta tríú páirtí.

D’fhaomh Coiste Slándála Faisnéise na Comhairle beartais maidir le Bainistíocht Cibeartheagmhais agus rinneadh tástáil rathúil ar an bplean faofa.

Rinneadh cainéil chumarsáide agus comhoibriú leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC), Grúpa Náisiúnta Oifigeach Slándála an Údaráis Áitiúil a neartú, agus ghlac an Chomhairle páirt iomlán sna rannpháirtíochtaí seo.

Cumarsáid TFC

Cuireadh an t-uasghrádú ar nascacht i ngach Oifig Áite agus Leabharlann i gcrích sa bhliain 2023. Rinneadh é sin na naisc líonra i bhfoirgnimh na Comhairle a chaighdeánú chun líonra seasmhach agus socair a chur ar fáil chun soláthar seirbhíse feabhsaithe a chur ar fáil don phobal.

Seirbhísí TFC Ar Líne

Cuireadh i gcrích ag an Roinn TFC an t-uasghrádú ar an gcóras íocaíochta ar líne do Chustaiméirí ar ardán MyCoCo (www.mycoco.ie). Lig sé sin do chustaiméirí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí cuntais ar líne agus íocaíochtaí a dhéanamh sna réimsí seo a leanas:

- Cíosanna Tithíochta
- Rátaí Tráchtála
- Iasachtaí Tithíochta
- Íocaíochtaí Seirbhíse Dóiteáin

Chuir an córas nua deis ar fáil do chustaiméirí Ráta a gcuntais a bhainistiú ar líne den chéad uair.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Líon iomlán amhairc leathanaigh shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2022 in aghaidh an duine.	Líon iomlán leantóirí chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil ag deireadh na bliana 2022, in aghaidh an duine.	Costas Foriomlán an tSoláthair TCF in aghaidh an WTE	Costas Foriomlán TCF mar chuid de Chaiteachas Ioncaim
6.30	0.66	€4,791.64	2.50



AN COISTE UM GHNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE AGUS BEARTAS STRAITÉISEACH POBAIL

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Donal Brennan

ARDOIFIGEACH FEIDHMEANNACH:

Pamela Tynan

Comhaltaí

An Clr. John King

An Clr. Pdraig Fleming (Cathaoirleach)

An Clr P J Keily

An Clr. James Kelly

An Clr. Oliver Clooney

Earnála

Ruth Sullivan (PPN, Pobal/Deonach)

Bobby Delaney (PPN, Comhshaol)

Donald Scully (Piléar na Feirmeoireachta Talmhaíochta)

Michael Gorman (PPN, Ionchuimsiú Sóisialta)

Ann Fingleton (PPN Gnó/Tráchtála)

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise

Bunaíodh Coiste Forbartha Áitiúil Laoise i mí Mheán Fómhair 2014 chun cur chuige comhleanúnach agus straitéiseach i leith Forbairt Áitiúil agus Pobail a fhorbairt, a chomhordú agus a fheabhsú. Tacaíonn Roinn Pobail Chomhairle Chontae Laoise leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus déanann sí maoirseacht ar an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2018-2023 agus reáchtáil sí an buiséad bliantúil de €715,706 don bhliain 2023. Sa bhliain 2023, fuair Laois leithdháileadh breise de €133,687 le haghaidh Tacaíochtaí do mhuintir na hÚcráine faoin gclár SICAP, le €5,750 sa bhreis bronnta ag deireadh na bliana.
- Sa bhliain 2023, osclaíodh an clár nua SICAP 2024 ar conradh, agus bronnadh an Conradh ar Chomhpháirtíocht Laoise i mí na Nollag 2023. Reáchtálfar an clár nua ó 2024-2028 agus tá luach os cionn €5 milliún air.
- Forbraíodh an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2028 trí chomhoibriú le réimse leathan páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí. Áirítear leis an bpróiseas comhairliúcháin:
 - Suirbhé ar líne a rinneadh thar dhá sheachtain, a d'fhreagair 509 duine aonair.
 - Sé cheardlann pobail go pearsanta agus ceann amháin ar líne i Ráth Domhnaigh, Móinteach Mílic, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire, Port Laoise agus Baile Uí Laigheanáin.
 - Ceardlann páirtí leasmhar ar fhreastail ionadaithe ó réimse eagraíochtaí áitiúla air, lena n-áirítear Comhpháirtíocht Spóirt Laoise, Oifig Fiontair Áitiúil Laoise agus Ionad Acmhainní Pobail agus Teaghlaigh Phort Laoise.
 - Comhairliúchán le Grúpa Stiúrtha Comhairleach an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail, an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Turasóireacht agus Coiste Forbartha an Phobail Áitiúil



Forbraíodh agus daingníodh Deich gCuspóir Ardleibhéil agus áirítear leo ráiteas socheacnamaíoch agus próifíl socheacnamaíoch de Laois. Forbraíodh agus daingníodh 33 cuspóir inbhuanaithe. Tugadh faoi Scagthástáil Measúnachta Cuí agus Scagthástáil Measúnachta Straitéisí Timpeallachta, a chinntigh nach raibh scagthástáil iomlán de dhíth. Tá Gníomhartha agus PTFanna (Príomhtháscairí Feidhmíochta) á gcur i gcrích faoi láthair. Cuirfimid tús le plean feidhmithe an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail go luath sa bhliain 2024.

- Riar Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise Ciste Tacaíochta Pobail 2023, agus leithdháileadh de €291,487 á fháil acu. Roinneadh an leithdháileadh i leithdháileadh tionscadail caipitil/reatha ginearálta, leithdháileadh grúpa ban agus leithdháileadh riaracháin. San iomlán, fuair 138 grúpa maoiniú faoin scéim seo.
- An Gnáthchlár LEADER 2014-2020 – tháinig an clár seo chun críche ar an 31 Márta 2021 ar ina leith a rinne Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise 134 tionscadal a fhaomhadh, dar luach €5,557,492.21.
- Cuireadh an clár idirthréimhseach LEADER agus an clár EURI i gcrích ar an 31 Nollaig 2023 agus gach faomhadh tionscadail curtha i gcrích anois. Faoin gclár Idirthréimhseach LEADER, bronnadh €1,092,976 ar Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise, ag feidhmiú mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise, agus faomhadh 51 grúpa le haghaidh maoinithe. Faoin gclár LEADER EURI, fuair Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise leithdháileadh maoinithe de €485,767 agus faomhadh 14 thionscadal ag an nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta.
- Chuir Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise, ag feidhmiú mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise, tairiscint isteach don chlár LEADER 2023-2027, ag cur Straitéis Forbartha Áitiúil i gcrích, a bhí bunaithe ar chomhairliúcháin phoiblí chuimsitheacha agus ar shuirbhé ar líne. Bhí an freagra maidir leis an dá rud seo an-dearfach. I mí na Nollag 2023, tugadh faoi deara nach raibh Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Laoise rathúil lena aighneacht.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Laoise

Bunaíodh PPN Laoise i mí Márta 2015 agus is é an príomhnasc é trína ndéanann an tÚdarás Áitiúil ceangal le grúpaí Pobail agus Deonacha, Ionchuisithe Sóisialta agus Comhshaoil laistigh de Chontae Laoise. Cuireann an PPN é ar chumas na ngrúpaí ionadaithe PPN a ainmniú do chomhlachtaí cinnteoireachta agus ceaptha beartais sa chontae, ar nós an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus an Comhchoiste Póilíneachta. Sa bhliain 2023, chuir PPN Laoise a athchlárú Comhalta i gcrích le 640 comhalta cláraithe faoi láthair.

Féilire imeachtaí bliana iomlán a bhí i dTionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 de chuid PPN Laoise do gach Ballghrúpa PPN. Bhí sé mar aidhm aige daoine a chur ar an eolas, oideachas a chur ar dhaoine agus tionscnaimh Gníomhaithe dhearfacha ar son na hAeráide inár bpobail a spreagadh. Is mian le PPN Laoise buíochas a ghabháil le tacaíocht Chomhairle Chontae Laoise a chomhoibríomar leo le roinnt de na himeachtaí seo.

Áiríodh le Buaicphointí Thionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 PPN Laoise:

- Aiscín crann dúchasach na hÉireann chuig Grúpaí Pobail ar fud Laoise.
- Ceardlann Maoinithe ar son na hAeráide.
- Turas Rothar Oidhreachta i mBaile an Bhicáire le linn Sheachtain na Rothar chun Taisteal Gníomhach a chur chun cinn.
- Siúl is Labhair na Bithéagsúlachta i bPort Laoise, leis an Éiceolaí, an Dr. Fiona



McGowan agus Coiste na mBailte Slachtmhara Phort Laoise. (Tá Port Laoise ainmnithe mar an gcéad Bhaile Ísealcharbóin in Éirinn).

- Crann ar son na Síochána - Searmanas Curaíochta do Phobal na hÚcráine le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann.
- Winter Wander i Mainistir Laoise - Buaiteoir an Bhaile is Slachtmhara in Éirinn 2023.
- Siúlóid bithéagsúlachta treoraithe ar Thionscadal Portaigh Mhainistir Laoise - ceann de na tionscadail caomhnaithe is fearr in Éirinn a bhfuil an pobal i gceannas air.

D'iarr an Comhchoiste Oireachtais ar an gComhshaol agus an Athrú Aeráide ar thuarascáil ar Gníomhaíochtaí Aeráide de chuid PPNanna, a mballghrúpaí agus an fhéidearthacht go spreagfaidh siad Gníomhú breise ar son na hAeráide. Roghnaíodh PPN Laoise chun cur le ceardlann ar an tuarascáil seo, agus roghnaíodh an Tionscadal Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 dá chuid mar cheann de na trí chástaidéar, ag taispeáint an tionchar dearfach féideartha agus an ról is féidir leis an PPN a ghlacadh go náisiúnta maidir leis an nGníomhú ar son na hAeráide.

Sheol PPN Laoise "Marcóir Maoine" do Ghrúpaí Pobail i Laois. Fuarthas maoiniú don Mharcóir Maoine tríd an gCiste Tacaíochta Pobail 2022 a réachtáladh ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Laoise arna maoiniú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

An chéad cheann dá leithéid i Laois, is tionscnamh um chosc na coireachta é a chuireann aitheantóir ar leith ar mhaoín ar fáil, agus mar sin, feidhmíonn sé mar bhac ar an ngadaíocht, ag cabhrú leis an nGarda Síochána sealúchas goidte a fháil ar ais. Cuirfidh PPN Laoise an meaisín Marcóra Maoine ar fáil do Ghrúpaí Pobail i mbailte agus sráidbhailte ar fud chontae Laoise sna míonna amach romhainn.

Thacaigh PPN Laoise le Ballghrúpaí PPN sa bhliain 2023 trí imeachtaí éagsúla oiliúna agus forbartha acmhainní agus ba mhol faisnéise é maidir le deiseanna maoiniúcháin agus comhairliúcháin phoiblí.

Dámhachtainí Pobail agus Deonacha Laoise 2023

Reáchtáladh Searmanas Dhámhachtainí Pobail agus Deonacha Laoise 2023 ar an 3 Samhain 2023 in Midlands Park Hotel, Port Laoise, arna óstáil ag Comhairle Chontae Laoise in éineacht le PPN Laoise agus bhí sé urraithe ag People First Credit Union. Bronnadh onóir ar ainmnithe in ocht gcatagóir as a rannchuidiú do shaol an phobail i Laois, lena n-áirítear Dámhachtain aonair an Laoich Neamhaitheanta agus Dámhachtain nuabhunaithe Gníomhú ar son na hAeráide. Gach bliain ag na Dámhachtainí, léirítear an obair iontach a bhíonn ar bun go háitiúil ag na hearnálacha pobail/deonacha, ionchuimsithe sóisialta agus comhshaoil i gContae Laoise.



Comhpháirtíocht Oideachais

Tá clár *“Domhan na hOibre”* de chuid Chomhpháirtíocht Ghnó na Scoileanna dírithe ar dhaltaí na dara bliana mar go bhfuil sé léirithe go bhfuil an idirghabháil seo níos éifeachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na daoine a fhágann an scoil go luath agus chun é a sheachaint, ag cabhrú leis na daltaí sin barr a gcumais a bhaint amach. Éascaíodh an clár seo i gcomhpháirtíocht le Coláiste Phort Laoise agus tugadh isteach leis léargas ginearálta ar an gcuideachta, ceardlann a bhaineann leis an Athrú Aeráide a d’éascaigh Comhordaitheoir an Athraithe Aeráide (LCC) agus seisiún *“Lá sa Saol”*, inar bhuail daltaí le comhaltaí sheomra foirne Chomhairle Chontae Laoise ó rannóga éagsúla agus cúlraí oideachais éagsúla. D’éascaigh na seisiúin comhráite agus léargais isteach sna róil éagsúla san ionad oibre agus bhí sé mar aidhm acu daoine óga a spreagadh agus a ghríosú breathnú i dtreo na todhchaí. Tugadh deis do dhaltaí chomh maith cuairt a thabhairt ar Stáisiún Dóiteáin Phort Laoise. Reáchtáil Comhpháirtíocht Ghnó na Meánscoileanna agus an Roinn Oideachais agus Scileanna an clár in éineacht le Comhairle Chontae Laoise.

Comhairle na nÓg Laoise

Sa bhliain 2023, thug comhaltaí Chomhairle Laoise faoi roinnt tionscadal, lena n-áirítear an podchraoladh *‘If it wasn’t for’*. Bhí an tionscnamh sin an-rathúil agus seoladh é ag an gCathaoirleach an Clr. Paschal McEvoy i mí Dheireadh Fómhair 2023. Ghlac comhaltaí Chomhairle na nÓg páirt i roinnt comhairliúchán agus imeachtaí le linn na bliana chun comhairliúcháin na Straitéise Forbartha Áitiúil, Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil agus Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a chur san áireamh. Ar an 7 Samhain 2023, d’fhreastail 75 duine óg ó mheánscoileanna i gcontae Laoise ar Comhdháil na nÓg (CGB) de chuid Chomhairle na nÓg in Midlands Park Hotel, agus ceardlann á gairm faoin *Meabhairshláinte*.

Comórtas Mórtas Ceantair Uile-Oileáin 2023

Agus é 21 bliain faoi bhláth, is comórtas bliantúil é Mórtas Ceantair, arna eagrú ag an gcarthanacht cothaithe síochána Co-Operation Ireland agus tá sé urraithe ag IPB Insurance. Is comórtas Uile-oileáin é, ina n-ainmníonn údaráis áitiúla ar fud oileán na hÉireann grúpaí ina bpobail a chreideann siad a chuir go mór le feabhsú a gcomharsanachta, ag obair lena chéile. Sa bhliain 2023, rinne Cumann Pobail Chamrois ionadaíocht do chontae Laoise agus iad ag cur isteach ar an gcatagóir “Daonra 0 go 500”, agus chuir Mol Gníomhaíochta agus Folláine an tSráidbhaile, Bhaile an Baile an Bhíocáire, Thigh Mochua (SBBTM) isteach ar an gcatagóir ‘Tionscnamh Pobail agus Folláine’. Bliain speisialta a bhí ann don dá ghrúpa. Bhuaigh Cumann Pobail Chamrois an Dara Áit ina chatagóir agus fuair Mol Gníomhaíochta agus Folláine SBBTM Gradam Speisialta.



Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise

Chruinnigh an Comhchoiste Póilíneachta Chontae Laoise faoi 4 sa bhliain 2023 agus rinne a bhallaíocht ionadaíocht d'ionadaithe poiblí agus príobháideacha. Bíonn cruinnithe Mheitheal Oibre na Comhchoiste Póilíneachta sa trí Cheantar Bardasach fós ann i ngach ráithe agus bíonn an-rath orthu.

Ciste na dTionscadal Pobail (Comhaltaí Tofa) 2023

Tugadh maoiniú do níos mó ná 101 grúpa/tionscadal pobail faoi Chiste na dTionscadal Pobail (Comhaltaí Tofa) sa bhliain 2023, €125,202 san iomlán.

Tionscadail Chomhoibríocha/Ionchuimsiú Sóisialta

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara i ndáil le tionscadail le linn na bliana 2023, leis an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Líonra Laoise um Lánpháirtíú
- Lá na hAfraice i Laois
- Tacaíochtaí lánpháirtithe do phobail nua.
- Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSC)
- Lá Fágála Bealaigh



Laois Connects 2023 Ag Cur Meabhairshláinte Dhearfach agus an Fholláine Chun Cinn

Reáchtáladh Laois Connects 2023 ón 9 - 15 Deireadh Fómhair 2023. I gceist leis an gclár, bhí cláir agus imeachtaí ar líne, laistigh agus lasmuigh agus lá lárnach amháin ag Ionad Ealaíon Dhún Masc darbh ainm “Mind Yourself Day”, a dhíríonn ar dhaltaí, tuismitheoirí agus seantuismitheoirí.

Clár Aois-Bháil Chontae Laoise

Seoladh an Straitéis Aoisbhá Chontae Laoise nua ag CGB Comhairle na nDaoine Scothaosta i mBaile an Chaisleáin i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bunaíodh Feidhmeannach Comhairle na nDaoine Scothaosta nua. D'fhás Comhairle na nDaoine Scothaosta go níos mó ná 300 comhalta. Chonacthas sa bhliain 2023 cur chun feidhme ar bhonn céimneach cártaí ICE (I gCás Éigeandála) agus scaipeadh os cionn 6,000 dóibh sa bhliain 2023. Seoladh feachtas Éirchóid sa bhliain 2023 agus scaipeadh 1000 Greamáin Éirchóid indiaidh iarratas ó dhaoine aonair agus grúpaí pobail.

Bhí an chéad Taispeántas Living Well ar siúl i mí Aibreáin 2023 agus d'fhreastail os cionn 1000 saoránach air i gColáiste Phort Laoise. Bhí taispeántais cócaireachta, sainchainteanna agus os cionn 70 taispeántóir ó earnálacha cúraim sláinte, pobail agus teicneolaíochta i láthair ag an imeacht seo. Tá sé beartaithe go mbeidh an t-imeacht ar siúl arís sa bhliain 2024.



Rinneadh Treoir do Sheirbhísí a nuashonrú do dhaoine scothaosta sa bhliain 2023 agus beidh sé ar fáil le scaipeadh go luath sa bhliain 2024. Cuimseofar sa treoir seo liosta cuimsitheach seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do dhaoine scothaosta i Laois.

Bhí gné aois-bháúil fairsing ag Laois Connects agus bhí sraith imeachtaí ann, lena n-áirítear cainteanna agus taispeántais, a bhí ar siúl in Ionad Ealaíon Dhún Masc ar an 12 Deireadh Fómhair 2023.

Lá na hAfraice i Laois

Ceiliúradh Lá na hAfraice i Laois 2023 ar an Satharn 3 Meitheamh 2023, ar fhearann Laois Leisure i bPort Laoise. Léirigh sé radhairc fuaimeanna, ceardaíocht agus bia na hAfraice agus rinne sé ceiliúradh ar an méid a chuir pobal na hAfraice le Contae Laoise.



Éire Shláintiúil

Tá sé mar aidhm ag Ciste Éire Shláintiúil tacú le tionscadail agus cláir earnála nuálacha bunaithe ar fhianaise a thacaíonn le príomh-bheartais náisiúnta i réimsí ar nós an mheabhairshláinte, gníomhaíocht choirp, cothú agus sláinte ghnéis. Tacaíonn sé le tionscnaimh a chuireann Éire saor ó thobac chun cinn agus a laghdaíonn an méid alcóil a óltar, agus spásanna agus áiteanna don tsláinte agus folláine a fhorbairt. Sa bhliain 2023, cuireadh réimse leathan clár chun feidhme le trasghearradh comhpháirtithe.

Operation Transformation

Cuireadh isteach tairiscint rathúil ag an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta Laoise, i gcomhar le Laois Shláintiúil agus Mol Gníomhaíochta agus Folláine SBBTM, le haghaidh scannanú Operation Transformation i Laois. Taifeadh dúshlán sos fógraíochta thar seacht seachtaine agus dhearbhaigh an láithreoir an tUasal Karl Henry go raibh an tinreamh a d'fhreastail sa Sráidbhaile, Baile an Bhiocáire, Port Laoise, Cill Chaomháin, Cúil an tsúdaire, Ráithín an Uisce agus Tigh Mochua an ceann is mó riamh. Rinne SBBTM taifead ar mhéadú faoi thrí ar thinreamh Rith sa Pháirc, mar gheall ar rath an chláir seo i Laois, agus tinreamh mór millteach ag freastal ar shiúlóidí Light Up CLG.

Bród Laoise

Is seirbhís atá bunaithe i Laois é an Tionscadal LADT+ Lár na Tíre agus cuireann sé seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine LADT+ i Lár na Tíre. Reáchtáil an Tionscadal clár imeachtaí a mhair seachtain chun Bród Laoise 2023 a cheiliúradh, agus chríochnaigh sé le Mórshiúl Bróid ar an Satharn, 17 Meán Fómhair 2023, a fuair tacaíocht ó mhaoiniú Laois Shláintiúil. Cuireann na himeachtaí seo deiseanna chun cinn chun tacú leis na daoine sin laistigh den phobal, agus an glacadh á spreagadh ag an am céanna.



Páirceanna Gníomhacha

Cuireadh sraith Ranganna Lasmuigh saor in aisce ar fáil i spásanna glasa poiblí ag an rannóg Spóirt agus Fóillíochta agus arna maoiniú ag Laois Shláintiúil. Úsáideann na seisiúin sin spásanna poiblí, agus iarracht á déanamh go nglacann an pobal san aclaíocht lasmuigh agus bhí siad ar siúl i bPort Laoise, an Sráidbhaile, Mainistir Laoise agus Cúil an tSúdaire.

Menowell

Clár comhoibríoch a bhí i Menowell le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise. Chuir sé clár 6 seachtaine ar fáil maidir le gníomhaíocht fisiceach agus oideachas sláinte (do mhná i ngach céim den mheanapás) agus éascaíodh é ar líne chomh maith. Clár 6 seachtaine maidir le gníomhaíocht fisiceach agus oideachas sláinte (do mhná i ngach céim den mheanapás) agus éascaíodh é ar líne chomh maith. Tá gach rang aclaíochta deartha ag fiseolaithe aclaíochta cliniciúla go sonrach le haghaidh gach cumas aclaíochta agus dóibh siúd a mhaireann le fadhbanna cliniciúla.

Musical Memories

Chonacthas le Musical Memories méadú ar sheisiúin Ucailéile agus amhránaíochta i mBothán na bhFear Laoise. Ba chúis mórtais do na fir scil nua a fhoghlaim lena gcairde agus lena bpiaraí, i dtimpeallacht shóisialta, spreagúil. D'oibrigh siad ar shraith comóna amhrán a bhí oiriúnach dá leibhéal scile.

Grúpa Gníomhaíochta na dTaistealaithe Laoise

Bunaíodh an comhoibriú sin chun tacú le leanaí agus daoine fásta sa phobal taistealaithe roghanna níos sláintiúla bia agus cothaithe a dhéanamh. Baineadh taitneamh as sraith ranganna cócaireachta ag máithreacha agus tá na leanaí ag súil le táirgí a phlandú agus a shábháil óna bPolathollán nua.

Light Up Laois

Bhí sraith Ceardlanna Folláine ar siúl in áitribh Obair d'Ógra Éireann i bPort Laoise, áit ar ghlac daoine óga páirt i roinnt gníomhaíochtaí folláine i gcomhar le siúlóid, a bhí lasta ag a Laidéir Sailí álainne. Léirigh an clár seo go leor bealaí cruthaitheacha chun dul i ngleic leis an meabhairshláinte agus spreag sé na déagóirí chun taitneamh a bhaint as siúlóid agus as aclaíocht amuigh faoin aer.

Cothú agus Ranganna Cócaireachta

Bhí sraith ranganna cócaireachta ar siúl in áitribh Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann i bPort Laoise. D'fhorbair agus d'fheabhsaigh úsáideoirí seirbhísí a saineolas ar an gcothú, a chuir leis an ionad aclaíochta nua a cuireadh isteach ar an áitreabh le déanaí. Tá sé mar aidhm foriomlán ag an gclár sin tacú leis na húsáideoirí a bheith ag maireachtáil go neamhspleách.

Seirbhísí Tacaíochta

Cuireadh seirbhísí tacaíochta agus folláine i bhfeidhm trí sheirbhísí Drochíde sa Teaghlach Laoise agus Obair d'Ógra Éireann Laoise (YWIL). Dhírigh an dá chlár ar leith seo ar chomhaltaí leochaileacha dár sochaí agus cuireann siad spásanna tráthúla agus sábháilte ar fáil do leanaí agus daoine óga am a bheith acu a riachtanais agus eispéreas a chur in iúl.

Lá Fágála Bealaigh 2023

Bhí Laois Shláintiúil, Aoisbhá Laoise agus Grúpa Oibre Lá Fágála Bealaigh ó Chomhairle Chontae Laoise i gceannas ar roinnt imeachtaí Lá Fágála Bealaigh ar an Aoine 22 Meán Fómhair 2023 i gCúil an tSúdaire, Port Laoise, Maighean Rátha, Baile an Bhicáire agus Móinteach Mílíc. Tá sé mar aidhm ag an Lá Fágála Bealaigh an pobal faoi mhíchumas agus an pobal níos leithne a thabhairt le chéile chun “smaoineamh ar riachtanais daoine ar gach leibhéal cumais agus ligean dóibh na spásanna a dhéanaimid talamh slán dóibh a roinnt.”

Gníomhú ar son na hAeráide / Cláir Chomhshaoil

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ)

I mí Feabhra 2023, eisíodh Treoir Aire a thug sainordú d'fhorbairt agus glacadh Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ) laistigh de bhliain amháin. Mar ullmhúchán don tionscnamh sin, ullmhaíodh trí thuarascáil riachtanacha bunaithe ar fhianaise ag comhairleoirí seachtracha: Measúnú Riosca ar an Athrú Aeráide do Chontae Laoise, Anailís ar Fhardal Astaíochtaí Bunlíne do Chontae Laoise, agus Anailís ar Fhardal Astaíochtaí Bunlíne don Chrios Dícharbónaithe (Port Laoise). Rinneadh oiliúint fairsing do Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil (PGAÚÁ), lena n-áirítear Ceardlanna Earnála, Seimineár Gréasáin agus seisiúin oiliúna go pearsanta.

Rinneadh ceardlanna comhairliúcháin phoiblí ar an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil ón 16 go 25 Bealtaine 2023, i gcomhthráth le comhairliúcháin ar Straitéis Forbartha Áitiúil Chontae Laoise (SFA 2023-2027) agus Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Laoise 2023-2028, chun ailíniú beartais ar fud gach plean a chinntiú.

Bhí an comhairliúchán poiblí don Dréachtplean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Laoise ar siúl ón 1 Samhain go dtí an 14 Nollaig. Chun ionchur áitiúil a spreagadh, óstáladh clinicí Pobail Gníomhaithe ar son na hAeráide i gceithre leabharlann ar fud Laoise. D'éascaigh na seisiúin buail isteach seo cainteanna oscailte ar an PGAÚÁ. Cuireadh an PGAÚÁ faoi Dhian-Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) agus faoi Mheasúnacht Chuí (MC). Fuarthas comhairle ón gCoiste um Beartais Straitéiseacha Gníomhú ar son na hAeráide agus Pobail ag gach cloch mhíle tríd an bpróiseas ar fad. Cuirfear an PGAÚÁ i láthair le glacadh ag Cruinniú na Comhairle i mí Eanáir 2024.

Ciste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide

Ceapadh Oifigeach Pobail nua um Gníomhú ar son na hAeráide i mí Feabhra 2023. Tacóidh an tOifigeach Pobail nua um Gníomhú ar son na hAeráide le pobail rochtain a fháil ar an gCiste Pobail um Gníomhú ar son na hAeráide. Ní mór do thionscadail dul i ngleic le ceann amháin nó níos mó de na téamaí seo a leanas; fuinneamh, taisteal, bia agus dramhaíl, siopadóireacht agus athchúrsáil, agus aeráid áitiúil agus gníomhú comhshaoil. Is ionann an maoiniú iomlán a leithdháileadh ar Laois agus €465,000.

Cónaidhm na mBailte Slachtmhara Laoise

Is eagraíocht ar leith í Cónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara, a bunaíodh sa bhliain 1998 agus 33 grúpa cláraithe aige. Tá sí fós mar acmhainn ríthábhachtach agus tacaíocht do na Bailte Slachtmhara, ag cothú comhoibrithe pobail, roinnt eolais agus feabhsaithe timpeallachta. Léirigh an próiseas moltóireachta, a rinne comhaltaí díograiseacha an choiste, an comórtas láidir ar fud gach catagóire, agus an tiomantas agus iarrachtaí ghrúpaí na mBailte Slachtmhara a chur in iúl maidir leis an timpeallacht áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú. Ba é buaicphointe na bliana ná nuair a bhuaigh Mainistir Laoise an Baile is Slachtmhara in Éirinn don bhliain 2023.



Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus Seimineár

Bhí an Cruinniú Ginearálta do Chónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara ar siúl in Castle Arms Hotel, Darú i mí Feabhra 2023. Bhí seimineár ar siúl chomh maith ag Cónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara i gCamros ar an 19 Meitheamh agus grúpaí pobail, díograiseoirí timpeallachta agus eagraíochta áitiúla á dtabhairt le chéile chun rannpháirtíocht pobail, cleachtais inbhuanaithe agus caomhnú bithéagsúlachta a fhiosrú. Cuireadh radharc iontach ar áilleacht agus tionscadail timpeallachta an tsráidbhaile ar fáil do rannpháirtithe ag an imeacht, a raibh turas ar siúl ann a raibh Johanna McDonald Steenkist i gceannas air.

Comhairliúcháin Duine ar Dhuine de chuid Choiste na mBailte Slachtmhara

Rinne moltóirí na mBailte Slachtmhara, an tUasal Billy Flynn agus an Iníon Sharon Eastwood, dhá lá de chlinicí comhairleacha ar an 17 agus 18 Aibreán ag Áras an Chontae, Port Laoise. Bhí athbhreithniú deasca ar siúl leis na seisiúin sin ar aighneachtaí 2022, agus ina dhiaidh sin fuarthas aiseolas agus moltaí chun pointí a fheabhsú agus a uasmhéadú i gcomórtais amach anseo.

Gradaim Chónaidhm na mBailte Slachtmhara Laoise 2023

Chuir 17 nGrúpa na mBailte Slachtmhara iarratais isteach do Ghradaim Chónaidhm Laoise na mBailte Slachtmhara 2023, agus bhí an mholtóireacht agus an plé ar siúl i mí Lúnasa 2023. Cuireadh na gradaim i láthair ag na Gradaim Pobail agus Deonacha ar an 3 Samhain. Aithníodh leis na gradaim sin na héachtaí sármhaithe i seacht bhfo-chatagóir agus bhuaigh Coiste na mBailte Slachtmhara na Cloiche (Sráidbhaile na Tuairime Foriomláine) agus Coiste na mBailte Slachtmhara Phort Laoise (Baile na Tuairime Foriomláine) an dá phríomh-dhuais.

Bainistíocht Fuinnimh

Bhí ról ríthábhachtach ag Comhairle Chontae Laoise, ag feidhmiú mar an príomhúdarás do Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre trí chlárú mar an príomhúdarás chuig ÚFIÉ Pathfinder. Tá na cúig údarás áitiúil uilig i gceist leis an iarracht chomhoibríoch seo laistigh de Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre. Faigheann an comhaontú trí bliana maoiniú 50% don iarfheistiú domhain ar fhoirgnimh na Comhairle, agus clúdaíonn sé 50% de chostais chomhairleoireachta a bhaineann leis. Mar ullmhúchán don ÚFIÉ Pathfinder, aithníodh sa Tuarascáil chuimsitheach Bearna go Cuspóir 29 foirgneamh ar fud Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre le cur san áireamh, agus 8 gcinn acu suite i Laois.

D'eagraigh an Oifig Fuinnimh Plean Gníomhaíochta saincheaptha um Bhainistíocht fuinnimh a mhair dhá lá d'údarás áitiúla Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre agus d'fhreastail foirne fuinnimh inmheánacha ó gach údarás orthu. Glacann gach údarás áitiúil de chuid Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre páirt sa Chlár Daoine a Mhealladh de chuid ÚFIÉ agus aithníodh Comhairle Chontae Laoise mar eiseamláir. Fuair an Chomhairle leithdháileadh mór de €16,000 chun feachtas bliana "Fuinneamh Dearfach" a fhorbairt. Cuireadh an feachtas Fuinneamh Dearfach i láthair mar Chás-Staidéar ag an seoladh náisiúnta den Fheachtas D'Úsáid a Laghdú i mí Dheireadh Fómhair 2023.

Cé go bhfuiltear ag fanacht ar thorthaí feidhmiúcháin ÚFIÉ na hEarnála Poiblí don bhliain 2022, léiríonn scórchártaí Chomhairle Chontae Laoise feabhsú 47.7% ar éifeachtúlacht fuinnimh, i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Feasacht Comhshaoil

Rinne an Rannóg Gníomhú ar son na hAeráide sraith chuimsitheach de thionscnaimh feasachta timpeallachta a chuaigh i bhfeidhm go mór ar dhaoine agus a léirigh tiomantas straitéiseach don inbhuanaitheacht, caomhnú bithéagsúlachta agus rannpháirtíocht ghníomhach an phobail a chothú.

Gairdín Taispeántais Bithéagsúlachta ag Ionad Oideachais Laoise

Bronnadh €34,000 ar Chomhairle Chontae Laoise faoin gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil le haghaidh Gairdín Taispeántais Bithéagsúlachta ag Ionad Oideachais Laoise, a fheidhmeoidh mar uirlis foghlama do mhúinteoirí a fhreastalaíonn ar an Ionad le haghaidh oiliúna. Taispeánfaidh sé gníomhartha praiticiúla is féidir le scoileanna a fhorbairt chun tacú leis an mbithéagsúlacht ar fud an réigiúin. Tá tírdhreachú an tionscadail seo

críochnaithe agus forbrófar an chomharthaíocht a chuirfidh leis an leabhrán “Biodiversity in your Garden”, arna cur ar fáil ag Comhairle Chontae Laoise. Beidh an oscailt oifigiúil ar siúl san Earrach 2024.

Acmhainní um Gníomhú ar son na hAeráide

D’fhorbair Comhairle Chontae Laoise Acmhainn Gníomhaithe ar son na hAeráide do ranganna 2-6, a leithdháileadh ar na 80 bunscoil uilig sa chontae. Cuimsítear leis an trealamh cuimsitheach seo pleannanna ceachta atá ailínithe leis an gcuraclam, físeáin beochana, curtha i láthair le Powerpoint, agus cluichí foghlama idirghníomhacha le haghaidh oideachas atá éifeachtach ar son na haeráide. Chuir Susan Adams, ó Oideachas don Inbhuanaitheacht, físeán teagasc ar fáil do mhúinteoirí chun úsáid an trealaimh a uasmhéadú. Saibhrítear an t-ábhar le sraith físeán beochana de chuid an Dr. Niamh Shaw.

Sraith Antartaice

Mar shíneadh leis an acmhainn seo, rinne Comhairle Chontae Laoise urraíocht ar shraith Ceardlann Antartach, a raibh an Dr. Niamh Shaw i gceannas air, i gcomhar le hIonad Oideachais Laoise, agus bhí blaganna físeáin ar siúl uathí agus ó na 70 taiscéalaí agus eolaí baineanna a bhí léi. Cuireadh ceacht foghlama a chuir leis na téamaí ar fáil gach seachtain do ranganna a ghlac páirt sa sraith. Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal seo le comórtas scoile maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, a thaispeánfar ag Ionad Oideachais Laoise i mí Feabhra 2024.

An Staidéar A Playful City

Chuaigh Comhairle Chontae Laoise i dteagmháil le Comhairleoirí A Playful City a réachtáil tionscadal Playful Active School Zone ar bhonn píolótach i bPort Laoise i mí Meithimh 2023, chun níos mó áiteanna poiblí spráíúla, sláintiúla agus ionchuimsitheacha a chruthú chun an taisteal gníomhach a spreagadh. Tá 5 de na 6 bhunscoil i bPort Laoise suite sa cheantar Achadh an Chairn gar do bhealach nua na Trióige. Cinneadh na hidirghabhálacha trí cheardlanna comhchruthaithe agus ionchur ó fhreagraí suirbhé de 500 ball an phobail, i gcomhar le Rannóg Thaisteal Gníomhach na Comhairle.

Rinne an Chathair Spráíúil tuairisc a ullmhú agus a chur i láthair i mí Lúnasa 2023 maidir le hidirghabhálacha molta le haghaidh Bhealach na Trióige, Páirc an Phobail, agus Limistéar Scoile Achadh an Chairn, chun taisteal gníomhach a spreagadh.

Sraith Físeáin Gníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Chontae Laoise

Rinne an Fhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide sraith físeáin de 14 chuid, agus gníomhaíochtaí Chomhairle Chontae Laoise á n-aithint i dtreo inbhuanaitheachta thar réimse seirbhísí agus feidhmeanna, lena n-áirítear pailneoirí, iarfheistiú tithíochta, taisteal gníomhach, Soláthar Poiblí Glas, agus Teicneolaíocht Faisnéise.

Féile na mBabhdán Dharú a ghlású

Mhaoinigh rannóg Gníomhú ar son na hAeráide roinnt tionscnamh amhail Féile na mBabhdán Dharú 2023, chun tacú leis an imeacht a ghlású. Rinneadh comharthaíocht ‘Déan d’Fhéile a Ghlasú’ a fhorbairt agus a chur ar taispeáint ar fud na féile, agus béim á cur ar an tábhacht a bhaineann le dramhaíl a dhealú agus a chosc. Soláthraíodh urraíocht do léiriúchán amharclainne agus ceardlann leanaí dar teideal “Scanrúil cheana féin – Cúis Imní atá ann” ina raibh téama ghníomhú ar son na haeráide agus chaomhnú talún portaigh.

Mol glas Chúil an tSúdaire

Chuir Comharghrúpa Ealaíon Chúil an tSúdaire agus Cumann Gnó Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe Chúil an tSúdaire togra isteach i gcomhar le Comhairle Chontae Laoise le haghaidh Tionscadal Mhol Glas. Bhí an togra sin ar cheann de shé cinn a roghnaíodh go náisiúnta agus fuarthas maoiniú €10k ó Oifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir agus Lár na Tíre.

- **Tionóladh imeachtaí Suí, Ól** agus Fuaigh ón 22 - 27 Eanáir 2023 i gCúil an tSúdaire ina bhfuaigh baill an phobail Mo Bhrat Bhríde, i suíomh réchúiseach agus cupán tae acu, a scairfeanna uaschúrsáilte i ‘mbrat Bhríde’, agus seantraidisiún Naomh Bríd á thabhairt ar ais chomh maith le cuspóir agus ré nua á tabhairt do scairfeanna agus seálta dara láimhe agus nach raibh de dhíth. Tionóladh iad i gcaiféanna agus bialanna áitiúla agus ba í an aidhm ná drochthionchar chupáin caifé aonúsáide a léiriú.

- **Ransú Araidí**

- Tháinig comhairleoir bhainistíocht dramhaíola ar cuairt i mí Márta 2023 agus rinneadh cúpla “ransú araidí”/ iniúchtaí dramhaíola le gnólachtaí áitiúla rannpháirteacha. Rinneadh Tuarascálacha ar Iniúchtaí Dramhaíola le haghaidh 12 ghnólacht áitiúla.

- **Taispeántas Gragoyles**

Cuireadh ealaíontóirí i gcomhpháirtíocht le gnó agus coimisiúnaíodh iad chun “Gragoyles” a dhéanamh óna ndramhaíl chun cosc ar dhramhaíl iomarcach a léiriú. Tionóladh imeacht taispeántais inar léiríodh na “Gragoyles” in Solas ar an 21 Aibreán 2023. Bhí na “Gragoyles” ar taispeántas ag an suíomh seo ar feadh tréimhse 6 seachtaine.

Ionad Adhlactha

Tá an Rannóg Pobail freagrach as 27 talamh gníomhacha adhlactha laistigh den tír. Cuirtear cúnaimh deontais ar fáil do choistí deonacha reilige agus rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar roinnt ionad adhlactha mar chuid den chlár bliantúil oibreacha.

Sa bhliain 2023, tógadh cosáin agus pliontaí nua i Móinteach Mílic agus Baile Cholla chomh maith le hoibreacha laghdaithe riosca lena áiríodh crainn chrochta agus guaiseacha tuisle a bhaint i bPort Laoise, Mainistir Laoise agus Ioma.

An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Sa bhliain 2023, bhí obair ar siúl ar 5 scéim i gCill Uisean, Cúil an tSúdaire, Baile na Coille agus Baile Átha an Róine D’iarr Chomhairle Chontae Laoise ar mhaoiniú ó 5 scéim bhreise faoin scéim Bailte agus Sráidbhailte 2023, agus fógraí maidir le hiarratais rathúla á ndéanamh go luath sa bhliain 2024.



An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF)

Teach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí.

I ndiaidh iarratais rathúil chun na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, Catagóir 2 Bronnadh maoiniú deontais RRDF de mhéid €212,332.00 ar Chomhairle Chontae Laoise le haghaidh Chaomhnú agus Athchóiriú an Tí Cúirte Bhuiríos Mór Osraí. Ceapadh Ailtireacht Howley Hayes Cooney mar fhoireann dearaidh don

togra seo. Deonaíodh cead pleanála in R3 2023 agus faoi láthair, tá an tionscadal ag Céim 2B in ullmhúchán le haghaidh tairiscintí. Cuirfear iarratas le haghaidh mhaoiniú Chatagóir 1 RRDF isteach chun na Roinne i mí Feabhra 2024.

Mol Fiontraíochta Pobail Dharú

I ndiaidh iarratais rathúil chun na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, bronnadh maoiniú deontais Chatagóir 1 RRDF de mhéid €1,787,110 i leith Moil bheartaithe Fiontraíochta Pobail i nDarú, Contae Laoise. Ceapadh Ailtirí Bluett & O'Donoghue mar phríomhdhearthóir.

Tús Áite do Lár an Bhaile

I mí Feabhra 2022, sheol an Rialtas beartas Tús Áite do Lár an Bhaile (TCF) a bhfuil sé mar aidhm aige lár bailte a chruthú chun feidhmiú mar shuíomhanna tarraingteacha, bríomhara, agus inmharthana do dhaoine chun cónaí, obair agus cuairt a thabhairt ann, agus iad ag feidhmiú freisin mar mhol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus fóillíochta don phobal áitiúil. Cheap an t-údarás áitiúil Oifigeach Athnuachana Baile i mí Aibreáin 2023 chun Beartas Tús Áite do Lár an Bhaile a chur i bhfeidhm i Laois. Seoladh an Plean Tús Áite do Lár an Bhaile le haghaidh Ráth Domhnaigh i mí na Nollag 2023.

Leis an bplean seo, soláthraítear fíis d'fhorbairt leanúnach Ráth Domhnaigh, foirgneamh a cheannach isteach ó úinéirí reatha maoinne agus pobail áitiúla. Sa Phlean TCF le haghaidh Ráth Domhnaigh, tá tograí le haghaidh 5 thionscadal suntasacha agus plean gníomhaíochta 10 mbliana a bhfuil sé mar aidhm acu forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an bhaile a chur chun cinn chun leasa an phobail.

Is gné ríthábhachtach do sholáthar rathúil an Phlean ná Foireann Bhaile a chruthú chun obair a dhéanamh i gcomhar leis an gComhairle. Sa bhliain 2023, thug an tOifigeach Athnuachana Baile agus an Chomhairle páirtithe leasmhara pobail le chéile a dhéanann ionadaíocht thar ceann earnálacha éagsúla ar fud an bhaile Ráth Domhnaigh chun Foireann Bhaile a dhéanamh. Beidh an Fhoireann Bhaile ag obair i gcomhar leis an gComhairle chun torthaí dearfacha a sholáthar don bhaile.

Maignean Rátha

Athbhunaíodh an Fhoireann Bhaile i Maignean Rátha sa bhliain 2023 agus tá sí tiomanta i leith Lár an Bhaile a athnuachan. Tá ionadaithe ó ghrúpaí áitiúla pobail laistigh den bhaile mar chuid d'Fhoireann Bhaile Mhaignean Rátha agus i dtosach, díreoidh sí ar thionscadail a chuirfidh athbheochan shóisialta agus eacnamaíoch Lár an Bhaile Mhaignean Rátha chun cinn. Tacaíonn an Chomhairle agus an tOifigeach Athnuachana Baile leis an bhfoireann.

Táscairí Feidhmíochta 2022

Céatadán na scoileanna áitiúla a bhfuil baint acu leis an scéim comhairle áitiúla óige/ Comhairle na Nóg

100%

Céatadán na n-eagraíochtaí a bhfuil san áireamh ar an gCláráitheoir Contae agus sciar na n-eagraíochtaí sin a bhfuil mar chuid den Choláiste Ionchuimsiú Shóisialta leis an PPN.

12.88%

AN RANNÓG SPÓIRT AGUS FÓILLÍOCHTA

Soláthar Fóillíochta

Leanann ionaid Fóillíochta Phort Laoise agus Chúil an tSúdaire, a fheidhmíonn mar Phort Laoise fóillíochta Laoise agus Cúil an tSúdaire fóillíochta Laoise, le bheith á mbainistiú ag an mbord deonach de chuid Fhóillíochta Laoise. Bíonn seirbhís den scoth á soláthar ag an dá ionad don phobal, agus bhain Port Laoise agus Cúil an tSúdaire Fóillíochta ‘Thar Barr’ amach sna Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta don bhliain 2023/24. Leanadh le mionoibreacha feabhsúcháin á soláthar ag an dá ionad le linn na bliana 2023 chun feabhas a chur ar chaighdeán seirbhíse, rochtana, agus éifeachtúlachta fuinnimh.

Cuireadh iarratais ar mhaoiniú isteach faoin gClár um Chaipiteal agus Trealamh Spóirt i mí Mheán Fómhair 2023 le haghaidh oibreacha uasghrádaithe ag an dá ionad.

Leanann Comhairle Chontae Laoise le comhairle agus tacaíocht a sholáthar do Chumann Forbartha Pobail Bhaile na Coille, a dhéanann Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille a fheidhmiú. Chuidigh an Oifig Spóirt agus Fóillíochta le Cumann Forbartha Pobail CLG Bhaile na Coille le linn na bliana. Ina theannta sin, rinne Comhairle Chontae Laoise ranníocaíocht airgeadais do chostais sábháilteachta agus foirne maidir leis an áis a fheidhmiú do shéasúr an tsamhraidh 2023.

Saoráidí Súgartha

Bhainistigh Comhairle Chontae Laoise fiche a dó saoráid súgartha sa bhliain 2023, a d'éiligh clár bliantúil suntasach deisithe agus cothabhála. Rinneadh uasghrádú suntasach ar chlós súgartha an Dúnáin i mí Iúil 2023 agus lean le Comhairle Chontae Laoise ag cur le feabhsúcháin rochtana agus bithéagsúlachta ar roinnt spásanna súgartha le linn na bliana 2023.

Ina theannta sin, chuir an Chomhairle iarratas isteach go rathúil faoi bhráid na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar mhaoiniú €18,000 faoin gClár Caipitil Clós Súgartha chun clós súgartha Mhóinteach Mílíc a uasghrádú.

Leanann Comhairle Chontae Laoise le cabhair a thabhairt do ghrúpaí áitiúla maidir le clóis súgartha pobail a fhorbairt. D’oscail an Cathaoirleach Thomasina Connell MCC Clós Súgartha Bhuiríos Mór Osraí agus MUGA go hoifigiúil i mí Meithimh 2023. Cuireadh tús le clós súgartha an Bhaile Fhinn a shuiteáil i mí Mheán Fómhair 2023, agus osclófar don phobal é go luath sa bhliain 2024.

Gradam an Bhrait Ghlais do Pháirceanna

D’oibrigh an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta le rannóga eile chun Gradam an Bhrait Ghlais a leathnú d’áiseanna eile pobail agus Comhairle le linn na bliana 2023 le Páirc an Phobail, agus a Gradam an Bhrait Ghlais don bhliain 2023/24 á choinneáil ag Port Laoise. Chuir Páirc na hAthrach Breen, Mainistir Laoise an doiciméadacht riachtanach ar fad i gcrích agus cuireadh isteach é lena meas.

Seachtain na Rothar

Is clár náisiúnta é Seachtain na Rothar 2023 a spreagann daoine a rothair a úsáid le haghaidh taistil agus fóillíochta agus bhí sé comhordaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus maoinithe ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Fuair an Chomhairle maoiniú €23,827.50 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Clár Sheachtain na Rothar 2023 a sholáthar. Chomhordaigh an Chomhairle os cionn caoga imeacht le cúnamh ó scoileanna agus ó chomhpháirtithe pobail ar fud na tíre, a bhí ar siúl le linn mhí Bealtaine 2023. I measc na n-imeachtaí, bhí rothaíochtaí spráilúla teaghlaigh, imeachtaí rothaíochta scoile agus rothaíochtaí ionaid oibre, lena áiríodh tionscnaimh inmheánacha Chomhairle Chontae Laoise chun fostaithe a spreagadh rothaigh chun na hoibre agus chun cruinnithe. D’eagraigh Comhairle Chontae Laoise in éineacht le Rothair a fháil ar Cíos Phobal Dharú siompóisiam ar Rothaíocht Tuaithe, a bhí ar siúl i nDarú le linn Sheachtain na Rothar. D’fhreastail réimse leathan gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha ar an imeacht seo, ina raibh eochairchainteoirí ó eagraíochtaí náisiúnta. Bhí líon na ndaoine a ghlac páirt i ngníomhaíochtaí Sheachtain na Rothar i bhfad níos fearr ná a bhíodhas ag súil leis, agus páirt á glacadh ag os cionn 2,000 duine de gach aois sna himeachtaí agus gníomhaíochtaí.

CLÁR GNÍOMHAÍOCHTA DO LEANAÍ AGUS DO DHAOINE ÓGA

An tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Súgartha

Is comhthionscnamh é an tSeachtain Náisiúnta Caitheamh Aimsire/Lá Náisiúnta Súgartha idir an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus na hÚdaráis Áitiúla. Sholáthair an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta Chomhairle Chontae Laoise sraith ceardlanna i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla ar fud na tíre i mí Iúil agus mí Lúnasa 2023. Dhírigh na himeachtaí seo ar Phobail Súgartha a Chruthú, chun leanaí agus daoine óga i gceantair spriocdhíritha a chur ag imirt allamuigh agus a bheith páirteach i mBabhdáin a dhéanamh, Mainicíneacht Ailtireachta, Ceardlanna Rothaíochta Sléibhe.

Tionscadail Speisialta 2023

Tionscadail CLÁR

Leanadh le hobair ar thionscadail CLÁR a fhorbairt agus a phróiseáil le linn na bliana 2023. Fuarthas maoiniú le haghaidh aon tionscadal fóillíochta déag sa bhreis faoi CHLÁR 2023. Cuireadh iarratais isteach faoi Bheart 1 faoin gclár CLÁR 2023. Fógraíodh maoiniú €68,648 i mí na Nollag 2023 le haghaidh dhá thionscadal Bheart 1 sa Chloch agus Baile Adaim, agus táthar ag súil le fógraí breise go luath sa bhliain 2024.

Cuireadh trí chlár maoinithe CLÁR i gCamros i láthair le linn mholtóireacht Mhórtas Ceantair i mí Iúil 2023, agus bhí éifeacht an-dearfach aige sin ar na moltóirí.

Scéim Bonneagair Áineasa Allamuigh (ORIS)

Leanadh le hobair ar na tionscadail forbartha agus cothabhála le linn na bliana 2023. Cuireadh iarratais isteach faoi na Bearta ar fad faoin gclár ORIS 2023. Fuarthas maoiniú €44,280 i mí na Nollag 2023 faoi Bheart Forbartha ORIS le haghaidh staidéar féidearthachta chun ceantar áise chois abhainn a fhorbairt i nDoire Fhuinsigh, Cúil an tSúdaire.

Tionscadail Éire Shláintiúil 2023

Lean Comhairle Chontae Laoise le **Clár Páirceanna Gníomhacha** a sholáthar sa bhliain 2023, lena n-áirítear seachtain Feasachta Meabhairshláinte 'Laois Connects' i mí Dheireadh Fómhair, agus soláthraíodh na cláir i gceantair phoiblí/páirceanna i bPort Laoise, Cúil an tSúdaire, Móinteach Mílic, Baile an Chaisleáin, Mainistir Laoise agus an Sráidbhaile. Leis an gclár, soláthraítear seisiúin saor in aisce gníomhaíochta do dhaoine fásta agus do ghrúpaí de gach aois agus cumas, a bhí thar a bheith rathúil agus a glacadh go maith leis sna pobail ar fad.

Tá trí phlean sonraithe á n-ullmhú i gcomhairlíúchán leis na trí cheantar tithíochta sóisialta sa tSráidbhaile, Port Laoise agus Maighean Rátha, mar thoradh ar an tionscadal **Spásanna Súgartha**. Fuarthas maoiniú €10,000 faoin gCiste Aitheantas Pobail chun tús a chur leis an bplean a sholáthar le haghaidh Chois na hAbhann/Bhruch na hAbhainn i bPort Laoise.

Ba chomhthionscnamh é **Light Up Laois**, soláthartha ag Laois Shláintiúil, Obair Óige Éireann, agus grúpaí áitiúla pobail i mí na Nollag 2023. Áiríodh leis seo soláthar seirbhísí de cheardlanna Laidéir a dhéanamh, ag teacht chun deiridh le roinnt imeachtaí a thugann léargas ar mheabhairshláinte dhearfach, lena n-áirítear siúlóid 3km i bPort Laoise le loidéir agus ceiliúradh an-rathúil Grianstad an Gheimhridh i mBaile an Bhiocáire ar an 21 Nollaig, ar fhreastail 150 duine air agus a chomhordaigh an Mol Gníomhaíochta agus Folláine SBBTM.

Tacaíocht do Chlubanna/do Ghrúpaí Pobail

Le linn na bliana 2023, lean an Oifig Spóirt agus Fóillíochta le bheith ag obair go rathúil le clubanna, scoileanna, agus grúpaí pobail chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus é a tharraingt anuas chun a saoráidí a fhorbairt lena áiríodh:

- Scéim Deontais Trealamh agus Caipiteal Spóirt.
- Scéim um Bonneagar Spóirt ar Mhórscála
- An Clár CLÁR
- Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte
- Scéim Bonneagair Caitheamh Aimsire Lasmuigh (ORIS)

Tionóladh ceardlann an-rathúil Scéim Deontais Trealamh agus Caipiteal Spóirt i gcomhpháirtíocht le Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) Laoise, agus mar thoradh air sin, chuir clubanna, scoileanna agus eagraíochtaí pobail i Laois uimhir thaifid iarratas isteach sa bhliain 2023.

Clár Tacaíochta do Mhuintir na hÚcráine

Ina theannta sin, sholáthair an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta 8 n-imeacht sa bhliain 2023 mar chuid den Chlár Tacaíochta do Mhuintir na hÚcráine, inar soláthraíodh siúlóidí imeasctha agus gníomhaíochtaí fóillíochta i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla pobail.

Moil Ghníomhacha Pobail

Leanann an Rannóg Spóirt agus Fóillíochta ag obair le Comhpháirtíocht Spóirt Laoise agus le pobail áitiúla chun tacaíocht a sholáthar do Mhol an tSráidbhaile/Bhaile an Bhiocáire/Thigh Mochua agus Mol Ráth Domhnaigh/Eiréil. Is é aidhm an Mhoil Phobail ghníomhaigh deiseanna gníomhaíochta coirp inbhuanaithe a chur chun cinn i bpobail áitiúla.

Operation Transformation

In éineacht leis an Mol Gníomhaíochta agus Folláine SBBTM, thug an Chomhairle cúnamh do sholáthar Operation Transformation le linn mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2023, agus ba é an Sráidbhaile an príomhshuíomh le haghaidh scannánaíochta. Thug an clár cuairt ar sheacht suíomh ar fud na tíre agus taispeánadh íomhánna agus gníomhaíochtaí pobail a chuir an tír chun cinn ar bhealach thar a bheith dearfach chomh maith le léargas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí pobail atá ar fáil. D'fhreastail os cionn 1500 duine ar na Dúshláin Seachtainiúil Ad Break agus dar leis na grúpaí a ghlac páirt, bhí méadú suntasach ar líon na ndaoine a d'fhreastail ann i ndiaidh an chláir.

SÁBHÁILTEACTH UISCE LAOISE

Feasacht ar Shábháilteacht Uisce, 2023

Reáchtáil Comhairle Chontae Laoise, i gcomhar leis an gCoiste Ceantar Sábháilteachta Uisce Laoise roinnt imeachtaí tábhachtacha chun Feasacht ar Shábháilteacht Uisce a chur chun cinn sa bhliain 2023. Rinneadh cuairteanna grúpa pobail agus scoileanna, agus soláthraíodh cainteanna ar bhunfeasacht ar shábháilteacht uisce agus taispeántais baoi tarrthála.

Cuireadh béim sna himeachtaí sin ar an tábhacht a bhaineann leis an seaicéad cuí tarrthála/ áis chúí snámhachta a chaitheamh i snámh allamuigh agus ar na contúirtí a bhaineann le húsáid inséidigh.

Ranganna Sábháilteachta Uisce, 2023

Sábháilteacht UISCE Éireann – Soláthraíodh go rathúil i Laois Ranganna Sábháilteachta Uisce an Earraigh agus an Fhómhair le linn na bliana 2023 ag Fóillíocht Laoise, Port Laoise. Reáchtáladh Seachtain Snámha 2023 i Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille i mí Meithimh 2023. Ar an iomlán, ghlac 125 duine fásta agus leanbh páirt i ranganna Sábháilteachta Uisce i Laois le linn na bliana. Éiríodh go maith le clár an fhómhair a leathnú chun oiliúint saor in aisce ar shábháilteacht uisce a sholáthar do na seirbhísí tarrthála.

Seachtain Snámha i Linn Snámha Allamuigh Bhaile na Coille: Sábháilteacht Uisce na hÉireann

An Clár ‘Paws’

I gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise agus Ionad Fóillíochta Phort Laoise, lean Comhairle Chontae Laoise ag tacú go rathúil leis an gClár um Shábháilteacht Uisce do Bhunscoileanna (PAWS) agus é a sholáthar. Thug teagascóirí Laoise - de chuid Shábháilteacht Uisce Éireann cuairt ar bhunscoileanna i Laois le linn na bliana 2023.

An Comórtas Domhanda Treabhdóireachta 2023

D’oibrigh oibrithe deonacha de chuid Shábháilteacht Uisce Éireann Laoise i stalla ag an gComórtas Domhanda Treabhdóireachta i Ráithín an Uisce ar feadh trí lá agus scaip siad faisnéis agus ábhar bolscaireachta thar ceann Shábháilteacht Uisce Éireann.

Baoithe Tarrthála

Le linn na bliana 2023, lean Comhairle Chontae Laoise le hiniúchadh, cothabháil, tógáil agus uasghrádú a dhéanamh ar bhaoithe tarrthála ag suíomhanna uisce oscailte ar fud an chontae. Sa bhliain 2023, chuir an Chomhairle ordú isteach le haghaidh 26 braiteoir baoithe i ndiaidh mhaoiniú a fháil ón tionscnamh SMART Solutions atá faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE**LEABHARLANNAÍ CONTAE:****Bernie Foran**

Lean Leabharlanna Poiblí i Laois le seirbhís éifeachtach agus nua-aimseartha a sholáthar trí líonra d’ocht gcrabhbh leabharlanna do gach ball, agus rochtain saor in aisce ar leabhair, ríomhleabhair, spás cruinnithe agus staidéir, cúrsaí agus imeachtaí saor in aisce do leanaí agus do dhaoine fásta, faisnéis rialtais agus Comhairle, seirbhísí ar líne agus áiseanna clódóireachta/wifi /idirlín á soláthar dóibh.

Leabharlann Nua Phort Laoise

D’oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, leabharlann nua an Chontae go hoifigiúil ar an bPríomhshráid ar an Luan, 17 Eanáir. Soláthrófar leis an leabharlann nua seirbhís leabharlainne leathnaithe agus feabhsaithe don chontae ar fad agus a saoránaigh. Ní hamháin gur féidir leabhair a fháil ar iasacht agus staidéar nó tasc a dhéanamh ann, ach beidh Leabharlann Phort Laoise mar áit chun scíth a ligean agus anáil a tharraingt i gcroílár an bhaile. Beidh an leabharlann mar spás fáilteach saor in aisce don phobal agus do chuariteoirí, agus éascófar soláthar fhaisnéis chultúrtha agus oideachais, soláthrófar rochtain dhigiteach saor in aisce ar WIFI, Ríomhairí pearsanta agus réimse imeachtaí saor in aisce ann. Tá suíomh lárnach ag an leabharlann ar an bPríomhshráid, a bheidh mar ghné shuntasach d’fhorbairt na Ceathrún Cultúrtha i gcroílár stairiúil Phort Laoise, agus an Dúnfort Cosanta agus Phlás Mhic Mhuiris ar taispeáint ann.

Is foirgneamh úrnua é an suíomh, a sholáthraíonn spás poiblí leabharlainne os cionn 1500 méadar cearnach. Tugadh spás breise isteach ón gcúil le haghaidh spás leabharlainne, lena n-áirítear limistéar léitheoireachta cúng allamuigh ina bhfuil plandú, a éascóidh féilte cultúrtha agus taispeántais. Ar an mbunurlár, tá seirbhísí ginearálta iasachtaithe de leabhair, meán agus stoc eile leabharlainne, agus limistéir sainithe ar leith do dhaoine fásta agus do leanaí. Soláthraítear leis an gcéad urlár spásanna staidéir, limistéar do dhéagóirí, seomra léitheoireachta stair áitiúil díograiseach, agus seomra pobail ina mbeidh imeachtaí pobail agus gníomhaíochtaí grúpaí. Beidh stóráil leabhair agus oifigí foirne ar an dara hurlár. Osclaíodh an leabharlann don phobal ar an Máirt, 18 Iúil ar uaireanta lánaimseartha, am lóin san áireamh.

Ó osclaíodh é, cuireadh fáilte roimh 76,813 cuairteoir go dtí an leabharlann (18 Iúil 2023 - 31 Nollaig 2023) agus eisíodh 45,639 earra stoic sa tréimhse sin. Ba é €7.1m costas tógála an fhoirgnimh gan costas suímh san áireamh. Fuair an Chomhairle €3,035m ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail don tionscadal mar aon le €125k le haghaidh stoic bhreise leabhair. Sholáthair an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht líne maoinithe suas go €2.7m faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach don tionscadal seo.

Seirbhísí Leabharlainne - Clár Léitheoireachta agus Litearthachta

Chláraigh 1,500 leanbh ón gcontae le haghaidh an Clár bliantúil léitheoireachta réalta samhraidh de chuid chlár réaltaí Samhraidh Leabharlainne Laoise 2023. Reáchtáladh clár imeachtaí ar fud an chontae inar óstáladh os cionn 300 imeacht aonair, chun léitheoirí óga a spreagadh ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann. Don bhliain 2023, rinne an tseirbhís leabharlainne Storystroll Leabharlainne a chruthú agus a óstáil i bpáirceanna poiblí allamuigh. Athchruthaíodh leis an Storystroll údar áitiúil ó Laois, Donna Mills, an leabhar do leanaí “Céard is féidir liom a dhéanamh?” ionas gur féidir le leanaí agus teaghlaigh léamh agus cuairt a thabhairt ansin chuig a leabharlann áitiúil chun tóraíocht taisce agus tráth na gceist a dhéanamh. Cruthaíodh agus bailíodh os cionn 1,250 mála ceardaíochta saor in aisce do léitheoirí óga agus do theaghlaigh a tháinig isteach sa leabharlann. Díróinn Am Teaghlaigh ag Do Leabharlann ar theaghlaigh a bhfuil leanaí óga acu chun páirt a ghlacadh go díreach le leabharlanna agus bíonn sé ar siúl i mí na Nollag. Óstáladh os cionn 70 imeacht agus tinreamh iomlán de 944 ann sa leabharlann. Bhí clár Spring into Storytime ar siúl sna míonna earraigh sna 8 leabharlann, bhí os cionn 31 imeacht do leanaí a chuir léitheoireacht agus leabharlanna chun cinn agus 714 duine i láthair ann ar an iomlán.

Mála Beag Leabharlainne Saor in Aisce

Chuir Seirbhís Leabharlainne Contae Laoise “mo mhála beag leabhair Leabharlainne” ar fáil do gach leanbh a bheidh ag tosú leis an scoil i mí Mheán Fómhair, agus leanaí á spreagadh ballraíocht a ghlacadh ina leabharlann áitiúil. Tá na malaí leabhair ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Go dtí seo, tugadh os cionn 700 mála amach sa chontae, agus ballraíocht leabharlainne sa chatagóir aoise seo á leathnú agus os cionn 500 ball nua leabharlainne á tarraingt. Chun tacú le leanaí agus iad ag tosú leis an scoil, chuir leabharlanna mala leabhar le chéile dóibh ar féidir iad a bhailiú ag leabharlann ar bith. Is comhoibriú idir leabharlanna, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige é an tionscnamh mar chuid den Straitéis Chéad 5.

Clár Tacaíochta do Thuismitheoirí

Bhí Leabharlanna Laoise agus Leabharlanna Uíbh Fhailí an-sásta sraith a sholáthar le chéile de 15 chaint ar líne agus go pearsanta do thuismitheoirí ag céimeanna éagsúla le linn na bliana. Á dtacú agus á maoiniú ag Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, thug an Clár Thacaíocht do Thuismitheoirí cuireadh do shaineolaithe plé a dhéanamh ar réimse leathan ábhar tuismitheora a théann i bhfeidhm ar ár leanaí sa lá atá inniu ann. An aidhm atá leis an gclár ná straitéisí praiticiúla agus simplí a thabhairt do thuismitheoirí chun cúnamh a thabhairt dóibh maidir le caidrimh shláintiúla a chothú lena leanaí agus saincheisteanna a fhreagairt go muiníneach de réir mar a thagann siad aníos. Chomh maith leis sin, ceannaíodh leabhair tacaíochta do thuismitheoirí do gach brainse chun cur leis an stoc atá ar fáil cheana féin.

Maoiniú Cuntais Díomhaoin agus Deontas ICT 2023

Bronnadh Maoiniú Cuntais Díomhaoin ar sheirbhís Leabharlainne i dtreo seirbhísí céadfacha leabharlainne i bPort Laoise de mhéid €5,019.77 (Trealamh agus Acmhainní). Bronnadh cúnamh deontais €40,399.35 ar Sheirbhísí Leabharlainne chun ríomhairí, ríomhairí glúine agus iPadanna a sholáthar dár líonraí poiblí leabharlainne.

Éire Shláintiúil ag do Leabharlann

Sholáthair Leabharlann Contae Laoise, ag obair in éineacht le LGMA, an Roinn Sláinte agus comhpháirtithe áitiúla Éire Shláintiúil, clár éagsúil imeachtaí saor in aisce ar líne agus sa bhrainse. Soláthraíodh 14 chaint leabharlainne a dhírigh ar ábhar a bhaineann le sláinte amhail Imní Déagóirí, Meanapás, Ailse, Uathachas agus Aireachas d’os cionn 300 duine.

Oideachas Pobail LOETB sa Leabharlann

Sa bhliain 2023, i gcomhar le BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, chuir an tseirbhís leabharlainne ranganna saor in aisce ar fáil do dhaoine fásta sna leabharlanna sna réimsí Ealaíne, Scileanna Digiteacha, Scríbhneoireachta Cruthaithí agus Grianghrafadóireachta. Sholáthair an tseirbhís Leabharlainne os cionn 150 seisiún DASS (Scála Dúlagair, Imní agus Brú) ar leith ar fhreastail os cionn 1,141 duine san iomlán orthu i Leabharlanna Dharú, Mhóinteach Mílic, an tSráidbhaile, Phort Laoise, Chúil an tSúdaire, Mhainistir Laoise agus Mhaighean Rátha.

Leabharlann Aoisbhá 2023

Bronnadh stádas “Leabharlann Aoisbhá” ar na 8 leabharlann bhrainse ar fad. Bronnadh é seo mar gheall ar chríochnú rathúil an Chláir Náisiúnta aitheantais Leabharlann Aoisbhá i ngach leabharlann sin.

Leabharlann Tearmainn

Lean leabharlanna Laoise le Leabharlann Tearmainn a sholáthar sna pointí seirbhíse ar fad.

Fuair an tseirbhís leabharlainne Maoiniú Comhtháthú trí Choistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óig chun os cionn 16 imeacht a sholáthar do 270 leanbh agus a dteaghlaigh, dírithe ag tacaíocht a thabhairt do theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu sna hIonaid Seirbhíse Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta agus iad ag imeascadh ina bpobail áitiúla.

Óstáladh imeachtaí Oíche Chultúir i Leabharlann Phort Laoise freisin mar chuid den Chlár Tearmainn.

[Stair Áitiúil agus Staidéir ag Leabharlann Nua Phort Laoise.](#)

Bhog an limistéar staidéir áitiúil go limistéir tiomnaithe na leabharlainne nua.

Soláthraíonn an áis nua rochtain méadaithe ar leabhair, mapaí, lámhscríbhinní, grianghraif agus cartlanna a bhaineann le Laois agus tá sé ar oscailt don phobal ar uaireanta lánaimseartha.

[Bhí ‘an Bailiúchán Terry Redmond’](#) ar cheann de na taispeántais is mó a raibh tóir orthu sa spás nua leabharlainne sa seomra staire áitiúla agus is taispeántas dubh agus bán é ón ngrianghrafadóir a d’oibrigh i Laois ó na 1950idí go dtí na 1970idí.

[Deich mBlia na gCuimhneachán](#)

D’éascaigh seirbhísí Leabharlanna Contae Laoise na clár thíos mar chuid de Chlár Deich na gCuimhneachán agus tacaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Comhairle Chontae Laoise leo faoi Shnáithe Pobail de Chlár Deich mBlia na gCuimhneachán 2023.

[Staráí Cónaithe Laoise](#)

Bhí sé mar aidhm ag an gcónaitheacht sa bhliain 2023 leanúint le beocht a chur san eispéireas de gach rannóg sochaí Laoise céad bliain ó shin. Trí úsáid a bhaint as na hacmhainní agus cartlanna Leabharlainne Contae Laoise, d’fhorbair Terry Dunne, staráí cónaithe clár rannpháirtíochta agus taighde a bhreathnaigh ar ghnéithe éagsúla de stair Laoise sa tréimhse réabhlóideach. Tacaíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Comhairle Chontae Laoise leis an gcónaitheacht faoi Ghné Pobail de Chlár Deich mBlia na gCuimheachán 2023. Tá buaicphointí 2023 liostaithe thíos - Tabhair faoi deara gur bhain gach post blog i scríbhinn agus taighde le Laois sa tréimhse sin, agus go bhfuil na sonraí ar fáil ag an nasc seo: <https://laoislocalstudies.ie/articles>

1. Ceann de na mairbh Chnoc na gCaiseal ab ea Captaen Michael Dunne
<https://laoislocalstudies.ie/captain-michael-dunne-one-of-the-dead-of-knocknagoshel/>
2. Bás dochtúra
<https://laoislocalstudies.ie/bás-dochtúra/>
<https://laoislocalstudies.ie/from-the-trenches-to-the-streets/>
<https://laoislocalstudies.ie/recollections-of-old-times-from-1914/>
3. Cúirteanna Dháil go Tréadaíocht Eallaigh
Sa cheann seo, sa samhradh 1920, mhéadaigh agóid talmhaíochta agus tá Sinn Féin ag iarraidh srian a chur le córas nua cúirteanna Dháil - agus dul in áit údarás Londain agus an méid sin á dhéanamh.
<https://www.youtube.com/watch?v=BL!MyK2LtZA>
4. Mí Aibreáin 1920 - Is é ‘Mí Réabhlóide’ eagrán 2 de phodchraoladh ‘Talamh Deighilte’ Terry Dunne. San eagrán seo, tugtar léargas ar thaispeántas ‘Talamh don Mhuintir’ a bhí ar siúl i gCill Uisean i mí Aibreáin 1920.

Thacaigh Maoiniú Dheich mBliana na gCuimhneachán leis na cainteanna staire thíos

- ‘Iarratais Dílseora Laoise ar Dhara Coiste Deontais na hÉireann’ 2 Cainteanna ag Staráí Cormac Moore
- Stair Bheo na hÉireann - sraith de sheónna idirghníomhacha staire do leanaí ag Mike Moylan
- Labhair Marita Conlon McKenna (údar) le leanaí Laoise faoina húrscéalta agus an spreagadh a fuair sí ó stair na hÉireann.
- Labhair Nuala Hayes - scéalaí le leanaí faoina n-oidhreacht áitiúil, mbéaloideas agus nósanna áitiúla ó 100 bliain ó shin.
- An Garda Bhaile Átha Cliath sa chogadh cathartha ag John Dorney
- An Áise Theas Éireann - ceangail radacacha ag an Ollamh Laurence Cox agus an tOllamh Comhlach Catherine Candy
- An cogadh cathartha agus an tAcht Talún le Terry Dunne Staráí Cónaithe agus Tony Carley - iarléachtóir sa Roinn Eolaíochta Polaitíochta
- Eispéiris Protastúnacha Réabhlóid na hÉireann agus an tSaorstáit le Ida Milne, Emmet O’Connor agus Ian D’Aiton
- Scileanna digiteacha do stair áitiúil le béim ar thaighde a dhéanamh ar thaifid pinsin na hÉireann agus Taifid Daonáirimh na hÉireann - ceardlanna a thug an staráí Regina Dunne i leabharlanna brainse.
- Caint ar Dhíorma um Chúnamh Oibrí Deonach an Chéad Chogadh Domhanda ag Regina Dunne
- Ceardlanna ceird traidisiúnta idirghníomhacha na hÉireann do leanaí ag Donna Gilligan
- Ceardlanna Idirghníomhacha Staire do Leanaí ag Alan Dunne i leabharlanna Mhaighean Rátha agus Dharú.

Ceannach stoic staire do leabharlanna brainse

Thacaigh an Clár Dheich mBliana na gCuimhneachán le Leabharlanna Contae Laoise le tacaíocht ó ábhair léitheoireachta a bhaineann le hÉireann a cheannach, lena n-áirítear ábhair do dhaoine óga. Cuimsítear sa chuid sin stair, beathaisnéis, ficsean na hÉireann, cultúr, spórt agus litríocht nua-aimseartha na Gaeilge agus ábhar léitheoireachta. Is seirbhís inrochtana agus saor in aisce do gach rannóg an phobail iad seirbhísí leabharlainne an chontae. Cuideoidh an tacaíocht airgeadais ó dheontas leabhar Dheich mBliana na gCuimhneachán le bailiúcháin leabharlainne a fhorbairt agus a nuashonrú do dhaoine fásta agus do pháistí araon. Is iad aidhmeanna an tionscnaimh seo ná cinntiú go bhfuil stoc d’ábhar na hÉireann ar ardchaighdeán foilsithe amhail stair, cultúr na hÉireann agus ábhar ginearálta na hÉireann ar fáil don phobal le fáil ar iasacht agus brabhsáil a dhéanamh inár leabharlanna poiblí.

Clár Digitithe 2023

1. Tomás O Monachain / Tomás Ó Mannacháin 1881-1953 - Rinneadh páipéir a dhigitiú mar chuid den Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2023.
Tomás Ó Mannacháin- múinteoir taistil i Laois agus Uíbh Fhailí. Bhí Tomás mar bhall Chuideachta A den 3ú Briogáid Laoise Theas na n-oibrithe deonacha agus teachtaireachtaí á dtabhairt timpeall na tíre. Bhí Tomás páirteach i Sraith Gaelic i Laois agus tabharfaidh digitiú na cartlainne seo léargas don tréimhse seo i Laois. Fuair seirbhís Leabharlainne Contae Laoise tabharthas den chartlann thuas.
2. Fuarthas Bailiúcháin Staire na hÉireann ó Bhéal Taifeadta a bhaineann le Laois ó Life agus Lore na hÉireann, Tionscadail Staire ó Bhéal.
3. Cuireadh Digitiú agus Micreascannánú an Nuachtáin Nationalist 2002-2012 i gcrích sa bhliain 2023, le tacaíocht ó Mhaoiniú Laoise Éire Ildánach.

4. Bailiúcháin Grianghrafadóireachta Johnny O Brien - Rinneadh tuilleadh digitithe ar an mbailiúchán uathúil grianghrafadóireachta seo.

Clár Laoise Éire Ildánach 2023

Sa bhliain 2023, thacaigh an clár Laoise Éire Ildánach le réimse leathan tionscadal agus imeachtaí le linn na bliana, seo thíos sampla de chuid de na tionscadail sin.

Cruinniú na nÓg 2023

Ar an 10 Meitheamh 2023, rinneadh Cruinniú na nÓg a cheiliúradh. Bhí na céadta leanbh agus duine fásta i láthair ar an lá a bhí thar a bheith rathúil. Buíochas le gach duine a chomhoibrigh linn chun lá iontach de chruthaitheacht agus spraoi a sholáthar. Bhí na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí ar siúl i bPort Laoise, Ráth Domhnaigh, Móinteach Mílic, Cúil an tSúdaire, Mainistir Laoise, agus an Sráidbhaile.

Is lá de chruthaitheacht é Cruinniú na nÓg Laoise do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun 18 mbliana a dhéanann ceiliúradh agus a spreagann rannpháirtíocht i gcultúr agus i gcruthaitheacht trí rudaí a dhéanamh agus a chruthú ó na taibhealaíona agus amharc-ealaíona go ceardlanna agus eachtraí san oidhreacht, sna leabharlanna, sa chultúr, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht. Bhí na himeachtaí saor in aisce, áitiúil agus bunaithe ar ghníomhaíochtaí.

- An Scéim Deontais Oidhreachta trí Ealaín - I mí Lúnasa 2023, d'fhógair Laois Ildánach scéim deontais do phobail agus d'ealaíontóirí chun obair a dhéanamh le chéile agus gnéithe d'oidhreacht Laoise á bplé agus á gcur i láthair trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne. Bhí roinnt iarratas rathúil, lena n-áirítear na trí cinn a luaitear thíos.
- An Coiste um Chaomhnú Seaneaglais Dhíseart Aonghais a choimisiúnaigh an t-ealaíontóir Aileen Donovan chun Seaneaglais Dhíseart Aonghais a phéinteáil i bhfoirm aicrilih. Léiríodh an phéintéireacht chríochnaithe ag clubtheach CLG Pháirc Ráithín an Uisce.
- Thóg foireann Theach Oidhreachta Mhainistir Laoise conair béaloidis síóige ar thailte Theach Oidhreachta do na leanaí áitiúla ar fad chun sult a bhaint as agus chun foghlaim faoin mbéaloidis áitiúil ar bhealach spráúil agus cruthaitheach.
- D'eagraigh an Coiste Chrann Nollag Mhóinteach Mílic roinnt ceardlann cruthaitheach dar teideal 'Tionscadal Réalta an Ghleanna' a dhírigh ar roinnt léirithe fuinneoige a fhorbairt le haghaidh Nollag 2023 i gcearnóg Sheoirsiach an bhaile.
- Fuair Club Ceamara Phort Laoise tacaíocht ó mhaoiniúchán ónár gciste ginearálta pobail chun taispeántas agus seoladh leabhair Laoise trí Lionsa' a fhorbairt, a seoladh ag Ionad Ealaíona Dhún Másc.
- San Fhómhar, chuir Laois Ildánach scairt amach chuig Cleachtóirí Digiteacha. Cuireadh beirt iarratasóirí san áireamh sa chónaitheacht dhigiteach seo, Margaret Kane-Rowe agus Emily Miller a d'oibrigh ar roinnt tionscadal digiteach oidhreachta.
- Bronnadh Sparánach Gearrscannáin Laoise 2022 ar Denis McArdle, a tháirg The Light Within a seoladh ag Ionad Ealaíona Dhún Másc sa bhliain 2023.
- Thacaigh Laois Ildánach freisin le roinnt tionscadal lenár gcomhpháirtithe cultúrtha sa Leabharlann agus sna Ranna Ealaíona agus le hIonad Ealaíona Dhún Másc agus Giniúint Ceoil Laois.

Táscairí Feidhmíochta 2022

Líon na míreanna a eisíodh chuig iasachtaithe leabharlainne sa bhliain	170,294
Líon ball cláraithe na leabharlainne sa bhliain	18,748

Carmel McNicholl

Leanann Saorstáit Éireann le ról tábhachtach a bheith aige i gcomhréir leis an Treoir Shealadach Cosanta 2001/55/EC, chun foscadán agus cóiríocht a sholáthar do shaoránaigh na hÚcráine agus iad ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Leathnaítear an tréimhse cosanta sealadaí a tugadh faoin Treoir seo go mí Márta 2025 anois. Chuir an Rialtas Rialacháin Pleanála ar leith i bhfeidhm freisin chun tacú le soláthar tapa beartaithe de chóiríocht éigeandála, le linn 2022 agus 2023. Soláthraíodh leo sin go mbeidh aicmí áirithe d'fhorbairt shealadach, chun cóiríocht a sholáthar do dhaoine easáitithe ón Úcráin agus áiteanna eile, saor ó sholáthair áirithe an Achta Pleanála agus Forbartha, le haghaidh tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2028.

Lean Roinn Freagartha na hÚcráine den Chomhairle ar aghaidh le linn na bliana 2023 chun obair a dhéanamh leis na ranna ábhartha rialtais, Cros Dhearg na hÉireann agus geallsealbhóirí eile, agus gníomh ar an talamh á chomhordú, agus na tacaíochtaí riachtanacha á soláthar agus aghaidh á tabhairt ar na dúshláin a thagann chun cinn. Áiríodh leis seo:

- Leanúint le gnó an Fhórait Freagra Phobal na hÚcráine il-gheallsealbhóirí, a bhainistíonn an tacaíocht áitiúil agus freagra imeascadh ag gach ceann dár 10 n-Ionad Cóiríochta Éigeandála do mhuintir na hÚcráine timpeall Laoise, in éineacht leis an Ionad Idirthréimhseach Cóiríochta sa tSráidbhaile, agus ag forbairt na dtithe modúlacha i Ráth Domhnaigh.
- Roghanna cuí de chóiríocht fholamh laistigh den tír a aithint agus tús a chur lena n-athchóiriú, le haghaidh soláthar cóiríochta do mhuintir na hÚcráine atá ag teacht go hÉireann.
- Tacaíocht a thabhairt don Roinn Lánpháirtíochta (an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óig) agus an OOP, agus na 42 Tithe Modúlacha á soláthar do theaghlaigh na hÚcráine ag 'Corrán an Tobair', Ráth Domhnaigh, agus tacaíocht a thabhairt do na daoine atá ag teacht isteach.
- 52 teaghlach ón Úcráin a chur le theaghlaigh óstaigh, agus i réadmhaoine folmha á soláthraítear agus á mbainistiú tríd an Scéim Náisiúnta 'Tabhair Dídean'.

Ag deireadh na bliana 2023, bhí 1,426 saoránach na hÚcráine easáitithe i gContae Laoise. Bhí thart ar 414 dóibh siúd suite in ionaid éagsúla chóiríochta, agus an chuid eile dóibh ag Corrán an Tobair/ Ráth Domhnaigh (Tithe Modúlacha), agus i gcóiríocht a fuarthas go príobháideach nó i gcóiríocht gheallta.

Ar leithligh le linn na bliana 2023, bhí méadú ar líon na dteifeach a tháinig chuig ár gcladaí agus Cosaint Idirnáisiúnta á lorg acu. D'fhormheas an rialtas, i ndiaidh gealltanais a leagtar amach sa Pháipéar Bán maidir le deireadh a chur le córas an tSoláthair Dhíreach, bunú córas buan comhtháite ag leibhéal áitiúil a sholáthróidh tacaíocht do na teifigh ar fad. Bhí earcaíocht chun Seirbhís Tacaíochta Lánpháirtíochta Chomhairle Chontae Laoise ar siúl go déanach sa bhliain 2023, agus cuirfear tús le hoibreacha i mí Eanáir 2024, ón Ionad Acmhainne Treo Nua, Port Laoise, ina bhfuil na seirbhísí pobail agus tacaíochtaí cláir bunaithe cheana féin. Tacóidh an fhoireann nua leis na teifigh nua a tháinig, agus iad a nascadh le príomhsheirbhísí tacaíochta, agus cónaitheacht neamhspleách a éascú, agus uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn, agus lánpháirtíocht a spreagadh.

- **Glanadh Suas Limistéir Spásanna Oscailte - Dumpáil Mhídhleathach**

Le linn na bliana 2023, thug an Rannóg Comhshaoil faoi 642 tona de dhramhaíl dumpáilte go mídhleathach a bhaint i suíomhanna éagsúla timpeall an chontae.

Seachtain Ghlanta Laoise

Bhí Seachtain Ghlanta Laoise ar siúl ón 17 go dtí an 21 Aibreán 2023. Tá Glantachán Náisiúnta Earraigh feidhmithe ag An Taisce ón mbliain 1999 i leith i gcomhpháirt leis an Roinn Timpeallachta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus údaráis áitiúla ar fud na tíre.

D'oibrigh Comhairle Chontae Laoise agus a hurraitheoirí Bord na Móna le pobail áitiúla chun páirt a ghlacadh sa troid in aghaidh caithimh bhruscair. Chláraigh grúpaí, pobail, comharsana agus cairde leis an Rannóg Comhshaoil chun pacáí málaí, lámhainní agus bainteoirí bruscair a fháil chun cabhrú le dul i ngleic le fadhb an bhruscair. Bhailigh Bord na Móna an bruscar le linn na seachtaine dar tús an 24 Aibreán 2023. Is é an tionscnamh seo an feachtas frithbhruscair is mó agus is faide atá ar siúl in Éirinn agus bíonn fóorthionchar aige ar thimpeallachtaí áitiúla. Chláraigh 104 grúpa agus ghlac níos mó ná 1,497 oibrí deonach páirt sa ghlantadh suas.

Le linn na bliana 2023, bhog na Maoir Bhruscair, i ndáil le comhoibriú grúpaí pobail mar aon le conraitheoirí faofa ag an gComhairle 335.78 tona de dhramhaíl a dumpáladh go mídhleathach go dtí saoráidí ceadaithe.



Láithreáin Diúscartha Dramhaíola Neamhrialaithe Stairiúla

Fuarthas maoiniú roinne chun Measúnuithe Riosca Timpeallachta a dhéanamh le haghaidh 3 láithreán diúscartha dramhaíola neamhrialaithe stairiúla (Achadh an Iúir, Cill Abáin, agus Bóthar Ráth Domhnaigh, Darú). Rinneadh na Measúnuithe Riosca Láithreán seo agus cuireadh Iarratais Teastais Cheada do gach saoráid faoi bhráid an GCC.

Cosaint Timpeallachta

Tá foireann Cosaint Timpeallachta bainteach le cur i bhfeidhm reachtaíochta agus beartais maidir le caighdeán uisce abhann agus screamhuisce, caighdeán an aeir agus truailliú torainn mar a bhaineann siad le Laois.

A) Caighdeán an Uisce

- Rinneadh measúnú ar thart ar 96 iarratas pleanála, agus cruthaíodh tuarascálacha ar bhearta chun truailliú uisce a chosc. Tugadh faoi imscrúduithe feirmeacha agus dobharcheantar i ndobharcheantair na Dúghlaise, na Bearú agus Abhainn an tSráidbhaile. Is é cuspóir na n-imscrúduithe ná feabhas a chur ar chaighdeán an uisce sna dobharcheantair abhann atá 'i mbaol' a aithníodh mar dhobharcheantair atá faoi bhrú ó ghníomhaíochtaí talmhaíochta. Rinneadh thart ar 63 iniúchadh feirme. Nuair ba ghá, glacadh gníomh forfheidhmithe cuí.
- Lean an Chomhairle ag déanamh monatóireachta ar cheadúnais sceite chuig aibhneacha agus screamhuisce sa bhliain 2023 faoi Alt 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 go dtí 1990. Bhí 14 cheadúnas i bhfeidhm sa bhliain 2023.
- Rinne an Chomhairle iniúchadh freisin ar dhabhcha séarachais de réir Phlean Iniúchta Náisiúnta 2022-2026 an GCC: Córais Chóireála Fuíolluisce Tí. Eisíodh cúig Fhógra Comhairleach mar thoradh ar na hiniúchtaí seo sa bhliain 2023.
- Rinne Comhairle Chontae Laoise imscrúdú ar líon mór gearán faoi chaighdeán uisce sa bhliain 2023, lena n-áirítear imscrúdú suntasach ar sceitheadh neamhúdaraíthe go dtí An Deighean.
- Rinne Comhairle Chontae Laoise monatóireacht imscrúdaithe ar an Trióg, Abhainn Easa, an Fhuisseog, an Dúghlais agus Abhainn an tSráidbhaile.

B) Caighdeán an Aeir

Bhí Ceadúnas Astaíochtaí Aeir gníomhach amháin sa chontae sa bhliain 2023. Fuair an Chomhairle 41 gearán ar chaighdeán an aeir sa bhliain 2023. I measc cineál na ngearán seo, áiríodh fadhbanna bolaidh thalmhaíochta, dó mídhleathach agus núis dheataigh. Tá 3 stáisiún monatóireachta ar cháilíocht an aeir (Port Laoise, Maighean Rátha agus Cúirt loma) sa chontae. Féadtar teacht ar shonraí beo ar chaighdeán an aeir do na trí stáisiún monatóireachta sa chontae ag www.airquality.ie.

C) Truailiú Torainn

Fuair Comhairle Chontae Laoise 34 gearán torainn sa bhliain 2023. Féadann na gearáin seo a bheith ina ngearáin tí (ceol ard comharsan, madraí ag tafann srl.) nó baint a bheith acu le truailiú torainn ó ghníomhaíochtaí tráchtála/tionsclaíochta.

Bainistíocht Bhruscair - Cosc agus Rialú

Ghlac Comhairle Chontae Laoise le Plean Bainistíochta Bruscair ar an 1 Márta 2022. Is plean reachtúil é atá leagtha amach i Mír 10 in Acht um Thruailiú ó Bhruscar 1997 arna leasú, agus bíonn ar údaráis áitiúla Plean Bainistíochta Bruscair a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm, agus athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean gach trí bliana.

Tá 3 Oifigeach Coiscithe agus Rialaithe Bruscair lánaimseartha ag Comhairle Chontae Laoise.

Tugadh amach 84 fógra um pionós socraithe sa bhliain 2023 do sháruithe ar an Acht um Thruailiú ó Bhruscar, 1997.

I gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla Bailte Slachtmhara, lean an Rannóg Comhshaoil ag cur an fheachtais Frith-Salaithe ag Madraí chun cinn a bhfuil sé mar aidhm aige úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn agus úinéirí madraí a spreagadh chun glanadh suas i ndiaidh a madraí, trí chlár fógraíochta ilghnéitheach le béim ar oideachas agus feasacht phoiblí agus ar iad a spreagadh chun an rud ceart a dhéanamh. Lean an fhoireann ar aghaidh ag obair le grúpaí Bailte Slachtmhara chun Dáileoírí Mutt Mitt a sholáthar thart ar bhealaí siúil choitianta in áiteanna iomadúla.

Bonneagar agus Saoráidí Dramhaíola

Suíomhanna Líonadh Talún agus Ionaid Fóntas Poiblí

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag bainistiú agus ag feidhmiú an Líonadh Talún, an tIonad Aistrithe agus an tIonad Fóntas Poiblí i bPort Laoise. Tá monatóireacht líonadh talún agus cothabháil iarchúraim fós ag dul ar aghaidh. Tá gach oibríocht agus monatóireacht a ndéanamh de réir cheadúnas dramhaíola GCC na saoráide.

Feidhmíonn Ionad Fóntas Poiblí Chúil an tSúdaire faoi bhainistíocht Athchúrsáil Bhord na Móna. Tugann an Rannóg Comhshaoil faoi iniúchtaí suímh rialta lena chinntiú go soláthraítear leibhéil sheirbhíse mhaithe.

Chomh maith leis sin, feidhmíonn an Chomhairle 44 Ionad Fág Anseo (banc buidéal agus cannaí) ar fud an Chontae arna chothabháil ag Athchúrsáil Glassco agus déanann an fhoireann Timpeallachta monatóireacht rialta orthu. Bailíodh 1,612.23 tonnáiste san iomlán d'ábhar in-athchúrsáilte sa bhliain 2023.

Pleanáil

Déanann an Rannóg Comhshaoil measúnú ar iarratais a fhaightear ar chead pleanála maidir le reachtaíocht timpeallachta agus dea-chleachtas a chomhlíonadh.

Is iad na gnáthfhadhbanna atá measta ó dhearcadh timpeallachta ná:

- An bhainistíocht chuí de dhramhaíl tógála agus scartála/glanadh láithreáin
- Pleananna Bainistíochta Cothaitheach

- Bainistíocht Clós Feirme/An Treoir um Níotrátí
- Measúnachtaí Tionchar Torainn
- Oibríochtaí Cairéil
- Monarchana Díleá Anaeróbach

Gradaim agus Gaiscí 2023

Bailte Slachtmhara

Ainmníodh Mainistir Laoise mar “AN BAILE IS SLACHTMHAIRE IN ÉIRINN 2023” ag searmanas Ghradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara 2023 a reáchtáladh i bPáirc an Chrócaigh.



Bronnadh aitheantas speisialta ar Bhailte Slachtmhara Phort Laoise agus bhain siad Bonn Óir mór le rá amach, agus léirigh Bailte Slachtmhara Dharú iarrachtaí inmholta freisin agus bronnadh Bonn Cré-Umha orthu a bhí tuillte go maith acu.

Forléargas Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre ar Úsáid Fhuinnimh sa bhliain 2023

1. Ceannaireacht agus Rannpháirtíocht:

- Leanann Comhairle Chontae Laoise uirthi ag fónamh mar an príomhúdarás áitiúil laistigh de Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre (MEA).
- Glacadh go gníomhach le clár Pathfinder an ÚFIÉ, faoina bhfuil iarfheistiú á dhéanamh ar 26 foirgneamh ar fud cúig údarás áitiúil, ag fáil 50% de chúnamh deontais do sheirbhísí teicniúla agus oibreacha caipitil.

2. Comhlíonadh agus Deimhniú:

- Eisíodh Deimhnithe Fuinnimh Taispeána do gach foirgneamh poiblí a bhfuil achar talún níos mó ná 250m² acu de réir AI 243 (2012).
- Tá Iniúchtaí Fuinnimh i gcomhréir le 51426 (2014) arna leasú tugtha chun críche.

3. Coigilteas Fuinnimh

- Leanann Comhairle Chontae Laoise de bheith rannpháirteach i gClár OOP um Chumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú ag Halla an Chontae.
- Ón mbliain bhonnlíne 2014, tá 467,891kWh coigilte ag Halla an Chontae amháin, arb ionann é agus úsáid bhliantúil fuinnimh de 111 teach Éireannach, rud a léiríonn coigilt fuinnimh de 30%.

4. Anailís Bearna go Sprioc:

- Déantar an anailís seo do gach údarás áitiúil i nGníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre, agus feidhmíonn an anailís seo mar shamhail do chomhlachtaí poiblí chun a bhfeidhmíocht éifeachtúlachta fuinnimh agus astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a mheasúnú thar am.
- I gcomhréir le creat monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh na hearnála poiblí de chuid ÚFIÉ don tréimhse suas go dtí an bhliain 2030, bhí an Chomhairle in ann múnlaí conairí astaíochtaí gáis cheaptha teasa a dhéanamh, ag cur tionscnaimh dhícharbónaithe le chéile le gnóthachain réamh-mheasta ar thaobh an tsoláthair ó chumasc córas leictreachais dícharbónaithe agus bithbhreosla.

5. Feidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh

- Léiríonn na figiúirí is déanaí ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fhuinnimh na hEarnála Poiblí gur bhain Comhairle Chontae Laoise laghdú 51.2% amach in éifeachtúlacht fuinnimh don bhliain 2023, feabhas 3.7% ón mbliain 2022, rud a sháraigh an sprioc laghdaithe 50% a leagadh síos don bhliain 2050.
- Ón mbonnlíne, tá laghdú 36.9% bainte amach ag an gComhairle ar astaíochtaí coibhéiseacha CO₂, arb ionann é agus 1,537 tona.
- Is é sprioc na bliana 2023 laghdú 51% ar astaíochtaí coibhéiseacha iomlána CO₂. Mar sin féin le leictreachas eisiata le fírinne ó ríomhanna astaíochtaí Bhearna go Sprioc, tá laghdú breise 52.3% ag teastáil chun an sprioc iomlán de laghdú 77% a bhaint amach, rud nach mór a bhaint amach trí fheabhsúcháin in éifeachtúlacht téimh agus flít.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Líon na dtithe a bhaineann leas as seirbhís de 3 bhosca bruscair amhail an 31/12/2022	% de thithe a bhaineann leas as seirbhís de 3 bhosca bruscair	Líon na gcásanna truaillithe a bhí mar ábhar gearáin le linn na bliana 2022	Líon na gcásanna truaillithe a dúnadh le linn na bliana 2022	Líon na gcásanna truaillithe a bhí ar lámh amhail an 31/12/2022
12,679	81.73	834	805	56

% den limistéar neamhtruaillithe nó saor ó bhruscar	% den limistéar atá truaillithe go beagán	% den limistéar atá truaillithe go measartha	% den limistéar atá truaillithe go suntasach	% den limistéar atá thar a bheith truaillithe
21	76	2	0	0

% de scoileanna ar bronnadh/athnuadh stádas brataí uaine orthu sa dá bhliain go dtí 31/12/2022.
31.58

Ídiú iomlán bliantúil an chórais phoiblí soilse	Meán-vatacht don chóras soilsiúthe phoiblí	Céatadán den chóras iomlán le soilse LED
3,124	70.55	67.20

SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

OIFIGEACH SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA:

Jim Bolger

Cuireadh tús sa bhliain 2023 leis an bpróiseas chun tacú le Córas Bainistíochta Sábháilteachta (SMS) na Comhairle le pacáiste bogearraí cuí a sholáthar agus é mar aidhm aige é a chur i bhfeidhm sa bhliain 2024. Leanadh ar aghaidh leis an gclár iniúchta a d’fheabhsaigh an bonn fianaise i gcomparáid le héifeachtacht an SMS. Maidir leis an gClár Oiliúna Sábháilteachta, lean an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar acmhainní leordhóthanacha chun a chinntiú gur comhlíonadh oibleagáidí reachtúla. Ina theannta sin, nuair a measadh gur cuí sin, chuir an Chomhairle oiliúint lánroghnach ar fáil. Tháinig méadú ar oiliúint ionduchtúcháin a léirigh earcaíocht leanúnach na Comhairle. Ó thaobh na sláinte ceirde de, chuir an Chomhairle na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil, mar shampla: ár gcláir ionaclaithe agus measúnaithe stáisiún oibre

COSAINTE SHIBHIALTA LAOISE

Cuireann Cosaint Shibhialta Laoise réimse leathan seirbhísí don phobal áitiúil ar fáil, ar nós Garchabhair, Cuardach agus Tarrtháil, Uiscetharrtháil Ghasta mar aon le clúdach a sholáthar d’imeachtaí pobail.

Is é príomhról na Cosanta Sibhialta ná cúnamh a thabhairt i gcás éigeandála, ag tacú le seirbhísí éigeandála ar an líne thosaigh ar nós na Gardaí, FSS agus an t-údarás áitiúil.

SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Lean an tSeirbhís Dóiteáin ar aghaidh ag soláthar seirbhíse ardchaighdeán i réimsí Coisc Dhóiteáin, Oibríochtaí Briogáide Dóiteáin, Feasachta Pobail ar Shábháilteacht ó Dhóiteán agus Mórphleanáil Éigeandála.

D’fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise ar **773** eachtra éigeandála a raibh **249** tine, **385** eachtra seirbhíse speisialta agus **139** rabhadh bréige iontu.

Fuarthas faomhadh ón Stiúrtóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála comhairleoirí a cheapadh chun dearadh mionsonraithe a dhéanamh agus ansin bainistiú tionscadail a dhéanamh ar an stáisiún 2 bhá nua atá beartaithe don Sráidbhaile, ar shuíomh sheanbhunáit na Cosanta Sibhialta.

Fuarthas faomhadh freisin le haghaidh dhá fhearas dóiteáin Aicme B nua, a mhaoineoidh an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála sa bhliain 2024. Chuir An Stiúrtóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála maoiniú ar fáil freisin chun trealamh tarrthála ar chumhacht cadhnaí den chéad ghlúin eile a cheannach sa bhliain 2023.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár chun trealamh a athsholáthar agus a uasdátú sa bhliain 2023 chun caighdeán trealamh a fheabhsú. Cuireadh ár bhfeithicil ilraoin nua 6x6 do thinte fiáine i mbun seirbhíse. Cuireadh seiteanna fearais anáilithe nua agus sorcóirí, dréimírí agus trealamh tarrthála speisialta ar fáil. D'óstáil an tsaoráid oiliúna nua i Mainistir Laoise a céad chúrsaí oiliúna le linn na bliana 2023 freisin.

Soláthraíodh fearas dóiteáin Aicme B nua agus tancaer uisce nua araon sa bhliain 2023, maoinithe ag an Stiúthóireacht Náisiúnta um Dóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála.

Leanadh ar aghaidh leis an gclár chun trealamh a athsholáthar agus a uasdátú sa bhliain 2023 chun caighdeán trealamh a fheabhsú. Cuireadh seiteanna fearais anáilithe nua agus sorcóirí, dréimírí agus trealamh tarrthála speisialta ar fáil.

Chun an tSábháilteacht, Sláinte agus Leas a fheabhsú do chriúnna dóiteáin, leanadh ar aghaidh leis an gclár Treoirilínite Caighdeánacha Oibríochtúla d'oibríochtaí an bhriogáid dóiteáin sa bhliain 2023. Chomh maith leis sin, d'fhaomh an Bhainistíocht Shinsearach lenár gClár Bainistíochta Sláinte, Sábháilteachta agus Leasa agus rinneadh athbhreithniú air 25 uair le linn na bliana.

Phróiseáil an tSeirbhís **92** iarratas ar dheimhniú sábháilteachta agus **55** iarratas ar cheadúnú na Cúirte Dúiche agus Chuarda sa bhliain 2023. Rinneadh iniúchadh ar **32** áitreabh faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003 agus rinneadh **15** iniúchadh lárfeidhmíochta ar áitribh. (Déantar iniúchtaí lárfeidhmíochta agus measúnuithe sábháilteachta dóiteáin ar áitribh ina dtagann an pobal le chéile nuair atá siad ar oscailt don phobal agus áirítear leo láithreacha áitíochta móra, hallaí biongó, tithe ósta, clubanna oíche agus ócáidí faoin aer srl)

Ghlac an tSeirbhís páirt i **407** comhairliúcháin sábháilteachta dóiteáin le daoine den phobal agus comhairleoirí sábháilteachta dóiteáin le linn na bliana 2023. Chomh maith leis sin, tugadh faoi chruinnithe pleanála agus idirghabhálaithe agus cuairteanna suímh ar roinnt imeachtaí ceadúnaithe agus neamh-cheadúnaithe faoin aer, lena n-áirítear Feis Cheoil Electric Picnic agus na Comórtais Náisiúnta Treabhdóireachta. Tugadh faoi iniúchtaí lárfeidhmíochta freisin le linn na n-imeachtaí seo faoin aer.

Thug Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chontae Laoise faoin obair seo a leanas faoi Chuid III d'Achtanna Seirbhísí Dóiteáin 1981 agus 2003.

- A) Iarradh **2** Mheasúnú Sábháilteachta Dóiteáin, atá ceadaithe faoi Alt 18(6) den Acht, a bhí le déanamh ar áitribh ar tugadh faoi deara go raibh easnamh shábháilteachta dóiteáin iontu ach nár éiligh siad gníomhú láithreach.
- B) Soláthraíodh litreacha comhairle maidir le sábháilteacht dóiteáin, atá ceadaithe faoi Alt 18 (4) agus 18 (5) den Acht, do **7** n-áitreabh ar fud an Chontae.

Tugadh faoin gClár Sábháilteachta Dóiteáin do Bhunscoileanna ar fud an Chontae idir Deireadh Fómhair agus Nollaig 2023. Bhí na hocht stáisiún dóiteáin ar fad bainteach leis an gclár seo.

Reáchtáladh an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteáin idir an 9 agus 15 Deireadh Fómhair 2023 agus thug pearsanra na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála sna hocht stáisiún dóiteáin, cuir i láthair ar shábháilteacht dóiteáin sa bhaile. Dhírigh na cuir i láthair go sonrath ar an déimeagrafach ar bhain an baol is mó leo, is é sin daoine níos sine na 65. Reáchtáil Grúpa Sábháilteachta Dóiteáin Phobal Laoise (i measc bhaill an ghrúpa, tá Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Chontae Laoise, Nasc Áitiúil TFI Laoise Uíbh Fhailí, Lónra Rannpháirtíochta Phobal Laoise agus Aoisbhá Laoise) comórtas le brathadóir deataigh baile a bhuachan sna nuachtáin áitiúla, raidió, Facebook, X (Twitter roimhe seo) agus ar leathanach www.laois.ie. Tá pearsanra Seirbhíse Dóiteáin, ó na hocht stáisiún, ag suiteáil brathadóirí deataigh i dtithe na n-iarrthóirí a bhuaigh ar fud an Chontae faoi láthair.

Suiteáladh brathadóirí deataigh freisin i níos mó ná 600 teach ar fud an Chontae ó tosaíodh an comórtas bliantúil seo sa bhliain 2018. Lena chois sin, sholáthair Grúpa Sábháilteachta Dóiteáin an Phobail teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht dóiteáin go gníomhach chun díriú ar an déimeagrafach ar bhain an baol is mó le linn na Seachtaine um Shábháilteacht ó Dhóiteáin agus ag Oíche Shamhna. Bhain an Grúpa úsáid as téacsanna,

TIONSCADAIL UM BONNEAGAR, SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA AGUS TIONSCADAIL SPEISIALTA

teachtaireachtaí WhatsApp, nuachtáin áitiúla agus na meáin shóisialta chun teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht dóiteáin a sholáthar agus d’áirigh an clár nua seo comhfhreagras chuig na **650+** grúpa pobail ar fad atá ar fáil trí Líonra Rannpháirtíochta Phobal Laoise.

Rinneadh cothabháil ar na saoráidí Mórbhainistíochta Éigeandála uilig, agus rinneadh uasdátú ar gach plean, fo-phlean agus nós imeachta cuí le linn na bliana.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Costas in aghaidh an Chaipitil

€52.78

Meánam i nóiméid a thógtar chun fios a chur ar bhriogáid dóiteáin maidir le cásanna dóiteáin i stáisiúin dóiteáin (am iomlán)	Meánam i nóiméid a thógtar chun fios a chur ar bhriogáid dóiteáin maidir le cásanna dóiteáin i stáisiúin dóiteáin (coinnithe)	Meánam i nóiméid a thógtar chun fios a chur ar bhriogáid dóiteáin maidir le gach cás éigeandála (neamh-dhóiteáin) eile (am iomlán)	Meánam i nóiméid a thógtar chun fios a chur ar bhriogáid dóiteáin maidir le gach cás éigeandála (neamh-dhóiteáin) eile (coinnithe)
N/A	5.32	N/A	5.19

% de chásanna dóiteáin a bhfreastailítear orthu laistigh de 10 nóiméad	% de chásanna dóiteáin a bhfreastailítear orthu tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	% de chásanna dóiteáin a bhfreastailítear orthu tar éis 20 nóiméad	% de gach cás éigeandála eile a bhfreastailítear orthu laistigh de 10 nóiméad	% de gach cás éigeandála eile a bhfreastailítear orthu tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	% de gach cás éigeandála eile a bhfreastailítear orthu tar éis 20 nóiméad
27.86	62.76	9.38	32.67	55.12	12.21

Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA DON TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL**STIÚRTHÓIR SEIRBHÍ:**

Angela McEvoy

A/INNEALTÓIR SINSEARACH:

Trevor Hennessy

ARDOIFIGEACH FEIDHMEANNACH:

Georgina Ireland

ARDOIBRÍ SÓISIALTA:

Fionnuala Daly

Comhaltaí*An Clr. Thomasina Connell**An Clr. Barry Walsh**An Clr. Caroline Dwane Stanley (Cathaoirleach)**An Clr. Paschal McEvoy**An Clr. Catherine Fitzgerald***Earnála***Michael Kelly Óg, (Forbairt/Tógáil)**Yvonne McKeon (Gnó/Tráchtála)**Michael Cobbe (Cuimsiú Sóisialta)**Sheelagh Coyle (Timpeallacht/Caomhantas)***SEIRBHÍ TITHÍOCHTA**

Is é an Príomhchuspóir don Tithíocht ná cinntiú go bhfuil caighdeán lóistín chónaithe sásúil ag gach saoránach atá oiriúnach dá riachtanais, agus chomh fada agus is féidir, in áit agus i seilbh a rogha agus chun seirbhís tithíochta fhreagrúil agus tacúil a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cúnaimh de dhíth orthu.

Tuarascáil ar SPC

Chruinnigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha don Tithíocht 5 huairé sa bhliain 2023 - Márta, Aibreán, Meitheamh, Meán Fómhair agus Nollaig. Phléigh agus thug na Comhaltaí saincheisteanna éagsúla faoi deara.

Tithíocht Do Chách 2022 - 2026

De réir phlean an Rialtais do Thithíocht dar teideal "Tithíocht do Chách 2022-2026", tá **Plean Gníomhaíochta Soláthair Tithíochta** Chomhairle Chontae Laoise maidir le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne i Laois don tréimhse ar fáil ar <https://laois.ie/wp-content/uploads/LCC-Housing-Delivery-Action-Plan-2022-2026.pdf>

Soláthar Tógáil Tithíochta Shóisialta

Cuireadh de chúram ar Chomhairle Chontae Laoise 534 aonad nua tithíochta sóisialta a chur ar fáil roimh an mbliain 2026. Go dtí seo faoin bplean 'Tithíocht do Chách', tá 515 aonad nuathógtha seachadta ag an gComhairle, nó 96% den sprioc go dtí an bhliain 2026.

Spriocanna Soláthair Tithíocht Shóisialta Bliantúil 2022-2026

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Aonaid	200	79	80	87	88	534

Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil

Ba é líon iomlán na n-aonad tithíochta sóisialta nuathógtha a soláthraíodh sa bhliain 2023 ná 286. Soláthraíodh iad seo trí thionscadail lándéanta tógála díreach an údaráis áitiúil, Cuid V, agus i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.



Tá 25 scéim chaipitil tógála díreacha agus lándéanta ar siúl faoi láthair sa tSráidbhaile, Darú, Ráth Domhnaigh, Móinteach Mílic, Baile na Coille, Buiríos Mór Osraí, an Cillín, Baile Uí Laigheanáin, an Dúnán, Maighean Rátha, Cúil an tSúdaire, Port Laoise agus tá siad á gcur chun cinn trí phróiseas Faofa Chéim Chaipitil na Roinne.

Measúnú ar Riachtanais Tithe

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí 1,554 iarratasóir ar liosta feithimh na Comhairle do thacaíocht tithíochta sóisialta.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Cuireadh tús le hÍocaíocht Cúnaimh Tithíochta i Laois ar an 1 Nollaig 2016. Bhí 720 tionóntacht gníomhach faoin 31 Nollaig 2023. Caithfear iniúchadh a dhéanamh ar gach réadmhaoin HAP laistigh de 8 mí ón gcéad uair a íocadh an chéad íocaíocht don tiarna talún.


Tugann Aimsitheoir Áite do Dhaoine gan Dídean an HAP tacaíocht do theaghlaigh gan dídean agus iad ag iarraidh tionóntacht HAP a fháil. Sa bhliain 2023, cuireadh cóiríocht ar fáil do 62 teaghlach gan dídean trí Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta.

Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe

Soláthraíonn agus bainistíonn Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTC) tithíocht shóisialta do dhaoine a cháilíonn do thithíocht agus atá ainmnithe ag an údarás tithíochta. Tá caidreamh dearfach oibre ag an gComhairle leis na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe atá gníomhach sa Chontae.

Chruthaigh Comhairle Chontae Laoise trí bhealaí éagsúla (tógáil nua, athlígian, éadálacha, Cuid V, léasú, ainmniúcháin do CTCanna) 490 tionóntacht sa bhliain 2023.

Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil



TITHÍOCHT INACMHAINNE

Leagtar amach in Acht na dTithe Inacmhainne 2021 agus na Rialacháin ghaolmhara an mheicníocht chun tithíocht inacmhainne a sholáthar agus tithíocht ar cíós thoir.

Is iad seo a leanas na spriocanna íosta do Laois a d’eisigh an Roinn Tithíochta maidir le tithíocht Cheannach Inacmhainne/Costas ar Cíos ag an údarás áitiúil:

	2022	2023	2024	2025	2026	IOMLÁN
Ceannach Inacmhainne LA agus Sprioc Seachadta Costas Cíos	5	7	10	8	8	38

Sa bhliain 2023, d’fhógair Comhairle Chontae Laoise 27 aonad inacmhainne le díol i bPort Laoise faoin scéim Tithíochta Inacmhainne. Tá an Chomhairle i mbun cainteanna le forbróirí a léirigh spéis sa scéim le haghaidh 28 sa bhreis agus atá faoi láthair ag an gcéim deartha do scéim tionachta measctha a thóg an t-údarás áitiúil atá beartaithe le breis agus 40 aonad inacmhainne a chuimsiú.

Is iad Scéimeanna Ceannaigh Inacmhainne Chomhairle Chontae Laoise an chéad rogha *dhigiteach amháin* le haghaidh iarratas ar aon Scéim Tithíochta de chuid Chomhairle Chontae Laoise. Cuireadh comhaontuithe tosaíochta le gach Banc Colún i bhfeidhm sa bhliain 2023 freisin.

Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil

Fanann an glao oscailte agus déantar é a athnuachan go bliantúil le haghaidh Léirithe Suime maidir le:

- Talamh criosaithe go cuí le haghaidh forbairt tithíochta
- Ardsocruithe Ceannacháin Lándéanta d'fhorbairtí cónaithe neamh-tosaithe maidir le tithíocht shóisialta/inacmhainne.

Ils féidir ceisteanna faoi thithíocht inacmhainne a sheoladh ar ríomhphost chuig ár bhFoireann Ceannaigh Inacmhainne ag affordablepurchase@laoiscoco.ie

Bainistíocht agus Cothabháil Tithíochta

Sa bhliain 2023, rinne Comhairle Chontae Laoise dul chun cinn ar bhreis agus 4,900 ordú um obair chothabhála agus rinne siad aisfheistiú ar 159 aonad de stoc tithíochta mar chuid de Chlár Iarfheistithe Lár na Tíre. Cuireadh tús freisin le hoibreacha iarfheistithe ar 46 aonad eile sa bhliain 2023.

Chomh maith leis sin rinneamar oibreacha athligean ar 91 dár réadmhaoin a géilleadh le linn na bliana 2023.



Cóiríocht don Lucht Siúil

Leag Clár Cóiríochta do Thaistealaithe Chomhairle Chontae Laoise 2019-2024 sprioc amach maidir le 37 aonad de thithíocht chaighdeánach údaráis áitiúil a sholáthar. Go dtí seo, tá 78 teach caighdeánach údaráis áitiúil curtha ar fáil ag an gComhairle. Sholáthair an Clár sprioc freisin chun láithreán stad Oak Park a athchóiriú, agus soláthrófar trí bhá bhreise. Tá oibreacha tógála ag leanúint ar aghaidh ar an láthair.

Bainistíocht Eastáit

Tá bainistíocht eastáit fós ina phríomhfheidhm ag an Rannóg Tithíochta a sholáthair raon tacaíochtaí do 63 grúpa cónaitheoirí, lena n-áirítear deontais le haghaidh feabhsú eastát agus péinteáil.

Tithíocht, Athnuachan agus Pleanáil

Ceapadh an dara Oifigeach Idirchaidrimh le Tionóntaí sa bhliain 2023 a d'éascaigh méadú ar iniúchtaí tí go 830.

Plean Straitéiseach Chomhairle Chontae Laoise do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026

Glacadh le Plean Straitéiseach Chomhairle Chontae Laoise do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021 - 2026 i mí na Nollag 2021. Tá an Straitéis seo mar chuid lárnach den Phlean Seachadta Seirbhíse Tithíochta agus cuirfidh sí chun cinn agus tacóidh sí le soláthar cóiríochta do dhaoine faoi mhíchumas le húsáid a bhaint as gach meicníocht chuí soláthair tithíochta.

Sa bhliain 2023, leithdháileadh tithíocht ar 146 teaghlach le duine/daoine faoi mhíchumas ag Comhairle Chontae Laoise agus na Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe éagsúla sa chontae. Is ionann an figiúr seo agus 29.79% de na leithdháiltí iomlána ag Comhairle Chontae Laoise sa bhliain 2023.

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean/Cóiríocht Éigeandála

Lean Comhairle Chontae Laoise ar aghaidh sa bhliain 2023 ag cur lóistín éigeandála ar fáil, nuair ba chúí, do theaghlaigh a bhí gan dídean. Baintear úsáid as gach meicníocht soláthair thithíochta nuair atáthar ag iarraidh cóiríocht a thabhairt dóibh siúd atá measta le bheith gan dídean.

Sa bhliain 2023, chuir 262 teaghlach i láthair mar dhaoine gan dídean: 96 teaghlach agus 166 duine singil.

Chuir an Chomhairle 104 teaghlach in áirithe do Leaba agus Bricfeasta éigeandála sa bhliain 2023. 73 duine singil agus 31 teaghlach. Leithdháileadh tithíocht ó dhaoine gan dídean ar 161 teaghlach; 86 teaghlach agus 75 duine singil.

Cuireann an Chomhairle lóistín agus tacaíochtaí ar fáil do dhaoine gan dídean a bhfuil riachtanais chasta acu, de réir an Phlean Forfheidhmithe Náisiúnta Tithíochta ar Thús 2022-2026. Sa phlean seo, áirítear sprioc chun 35 aonad cóiríochta a sholáthar thar thréimhse cúig bliana, i.e. 7 in aghaidh na bliana.

Iasachtaí agus Deontais

Tá Scéim **Iasachta Tí na nÚdarás Áitiúil (LAHL)** ar fáil ar fud na tíre, in ionad na Scéime Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil na hÉireann roimhe seo.

Tá na hiarratais le haghaidh ceannach réadmhaoine cónaithe nua nó ar athlámh agus le haghaidh féintógálacha. Áiríonn sé freisin ceannach tithe trí scéimeanna Stáit ar nós an Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí agus an Scéim Tithíochta Inacmhainne. Sa bhliain 2023, faomhadh 14 iasacht tí agus díultaíodh do 5 cinn.

Deontas Príobháideach

Sa bhliain 2023, íocadh deontais dar luach €1,236,472 san iomlán faoi na Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas

Rinneadh oibreacha ar luach €523,778.66 chun cabhrú le tionóntaí 46 réadmhaoín. Áiríodh leis an uimhir seo tógáil 2 shíneadh.

Iniúchtaí ar Cíos Príobháideach

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach, trí chigireacht, as a chinneadh an gcomhlíonann réadmhaoín na caighdeáin do chóiríocht ar cíos de réir Rialacháin na dTithe (Caighdeáin do Thithe ar Cíos) 2019.

Ba é an sprioc le haghaidh líon na gcigireachtaí sa bhliain 2023 ná 874.

	1 Eanáir - 31 Nollaig 2023
Líon na maoine a ndearnadh iniúchadh orthu	976
Líon na bhfógraí oibreacha a eisíodh	813

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann iniúchtaí Tithíochta trí ríomhphost a sheoladh chuig propertyinspections@laoiscoco.ie

Aghaidh a thabhairt ar Fholúntas/Athghiniúint

Sa bhliain 2023, bhunaigh Comhairle Chontae Laoise **Foireann Athnuachana ildisciplíneach**, dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhoirgnimh fholmha agus thréigthe sa chontae agus bhí sí comhdhéanta den fhoireann seo a leanas:

- Stiúrthóir Seirbhísí - Tithíocht agus Pleanáil
- Stiúrthóir Seirbhísí - Fóram Freagra na hÚcráine
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach - Tithíocht
- Oifigeach Athnuachana Baile
- Foireann Oifige na dTithe Folamh
- Foireann Theicniúil - An Roinn Tithíochta
- Foireann Theicniúil - An Roinn Pleanála
- Foireann Riaracháin (Láithreáin Thréigthe) - An Roinn Pleanála



ATHGHINIÚINT BAILE

- Beartas agus Straitéis
- Tús Áite do Lár an Bhaile
- Foireann Bhaile



LÁITHREÁIN THRÉIGTHE

- Láithreáin Thréigthe
- Gníomhachtú láithreán tréigthe
- Ag obair le húnéirí
- Ordú Ceannaigh Éigeantaigh



TITHE FOLMHA

- Obair suirbhéireachta
- Réadmhaoine a aithint le haghaidh Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh don tithíocht shóisialta
- Deontais a thabhairt amach

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

Tá sé mar aidhm ag an bhfoireann seo na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach, trí shonraí a bhailiú trí:

- Suirbhéanna folúntais bunaithe ar shonraí GeoDirectory An Post
- Teagmháil leanúnach le húinéirí réadmhaoine
- Rannpháirtíocht trí reachtaíocht láithreáin thréigthe nuair is cuí
- Cuspóirí gnímh an Chéad Phlean Lár an Bhaile do Ráth Domhnaigh agus pleananna baile/sráidbhaile eile.

Áirítear ar an obair a rinneadh go dtí seo:

- Tionscnamh suirbhéireachta maidir le folúntais agus tréigthe i Maighean Rátha agus i Móinteach Mílic;
- Cuireadh tús le rolladh amach na Scéime Croí Cónaithe - ciste d'fhoirgnimh fholmha agus thréigthe i mbailte agus i sráidbhailte
- Rannpháirteach le Coimisiúnú Comhairleoirí don Chéad Phlean Lár Baile Ráth Domhnaigh i gcomhar leis an Rannóg Pobail, agus cuireadh tús le hobair ar an bplean;
- Rannpháirtíocht éascaitheoir chun oibriú le Foireann Bhaile Phort Laoise chun an dara Plean Gníomhaíochta Baile a dhréachtú leis an Aonad Tacaíochta Gnó;
- Leanadh de bheith ag plé leis an Oifig Tacaíochta Gnó maidir le síniú a dhéanamh ar Façade Enhancement agus tacaíocht deontais aghaidh siopa;
- Comhordaíodh seimineár sa bhliain 2023 le Comhaltaí Tofa agus Baill CPS ar Fholúntas agus Tréigean.

Oifig Baile Folamh

Tá ról comhairleach ag Oifig Thithe Folmha le haghaidh foirne údaráis áitiúil go hinmheánach agus go seachtrach mar phointe teagmhála araon do dhaoine den phobal agus páirtithe leasmhara ar thithe/réadmhaoine díomhaoine chun cabhair, eolas agus comhairle a thabhairt ar conas réadmhaoine a chur ar ais in úsáid arís. Aithneoidh siad áitribh fholmha i Laois agus oibreoidh siad le húinéirí réadmhaoine chun na réadmhaoine a úsáid arís chun críocha tithíochta sóisialta agus príobháideacha. Is féidir réadmhaoine fholmha a thuairisciú freisin d'Oifig na dTithe Folamh ar www.vacanthomes.ie nó trí ríomhphost a sheoladh chuig vacanthomes@laoiscoco.ie.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna Oifig na dTithe Folamh:

- Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh faoin gCiste Croí Cónaithe (Bailte).
- Scéim Athchóirithe agus Léasaithe
- Orduithe Ceannaigh Éigeantacha (CPO) ar réadmhaoine folmha chun úsáid chónaithe sa todhchaí a chinntiú

Suirbhéanna Folúntais

Sa bhliain 2023, rinne an Fhoireann Tithe Folmha suirbhé ar réadmhaoine a sainathnódh a bheith folamh i sonraí a chuir GeoDirectory ar fáil (trí thionscnamh de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 2022). Rinneadh suirbhé ar 916 réadmhaoine san iomlán sa bhliain 2023. Fuarthas go raibh 551 réadmhaoine folamh agus as na cinn sin, measadh go raibh 37 réadmhaoine i riocht tréigthe. Déanfaidh Foireann na dTithe Folamh a dícheall dul i dteagmháil le húinéirí na réadmhaoine folmha agus breac-chuntas

a thabhairt ar na scéimeanna atá ar fáil chun na réadmhaoine seo a úsáid arís mar thithíocht shóisialta. I gcás nach féidir úinéireacht a bhunú, leanfar le fiosrúcháin áitiúla maidir le húinéireacht, stair na bhfolúntas, srl. Sa chás go bhfuil gach bealach eile chun na réadmhaoine a chur ar ais in úsáid ídithe, féadfar breithniú a dhéanamh ar an bpróiseas Ordú Ceannaigh Éigeantaigh chun réadmhaoine a mheastar a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta a fháil.

Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh

Seoladh an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folamh faoin gCiste Croí Cónaithe (Bailte) i mí Iúil 2022 chun cur ar chumas iarratasóirí teach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo a iompú ina phríomháit chónaithe phríobháideach. Nuair a seoladh an deontas, níor cuireadh san áireamh ach sealúchais fholmha i mbailte agus i sráidbhailte. Leathnaíodh an deontas i mí na Samhna 2022 chun maoin fholmha incháilithe i gcathracha, i mbailte, i sráidbhailte agus i suíomhanna tuaithe a áireamh.

Ón 1 Bealtaine 2023, leathnaíodh an deontas a thuilleadh chun réadmhaoine a chuirtear ar fáil ar cíos a áireamh agus méadaíodh an t-uasmhéid maoinithe atá ar fáil freisin. Soláthraíonn an scéim leathnaithe d'iarratais ar réadmhaoine amháin a chuirfead ar fáil ar cíos, chomh maith le réadmhaoine amháin a bheidh mar phríomháit chónaithe phríobháideach an úinéara. Tá uasmhéid de dhá dheontas ar fáil d'iarratasóir. Níl ach deontas amháin ar fáil do réadmhaoine fholmha atá á cur ar fáil ar cíos.

Seo a leanas staitisticí an Deontais Athchóirithe Réadmhaoine Folamh do Chomhairle Chontae Laoise amhail an 31 Nollaig 2023:

Líon na n-iarratas ar dheontas a fuarthas	121
Líon na n-iarratas ATÁ CEADAITHE	65
Líon na n-iarratas ATÁ CEADAITHE I bPRIONSABAL	20
Líon na n-iarratas a DIÚLTAÍODH	5
Líon iarratas AISTARRAINGTHE	4
Líon na ndeontas a íocadh le hIarratasóirí	6

Tá tuilleadh eolais ar an Oifig do Thithe Fholmha agus na scéimeanna thuas ar fáil ag www.laois.ie/departments/housing

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Stoc i leith Tithíocht Shóisialta

Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar 01/01/2022	2,272
Líon na n-áitreabh curtha leis an stoc faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil le linn na bliana 2022 (cé acu a tógadh nó a fuarthas)	62
Líon áitribh an Údaráis Áitiúil ar díoladh sa bhliain 2022	12
Líon áitribh an Údaráis Áitiúil ar leagadh sa bhliain 2022	0

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil ar 31/12/2022	2,322
Líon na n-áitreabh faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil atá beartaithe le scartáil faoi scéim cheadaithe na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	3
<u>Folúntais Tithíochta</u>	
% de líon iomlán na dtithe faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil a bhí folamh ar 31/12/2022	1.25
<u>Meánam chun áiteanna a Athlígean amach ar cíos agus meánchostas: Costas Cothabhála de réir an Aonaid</u>	
Meánam ó fágadh an t-áitreabh go dtí an dáta sa bhliain 2022 nuair a tosaíodh tionóntacht nua	24.4 seachtaine
Meánchostas caite ar ullmhú áiteanna cónaithe atá faoi thionóntacht chun iad a athlígean amach ar cíos (€)	16,734.09
Meánchaiteachas in aghaidh an aonaid sa bhliain 2022 maidir le hathchóiriú agus cothabháil Tithíochta an Údaráis Áitiúil (€)	877.60
<u>Iniúchtaí ar Thithíocht ar Cíos san Earnáil Phríobháideach</u>	
Líon na dtionóntachtaí cláraithe i limistéar an Údaráis Áitiúil ag deireadh mhí Meithimh 2022.	N/B
Líon na n-áitreabh ar cíos a ndearnadh cigireacht orthu sa bhliain 2022	1,098
% de na háitribh sa bhliain 2022 a ndearnadh iniúchadh orthu nár chomhlíon rialacháin chaighdeánacha	98.36
Líon na n-áitreabh a mheastar a bheith comhlíontach sa bhliain 2022 (lena n-áirítear iad siúd a measadh ar dtús neamhchomhlíontach)	33
Líon na gcigireachtaí lena n-áirítear ath-iniúchtaí a rinne an t-údarás áitiúil sa bhliain 2022	1,160
<u>Daoine fásta atá Gan Dídean go Fadtréimhseach</u>	
Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtréimhseach mar % de líon na ndaoine fásta gan dídean a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2022.	8.33

PLEANÁIL**ARDPHEANÁLAÍ:****David O'Hara****ARDPHEANÁLAÍ FEIDHMEANNACH:****Donal Kiely**

Is é cuspóir ginearálta na Roinne Pleanála ná forálacha na n-Achtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus céimeanna tacaíochta cuí a sholáthar ionas go gcuirfí folláine fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch an chontae chun cinn chun caighdeán mhaireachtála a chosaint agus a ardú, agus deiseanna oibre a chothú agus a chruthú, le meas ar phrionsabail inbhuanaitheachta.

Féadtar an Roinn Pleanála a bhriseadh anuas in 5 chuid dhifriúla:

- i) Bainistíocht Forbartha
- ii) Pleanáil Chun Tosaigh
- iii) Forfheidhmiú Pleanála
- iv) Rialú Tógála
- v) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

(i) Bainistíocht Forbartha

Is é 864 líon na n-iarratas pleanála a fuarthas sa bhliain 2023. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go raibh 332 de na hiarratais iomlána a fuarthas neamhbhailí agus d'éiligh ar an iarratasóir iarratas nua a chur isteach. Ba iad na príomhchúiseanna le neamhbhailíochtú comhaid phleanála ná; fógraí poiblí as dáta, nó nár cuireadh suas ar an láithreán, ceadanna roimhe seo imithe in éag, ainm gníomhairí fágtha ar lár ó léarscáileanna/líniúcháin, níl aon phointe thuaidh léirithe ar léarscáileanna agus faid nach bhfuil léirithe ar leagan amach an láithreáin.

Feidhmíocht 2022

Chuaigh EPlanning beo sa rannóg pleanála ar an 11 Samhain 2022. Rinneadh 65% de na hiarratais a fuarthas sa bhliain 2023 ar líne - 564 iarratas ar líne as iomlán 864 iarratas sa bhliain 2023

Tugtar sa tábla seo a leanas briseadh síos na n-iarratas pleanála a fuarthas agus na cinntí a rinneadh le linn na bliana 2023:

Líon Iomlán na nIarratas Pleanála	864
Líon na n-iarratas Bailí a fuarthas	534
Iarratais neamhbhailí seolta ar ais go dtí an tiarratasóir	332 (38.6%)
Líon na gcinntí a rinneadh	554
Líon na n-iarratas a ceadaíodh	521
Líon na n-iarratas a diúltaíodh	23
Atreoruithe go dtí Oifigí Áite (moilleanna oibre)	Curtha i gcartlann laistigh de 14 lá
Líon na n-iarratas a ndearnadh achomharc orthu chun an Bhoird Phleanála sa bhliain 2023	23

Forbairtí Móra Cónaithe (LRD)

Fuarthas iarratas amháin sa bhliain 2023 i dtaca le 195 aonad ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise.

Tionscnaimh Sheirbhís do Chustaiméirí

Sa bhliain 2023, leanadh le hiarratais phleanála a scanadh de réir mar a fuarthas iad. Le linn na bliana 2023, bhí an pobal in ann rochtain ar líne a fháil ar iarratais phleanála laistigh de choicís, cé go raibh sé sin indéanta den chuid is mó laistigh de 5 lá ó fuair an tÚdarás Pleanála iad.

Reáchtáladh 324 chruinniú réamhphleanála sa bhliain 2023, ina raibh an deis ag an bpobal cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sular chuir siad iarratas pleanála isteach. Thug na Pleanálaithe cabhair don phobal trí roinnt chruinnithe réamh-phleanála a reáchtáil ar an láthair.

Rinneadh 47 iarratas Alt 5 a phróiseáil sa bhliain 2023.

Leanann an suíomh gréasáin Pleanála le bheith mar uirlis rannpháirtíochta, a fuarthas thart ar 19,842 amharc leathanaigh anuraidh.

Ócáidí faoin Aer a Cheadúnú

Is éard is ócáid faoin aer ná léiriú poiblí a tharlaíonn faoin aer go hiomlán nó den chuid is mó nó i struchtúr gan díon nó díon páirteach, sealadach nó in-aistarraingthe, puball nó struchtúr sealadach cosúil leis ina bhfuil ceol, damhsa, léirithe siamsaíochta poiblí ann nó aon ghníomhaíocht cosúil leo. Tá sé de dhíth ar na heagraithe ceadúnas a fháil ón Údarás Pleanála má tá 5,000 nó níos mó mar chuid den lucht féachana.

Bhí dhá imeacht den sórt sin ar siúl i gContae Laoise sa bhliain 2023 - tháinig an fhéile cheoil “Electric Picnic” ar ais go dtí an Sráidbhaile, ar fhreastail 70,000 duine air, i mí Mheán Fómhair 2023 agus an fhéile cheoil “Forest Fest” a bhí ar siúl i Maigh Reichead, Ioma, ar fhreastail 10,000 duine air i mí Iúil 2023.

(ii) Pleanáil Chun Cinn

Tá ról ríthábhachtach ag Pleanáil Chun Cinn i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíoch agus shóisialta Chontae Laoise. Soláthraítear le Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027, agus Pleananna Limistéir Áitiúil le haghaidh Phort Laoise (2018-2024), Chúil an tSúdaire (2018-2024), Mhóinteach Mílic (2018-2024) agus an Ghráig (2013-2018) creat straitéiseach agus comhthéacs beartais ina ndéantar an tÚdarás Áitiúil a chinntí pleanála.


Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027

Glacadh Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027 ar an 25 Eanáir 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an 8 Márta 2022. Is doiciméid reachtúil é an Plean, a d’ullmhaigh an tÚdarás Pleanála i gcomhréir le ceanglais an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus Rialacháin Pleanála agus Forbartha, 2001 (arna leasú). Cuirfidh Mapaí Críosaithe i gCnuasach 2 den Phlean na PCÁnna ar an eolas le haghaidh Phort Laoise agus Mhóinteach Mílic.

D'éisigh an tAire dréacht-Treoir Alt 31 do Chomhairle Chontae Laoise ar an 7 Márta 2022 maidir le roinnt gnéithe den Phlean a baineann le spriocanna fuinnimh, beartais a bhaineann le hairdí agus criosaithe a thógáil. Chuir an tAire clabhsúr ar an bpróiseas agus d'éisigh sé an Treoir le mionleasuithe uirthi ar an 28 Meán Fómhair 2022.

Níos lú ná 2 bhliain ó cruthaíodh í, ceanglaítear ar an bPríomhfheidhmeannach tuarascáil a thabhairt do na Baill maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cuspóirí an Phlean a bhaint amach. Tá ullmhúchán na tuarascála sin faoi lán seoil anois.

Dréachtphleananna Limistéir Áitiúil



Cuireadh an **Dréacht Comhphlean Limistéar Uirbeach na Gráige/Cheatharlach (JULAP)** agus aguisíní éagsúla a bhaineann leis, lena n-áirítear MST, MC, SFRA agus Plean Iompair Áitiúil, i gcrích agus tá sé ar taispeáint go poiblí ar feadh tréimhse 6 seachtaine go dtí an 5 Feabhra 2024.

Socraíodh dhá sheisiún phoiblí faisnéise chun rannpháirtíocht agus plé an phobail a bharrfheabhsú.



Uirbeach Phort Laoise agus na hagusíní a bhaineann leis Tá fógra poiblí agus seisiún faisnéise le bheith eagraithe. Tá an **Dréachtphlean Limistéar** á gcríochnú agus beidh siad ar taispeáint go poiblí ar an 30 Eanáir 2024.

Tháinig deireadh le céim réamhdhréachta an Dréachta Comhphlean Limistéar Áitiúil ar an 19 Deireadh Fómhair 2023. Cuireadh 38 aighneacht isteach ar an iomlán. Cuireadh tuarascáil Phríomhfheidhmeannaigh i gcrích i dtaca leis na 38 aighneacht a cuireadh isteach chuig Chomhairle Chontae Laoise. Tá scríbhneoireacht an dréachtphlean á tosú anois. Beidh sé ar taispeáint go poiblí ar an 9 Aibreán 2024.

Cuirfear tús le céim réamhdhréachta an **Dréachta Comhphlean Limistéar Áitiúil** ar feadh tréimhse 4 seachtaine go dtí an 5 Feabhra 2024. Ullmhaíodh Páipéar Saincheisteanna agus eagrófar seisiún poiblí faisnéise le haghaidh an 23 Eanáir 2024. Tá an dréachtphlean seo le bheith ar taispeáint go poiblí ar an 8 Aibreán 2024.

Cáin Talún Criosaithe Cónaithe

Ullmhaíodh léarscáileanna deiridh raoin fheidhme RZLT le haghaidh na bliana féilire 2023 agus eisíodh iad chuig an Roinn roimh spriocdháta an 15 Samhain 2023.

Bhí roinnt achomharc chun an Bhoird Phleanála inar chuir úinéirí talún in aghaidh a dtailte a bheith san áireamh mar raon fheidhme. Agus eisceacht amháin ann, chloígh an Bord le rialuithe an Údaráis Pleanála.

Alt 57s

Rinneadh dhá iarratas déag a phróiseáil sa bhliain 2023.

Ceadúnais Alt 254

Rinneadh sé iarratas a phróiseáil sa bhliain 2023.

Cuid 8s

Rinneadh líon mór Tionscadail Chuid 8 a chur i láthair agus a cheadú le linn na bliana 2023. Bhí siad seo go príomha le haghaidh forbairtí tithíochta ag suíomhanna éagsúla ar fud an chontae.

Cuireadh tionscadail bonneagair lenar áiríodh, mar shampla, soláthar carrchlóis i nDún Masc, mol digiteach i dTeach Cúirte Bhuiríos Mór Osraí agus clós súgartha i mBaile Átha an Róine i láthair freisin.

SPC

Tabharfar páipéar beartais maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le tithíocht modúlacha mar fhoirm inghlactha tithíochta i gContae Laoise chuig an gcruinniú SPC i mí Feabhra 2024.

Plean Tús Áite do Lár an Bhaile Ráth Domhnaigh

Cuireadh an Plean i gcrích sa bhliain 2023 agus seoladh go hoifigiúil é ag cruinniú poiblí ina raibh slua maith i láthair i Mí na Nollag.

Bunaíodh Foireann Bhaile freisin a bhfuil sé mar aidhm aici gníomhaíochtaí an Phlean Thús Áite Lár Bailte a bhaint amach. Bhí baill na n-earnálacha gnó áitiúil agus pobail mar chuid den Fhoireann chomh maith le Comhaltaí Tofa agus oifigigh na Comhairle.

(iii) Forfheidhmiú Pleanála

Tá an tÚdarás Pleanála, i gcomhréir leis na riachtanais reachtúla faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 arna leasú, ag iarraidh a chinntiú go gcomhlíontar ceadanna pleanála agus go seachnaítear forbairt neamhúdaraithe freisin.

Lean an fhoireann fhorfheidhmithe ar aghaidh le hoibreacha sa bhliain 2023 lena chinntiú go ndéantar iniúchadh agus fiosrú ar aon sáruithe ar an dlí pleanála.

Sa bhliain 2023, d'fhreastail foireann na Comhairle ar Chúirt 65 uair i dtaca le hionchúisimh fhorfheidhmithe agus cé go bhfuil roinnt cásanna fós ar siúl, rinneadh 14 chás a réiteach go rathúil le linn na bliana 2023. Sheirbheáil an tÚdarás Pleanála 104 fógra fhorfheidhmithe, 448 litir foláirimh agus d'fhiosraigh sé 147 gearán nua, gach ceann acu a léiríonn an tóir ghníomhach d'fhorbairt neamhchomhlíonta agus neamhúdaráithe.

(iv) Láithreáin Thréigthe

Tá an Chomhairle i mbun a cuid cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 a chur i ngníomh agus í ag díriú ar ionaid réadmhaoine atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Tá aghaidh á tabhairt ar na saincheisteanna atá fós le réiteach, ag obair le húinéirí na maoine sin, agus baineadh na maoine sin nach dtugtar 'tréigthe' orthu a thuilleadh ó Chlár na Láithreán Tréigthe.

- Líon Iomlán na gComhad a osclaíodh sa bhliain 2023: 22
- Líon Iomlán na gComhad a dúnadh mar gheall ar 'láithreán tréigthe' a thabhairt orthu sa bhliain 2023: 16
- Líon Iomlán na gComhad: 93
- Líon Iomlán na láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe: 30

(v) Láithreáin Fholmha

Cuireadh 6 shuíomh le Clár na Láithreán Tréigthe ar an 1 Eanáir 2023 i dtaca le suíomhanna i bPort Laoise, Cúil an tSúdaire agus an Ghráig. Fuarthas luachálacha i dtaca leis na suíomhanna sin.

Eisíodh fógra éilimh d'íocaíocht an tobhaigh do na blianta 2020, 2021 agus 2022 ar an suíomh sa Ghráig i ndiaidh dheimhniú luacha an tsuímh ón mBinse Luachála sa bhliain 2023. Is é €31,500 an tobhach le haghaidh na 3 bliana.

Tá 3 shuíomh i bPort Laoise faoi réir fhógraí na Láithreán Tréigthe/ tobhach agus dá bhrí sin, ní féidir iad a ghearradh faoi reachtaíocht na Láithreán Tréigthe.

Ní féidir úinéir(i) an tsuímh i gCúil an tSúdaire a dheimhniú.

Suíomh na Láithreán	Líon na Láithreán ar an gclár VSL
Port Laoise	4
Cúil an tSúdaire	1
An Ghráig	1
Iomlán	6

(vi) Rialú Tógála

Pléann an Rannóg Rialaithe Tógála leis na fógraí tosaithe go léir a fhaightear agus déanann sí iniúchtaí ar na foirgnimh lena chinntiú go gcloíonn siad leis na rialacháin Rialaithe Tógála éagsúla.

Sa bhliain **2023**, seoladh 844 fógra d'fhoirgneamh nua san iomlán chuig Rialú Foirgníochta. Rinneadh iniúchadh ar 101 fhoirgneamh ar an iomlán (ag céimeanna éagsúla tógála) - ráta iniúchta 11.97%

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

(vii) Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as eastáit a ghlacadh faoina cúram. Sa bhliain 2023, glacadh 13 eastát faoina cúram. Tá na sonraí a bhaineann leo liostaithe thíos. Go traidisiúnta, tarlaíonn sé seo nuair a fhaightear iarratas ó fhorbróir an eastáit agus/nó ó úinéirí na dtithe san eastát.

Mar sin féin, le blianta beaga anuas, aon uair ar theip ar fhorbróir eastát a chríochnú, rinne Comhairle Chontae Laois idirghabháil chun an t-eastát a chríochnú agus maoinítear an obair seo, nuair is féidir, as an mbanna. Leanfaidh an beartas seo go gníomhach leis an bhforbróir agus leis an sealbhóir bannaí sa bhliain 2024.

Glacadh na heastáit seo a leanas faoi chúram sa bhliain 2023:

- Bellingham (Céim 2 Ceantar 2) Bóthar Mhaighean Rátha, Port Laoise
- Gairdín an tSráidbhaile, Port Laoise
- Siúlóid Ashwood agus Gairdíní Ashewood, Port Laoise
- An tAbhallort, an Sráidbhaile
- Cathair na gCapall, Cúil an tSúdaire
- Rushall, Maighean Rátha
- Mainéar Kyle, Buiríos Mór Osraí
- Silverwood, Silverglen agus Silverbrook, Móinteach Mílic
- Cill an Óir, an Ghráig
- Faichí Dhrochaill, Cúil an tSúdaire
- Meadows Way (Cuid) an Ghráig
- Marian Grove, Móinteach Mílic
- Lána an Leaba Chlúimh, Buiríos Mór Osraí

Déanann an Rannóg Pleanála iarracht idirchaidreamh a dhéanamh le daoine ina gcónaí ar eastáit neamhchríochnaithe le hiad a choinneáil go hiomlán ar an eolas faoi dhul chun cinn maidir lena n-eastáit.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Foirgnimh Nua a nDearnadh Iniúchadh Orthu

Foirgnimh Nua a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua ar cuireadh fógra ina leith chuig an údarás áitiúil	Líon na gcinntí pleanála údaráis áitiúil a bhí faoi réir achomhairc chun an Bhoird Pleanála agus ar chinn an Bord iad sa bhliain 2022	% de na cinntí a dhearbhaigh (le hathrú nó gan athrú) an cinneadh a rinne an t-údarás áitiúil
14.45	4	100

Cásanna forfheidhmithe dúnta toisc gur réitíodh iad

Líon iomlán na gcásanna pleanála ar chuir an t-údarás áitiúil tús leo le linn na bliana 2022 agus a ndearnadh imscrúdú orthu	Líon na gcásanna faoi imscrúdú a dúnadh le linn na bliana 2022	% de chásanna dúnta a caitheadh amach nó faoi urchosc reachta nó ina bhforbairt dhíolmhaithe	% de chásanna dúnta ar réitíodh trí idirbheartaíocht iad chun sástacht an údaráis áitiúil	% de chásanna a dúnadh de bharr imeachtaí forghníomhaithe	Líon iomlán na gcásanna pleanála faoi imscrúdú amhail 31/12/2022
122	157	46.50	1.27	52.23	143

Costas per Capita den tSeirbhís Pleanála

Costas in aghaidh an Duine
€25.91

Iarratais ar Dheimhnithe Um Shábháilteacht ó Dhóiteán

% d'iarratais ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain 2022 ar tugadh cinneadh ina leith faoi cheann 2 mhí ó fuarthas iad	% d'iarratais ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas sa bhliain 2022 ar tugadh cinneadh ina leith laistigh de thréimhse ar cuireadh síneadh ama léi a comhaontaíodh leis an iarratasóir
20.00	57.78

MÍR NA N-EALAÍON

Teach Ealaíne Laoise, An Sráidbhaile

Tá Seirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae Laoise tiomanta do chlár ealaíon atá inbhuanaithe agus forchéimnitheach agus a thacaíonn le mian ealaíonta a fhorbairt. Is gnéithe lárnacha den chlár ealaíon iad: - Ealaíona Óige, Amharc-ealaíona, Teach Ealaíne Laoise, An Sráidbhaile, Ealaíona Liteartha, Ionad Ealaíona Dhún Másc, Clár Éireann Ildánach Laoise, Ealaín Phoiblí agus tacaíochtaí d'fhorbairt agus oideachas ceoil tríd ár gcomhpháirtíochtaí leis an LOETB, agus aithne a chur ar ealaíontóirí agus pobail chun an earnáil a fhorbairt.

Is í an aidhm timpeallacht a chruthú a thacaíonn leis an ealaíontóir agus leis an mian ealaíona chun rannpháirtíocht ionchuimsitheach go sóisialta a mhéadú i ngach clár ealaíonta, agus chun tacú le bonneagar ealaíonta agus í a fhorbairt, lena n-áirítear Teach Ealaíne Laoise, Ionad Ealaíona Dhún Másc, Ionad Ceoil Laoise agus áiseanna ealaíonta eile sa Chontae.

Éire Ildánach/Cruinniú na nÓg

Teach Ealaíne Laoise, an Sráidbhaile - Ghlac na rannpháirtithe óga go maith le himeachtaí Chruinniú na nÓg Theach Ealaíne Laoise.

- ◆ Ceardlann Phrionta a Dhéanamh ag Adelle Hickey;
- ◆ Cathair na Mianta, ceardlann ina gcruthaítear sampla cathrach trí úsáid a bhaint as cruthanna geoiméadracha ag Evgeny Chubatyy agus Ealaín Inbhuanaithe Teicstíle ag Niamh Bakker.
- ◆ Sa leabharlann, léigh an scríbhneoir John Whelan óna leabhar 'The Last Beekeeper'.

Tugadh cúnamh do Treo Nua, Ionad Acmhainne Teaghlaigh agus Ráth Domhnaigh maidir le himeachtaí a leagan amach le haghaidh Chruinniú na nÓg. D'éirigh go maith leis na himeachtaí Ghiniúint Cheoil Chruinniú na nÓg.

Cúrsa Scríbhneoireachta Cruthaitheachta

Soláthraíodh cúrsaí Scríbhneoireachta Cruthaitheachta Eileen Casey do dhaoine fásta in Ionad Ealaíne agus Leabharlann Laoise mar chuid d'Fhéile Bealtaine i mí na Bealtaine agus mí na Samhna/mí na Nollag.



Ceardlanna samhraidh ealaíne

Óstáladh réimse ceardlann ailtireachta agus drámaíochta, agus ealaíona cruthaitheachta sa chontae mar chuid de Chlár Ealaíona Samhraidh Oifig Ealaíon Laoise i mí Iúil agus mí Lúnasa. Reáchtáladh ceardlanna ealaíne samhraidh i Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, sa tSráidbhaile agus i gCúil an tSúdaire do dhaoine óga agus do dhaoine fásta.

Clár Samhraidh Ealaíne do Dhaoine Fásta Theach Ealaíne Laoise

Thug an Oifig Ealaíne agus an tIonad Ealaíne Laoise, an Sráidbhaile cuireadh do Bridget Flannery chun an clár 2023 dar teideal Looking/Seeing/Making a sholáthar. Bhí sé ar siúl sa cheantar álainn máguaird an Tí Bhraiche, an Sráidbhaile, Contae Laoise.

Bhí an cúrsa ceithre lá ar siúl ón Máirt 13 Meitheamh go dtí an Aoine an 16 Meitheamh 10:30rn - 4:00in, agus taispeántas oifigiúil ar siúl ar an Aoine 16 Meitheamh ag 5:00in.

Tugadh an tseachtain chun críche le taispeántas oscailte d'obair Bridget Flannery dar teideal Looking/Seeing/Making BOGLANDS agus obair roghnaithe ó rannpháirtithe ag an Ionad Ealaíne Laoise 2023. Reáchtáladh na himeachtaí i roinnt suíomhanna agus bhí slua maith sa tSráidbhaile, i gCúil an tSúdaire agus in Ioma. Bhí méadú ar líon na gcuairteoirí a d'fhreastail ar gach imeacht mar gheall ar theagmháil agus tacaíocht na hOifige Ealaíne.



Oíche Chultúir Laoise

Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar an 22 Meán Fómhair agus bhainistigh Oifig Ealaíon í. Is gluaiseacht náisiúnta í Oíche Chultúir ina ndéantar ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona.

Tionóladh ceardlanna le scoileanna áitiúla agus grúpaí pobail. Tionóladh ceardlanna le scoileanna áitiúla agus grúpaí pobail.

Ina theannta sin, rinne an Oifig Ealaíon tráthnóna d'imeachtaí sa tSráidbhaile, Léiriú d'Áille na hÁille, Dealbh Cloiche ag Benedict Byrne ag McKeon Stone Teoranta. Dealbh le Benedict Byrne ag McKeon Stone LTD.

Bhí "Local Materials, My Vision", Taispeántas le Evgeny Chubaty ar siúl sa Ghailearaí, Teach Ealaíne Laoise, An Sráidbhaile An Sráidbhaile



TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

Paráid na gCréatúr Oíche. Bhí 250 rannpháirtí i gCearnóg na Cúirte, An Sráidbhaile páirteach sa pharáid allamuigh seo le maisithe. Chríochnaigh na himeachtaí le ceolchoirm leis an gceoltóir Ceoil Tuaithe Hank Wangford and the Messages i gcomhar le Music Generation Laoise.

Bhí imeachtaí eile ar thacaigh Oifig Ealaíon Laoise leo ar siúl in Ionad Oidhreachta Mhainistir Laoise, An tIonad, Buiríos Mór Osraí, Amharclann Balcony, Móinteach Mílic, An Leabharlann, Móinteach Mílic, An Leabharlann, Port Laoise, Ionad Ealaíon Dhún Másc, Ionad Pobail Sheanchua, Ionad Pobail na Spince, Amharclann Óige Mhaighean Rátha, Cearnóg an Mhargaidh, Cúil an tSúdaire, Stiúideo Ealaíne Mount Henry, Coill an Aird agus Cúirt Ioma.

Céatadán don Ealaín

Nochtadh píosa dealbhóireachta “Resonance” le David Beattie i mí Mheán Fómhair 2023 lasmuigh den Leabharlann nua ar an tSráid Mhór, Port Laoise. D’oibrigh David Beattie leis an scríbhneoir Pat Boran a bhfuil cáil náisiúnta air, a sholáthair leathrann a scríobh sé faoin tSráid Mhór, an tsráid inar fhás sé aníos. Baineann an leathrann le bheith ag breathnú suas an tsráid go luath ar maidin. ‘Listen: the street still dreaming us. And look: the buildings open like the covers of a book’.

Ionad Ealaíon Dhún Másc

Leanann Comhairle Chontae Laoise le tacaíocht a thabhairt d’Ionad Ealaíon Dhún Másc mar cheann de na príomhionaid ealaíon i Laois. D’oibrigh Oifig Ealaíon Laoise i gcomhar le hIonad Ealaíon Dhún Másc ar go leor clár le linn na bliana.

Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Ghlac 10 scoil páirt sa scéim sin sa bhliain 2023. Leis an scéim, tugtar an deis do scoláirí taithí chuimsitheach a fháil leis an ealaíontóir gairmiúil agus taithí a fháil ar mheáin éagsúla ealaíne. Seo thíos na healaíontóirí agus na scoileanna ar éirigh leo.

Scoil Náisiúnta Mhainistir Laoise Theas, Mainistir Laoise	Eddie O’Neill	Tionscadal drumadóireachta
Scoil Náisiúnta an Ardleasa, Baile Mhic Mhaoilir	Fiona McEiroy	Tionscadal bunaithe ar amharclann
Scoil Shóisearach an Teaghlaigh Naofa, Port Laoise	Caroline Keane	Ealaín le téama taistil ilchultúrtha
Scoil Náisiúnta an Phaidic, Maighean Rátha	Marie Moylan	Iniúchadh ar fhlóra agus ar fhána sa Sliabh Bladhma
Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile, Port Laoise, Port Laoise	Maeve Sookram	Machnamh ar chórais chreidimh na ndaltaí agus taispeántas
Coláiste Fheargail Naofa Ráth Domhnaigh, Ráth Domhnaigh	Adam Ward	Saothar balla ina bpléitear éagsúlacht, cuimsiú agus comhionannas
Scoil San Phroinsias, Port Laoise	Marian Whyte	Ealaín cheirmeach don fholláine
SNC Naomh Seosamh, Mainistir Laoise	Orla McDonagh	Tionscadal ealaíne ina ndéantar iniúchadh ar fhéiniúlacht na scoláirí trí phortráid a tharraingt, trí phéinteáil agus trí mheáin mheasctha
Scoil Náisiúnta Naomh Colmcille, Eiréil	Mary Dillen	Ceardlanna péintéireachta luibheolaíochta
Scoil Náisiúnta Chnocán na Mac Tíre	Kate Knowles	Amharcealaíona, filíocht, tionscadal éiceolaíochta

Féile Litríochta Leaves

Bhí Féile Leaves ar siúl ón 8-11 Samhain 2023. Aingeala Flannery, an t-údar de ‘The Amusements,’ a bhfuil duaiseanna buaite aici, a bhí mar scríbhneoir cónaithe na féile. Ní hamháin gur éirigh go han-mhaith le húrscéal Aingeala, ach bhuaigh sí Duais mheasúil John McGahern agus Úrscéal Ghrúpa Chiarraí na Bliana freisin.

Mar chuid den fhéile, roghnaíodh ‘The Amusements’ don tionscnamh Leabhar Aon-Chontae, a bhfuil sé mar aidhm aige léitheoirí ar fud Laoise a cheangal le chéile. Rinne Aingeala comhráite le príosúnaigh i bPríosún Phort Laoise ar mic léinn litríochta iad agus bhí dhá chomhrá aici le daltaí na sraithe sinsearaí i Leabharlann Mhóinteach Mílic agus in Ionad Ealaíon Dhún Másc. Ba iad ár n-iriseoir féin, Ann Marie Kelly, agus an t-iriseoir agus an t-úrscéalaí Orla Barry a rinne modhnóireacht orthu sin.

Thionóil Aingeala dhá cheardlann scríbhneoireachta do dhaoine fásta. Bhí oíche dar teideal ‘Telling Stories’, ar siúl in Ionad Ealaíon Dhún Másc, a mhodhnaigh an t-iriseoir cáiliúil Alex Clark, buaiteoir ghradam Man Booker Anne Enright agus Aingeala Flannery agus bhí ceol ann le Molly Donnery agus Cathal Crowley.

Rinne na hamhránaithe tíre Ultan Conlon agus Sabrina ceolchoirm caifé in Hares, An Muileann, Móinteach Mílic, d’úsáideoirí na seirbhíse ag an Ionad Link, in Ospidéal Naomh Fintan agus i Leabharlann Phort Laoise. Chuaigh Ultan i bpáirt le Donal Ryan d’oíche scríbhneoireachta agus ceoil i Leabharlann Phort Laoise.

I measc imeachtaí eile, bhí comhrá leis an údar Emily Hourican, údar ‘An invitation to the Kennedys’. Rinne Thomas Carolan, Oifigeach Oidhreachta modhnóireacht air sin.

Bhí imeachtaí leabharlainne ar siúl i gCúil an tSúdaire agus i bPort Laoise, lena n-áirítear ceardlann greannán le Colin O’Mahoney agus imeacht le comhaltaí ranganna scríbhneoireachta cruthaithí LOETB.

Cuirtear tuilleadh le flúirse na féile le tráthnóna scríbhneoireachta coireachta le Andrea Carter, Henrietta Mc Kervey, ceol cruite le Michelle Mulcahy agus ba é John Drennan a rinne an mhodhnóireacht air i suíomh atmaisféir Eaglais Naomh Peadar, Port Laoise, tráthnóna speisialta le Donal Ryan agus Ultan Conlon, agus cuairt ón úrscéalaí mór-ráchairte Emily Hourican, lena saothar is déanaí ‘An Invitation to the Kennedys.’

Chomh maith leis na himeachtaí liteartha, bhí léirithe ar siúl ag ionaid éagsúla le Ultan Conlon, Cathal Crowley, Molly Donnery, agus Michelle Mulcahy. Tugadh isteach leis an bhféile ceardlann nuálach scríbhneoireachta greannán le Colin O’Mahony thar dhá imeacht agus in imeacht focal labhartha agus ceoil, rinneadh ceiliúradh ar an téama ‘Stand By Me’, arna óstáil ag Ann Marie Kelly ón gceantar áitiúil.



I measc na dtionscadal eile sa bhliain 2023, bhí Bealtaine, Féile do Dhaoine Scothaosta, Amharclann Óige Laoise agus clár amharcealaíon do bhaill de phobal na hÚcráine.

Comhoibrithe

Scannáin Gan Radhairc

Áiríodh ar na comhoibrithe le húdaráis Áitiúla agus maoiniú ón gComhairle Ealaíon Scannáin Gan Radhairc, clár drámaíochta/amharclainne a bhí ar siúl i Laois do bhaill de phobal lagamhairc an chontae i gcomhar le húdarás áitiúil Bhaile Átha Cliath Theas agus údarás áitiúil na Mí. Chríochnaigh an clár le léiriú poiblí in Ionad Ealaíon Dhún Másc. Bhí an tionscnamh maoinithe ag Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon

POP

Cuireadh tús le POP (Pleanáil le haghaidh Léiriú Faoin Aer). Tá sé ina chuid den tionscnamh comhpháirtíochta atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon. Soláthraíonn 5 Oifig Ealaíon de chuid na nÚdarás Áitiúil (lena n-áirítear Ros Comáin - príomhpháirtí, Cathair Chorcaí, Ciarraí, Laois agus Tiobraid Árann) POP, i gcomhpháirtíocht leis na hEagraíochtaí Náisiúnta Acmhainní ISACS, Éigse Éireann, Lónra Ceoil agus Amharclannaíocht Fóraim. Tá sé tacaithe ag Promenade, a chuidíonn le healaíontóirí agus le pobail eispéiris ealaíon nua den scoth a chruthú in áiteanna poiblí agus spásanna neamhghnácha na hÉireann. Tá an tionscnamh maoinithe ag Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe na Comhairle Ealaíon le tacaíocht bhreise ón údarás áitiúil. Cuireadh oiliúint ar líne ar fáil d'ealaíontóirí ar spéis leo oibriú faoin aer. Beidh na himeachtaí faoin aer ar siúl sa bhliain 2024.

Áirítear le sraith Imeachtaí Ealaíon POP:

- Cearnóg an Mhargaidh, Cúil an tSúdaire, Co.Laoise, Déardaoin an 1 Feabhra 2024 - Lá Fhéile Bríde
- Oileán na nGéanna, Trá Lí, Co. Chiarraí, Dé Sathairn an 2 Márta 2024 - Lá Feasachta Meabhairshláinte don Óige
- Páirc Somers, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin, Dé Sathairn an 20 Aibreán 2024 - Lá Domhanda an tSorcais
- Dún Eilíse, Cathair Chorcaí, Dé Domhnaigh an 28 Aibreán 2024 - Féile Leabhar Dhomhanda Chorcaí
- Lá Náisiúnta na Líníochta, Baile Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann, Dé Sathairn an 18 Bealtaine 2024

Sparánacht Scannán

Faoi chiste Éire Ildánach, taispeánadh scannán buaiteach 2022 in Ionad Ealaíon Dhún Másc i mí na Nollag. Is scannán ar an stíl Ghotach é dar teideal 'The Light Within' bunaithe ar Chumann na gCarad sa chontae agus glacadh go han-mhaith leis.



Amharclann Óige Laoise

Bhí Amharclann Óige Laoise ar siúl le linn na bliana i bPort Laoise agus léiríodh léiriú deiridh ag deireadh an téarma.

Ionad Ceoil Laoise agus Music Generation Laoise (MGL) agus Scoil Cheoil Laoise (LSM)

I mí Márta, chuir MGL agus LSM a gcéad Cheolchoirm Phobail i láthair, ina raibh Cór Pobail na hÚcráine, Sciobóil na bhFear, seachtain ceoil na hIdirbhliana, agus clár an Ionaid Soláthair Dhíriú ann.

Léirigh MGL sraith nua ceoil den chéad uair, ‘Bicycles, Boomerangs and Blue Macaws’ le tacaíocht ó dhámhachtain choimisiúin Bhreithlá 70 bliain na Comhairle Ealaíon.

I mí Meithimh/Iúil, d’óstáil MGL agus LSM Lá Ceoil don Óige le Féile Cheathrú an tSeandúin; Ghlac bandaí rac agus pop ó MGL i Sligeach, Uíbh Fhailí, Cathair Luimnigh, Áth Cliath Theas, Port Láirge, Ros Comáin agus Laois páirt ann.

Baineadh amach sprioc straitéiseach fhadtéarmach de chuid Oifig Ealaíon Laoise ó cuireadh tús le Scoil Cheoil Laoise sa bhliain 2001 i mí Mheán Fómhair. Cuireadh tús le cúrsaí QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 in LMC. Tá an clár ceoil tríú leibhéal ar fáil anois.

I mí Dheireadh Fómhair, bhuaigh Elliot Murphy, iar-mhac léinn de chuid LSM, an ‘11ú Comórtas Idirnáisiúnta Ceoil Scannáin’ ag Féile Scannán Zurich.

Comórtas Ealaíne na bPáistí de chuid Lions Club

D’óstáil Oifig Ealaíon Laoise comórtas idirnáisiúnta bliantúil Lions Club do pháistí.

OIDHREACTH

1. Gníomhartha Phlean Oidhreachta an Chontae

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Phlean Oidhreachta Laoise le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta le linn na bliana 2023.

1.1 Múscailt Feasachta, Seachtain na hOidhreachta agus Seachtain na Bithéagsúlachta

Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta (19-28 Bealtaine 2023)

Thacaigh an Oifig Oidhreachta le himeachtaí Sheachtain na Bithéagsúlachta i Laois trí chabhair a thabhairt chun imeachtaí a eagrú agus a phoibliú le líonra Oidhreachta Laoise agus ar na meáin shóisialta. Dhírigh na himeachtaí sa bhliain 2023 ar ghnéithe éagsúla den bithéagsúlacht agus i measc na n-imeachtaí éagsúla, bhí idir ‘churfá thitim na hoíche’ ag Portach Mhainistir Laoise arna óstáil ag brainse Laoise de Chairde Éanlaith Éireann agus cheardlann ina bhféachadh ar bithéagsúlacht fhlúirseach agus thábhachtach Abhainn an Duilliúir i gCamros. Tá na himeachtaí liostaithe sa ghrafaic thíos.



Laois Biodiversity Week Events 2023
19th – 28th May

FRIDAY 19th MAY
Dusk Chorus at Abbeyleix Bog
7:00pm meeting in the Manor Hotel carpark
Organiser: Birdwatch Ireland (Laois Branch)

THURSDAY 25th MAY
'The Little Blue Dot on the Delour' – Talk on pristine rivers + macroinvertebrate identification
3:00pm meeting at the Poet's Cottage, Camross
Organiser: Camross Tidy Towns, Laois Heritage Office, & LAWPRO – the Local authority Waters Programme

THURSDAY 25th MAY
Talk on Wildlife Photography by Heather Rice
7:00pm – 8:00pm Portlaoise Library
Organiser: Laois Heritage Office

SATURDAY 27th MAY
Biodiversity-Themed Family Craft - Bug Collage
From 12noon Abbeyleix Library
Organiser: Vera Quinn, Abbeyleix Library

ALL WEEK
Nature Photography Display - showcasing images of the stunning biodiversity of Abbeyleix Bog
All Day Abbeyleix Library
Organiser: Fiona Dunne, Abbeyleix Bog Project
Photography by: Tina Claffey and Richard Duff

Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Chuidigh an Oifig Oidhreachta le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta agus iad a chur chun cinn agus iad a poibliú ar bhealaí éagsúla.

- Treoir Imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Laoise 2023: Chuir Oifig Oidhreachta Laoise treoir imeachtaí Sheachtain Oidhreachta ar ardchaighdeán ar fáil agus dáileadh 2,000 cóip ar leabharlanna an chontae. Bhí leagan idirghníomhach ar fáil ar líne freisin ar Shuíomh Gréasáin Oidhreachta Laoise.
- Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta - Fógra: Áiríodh imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Laoise agus eolas faoi infhaighteacht Threoir Imeachtaí Sheachtain Oidhreachta Laoise san alt in Leinster Leader, agus roinneadh é le linn Sheachtain na hOidhreachta ar leathanaigh Twitter agus Facebook Oifig Oidhreachta Laoise.

1.2 Pobail a Nascadh le Chéile

Tigh Mochua - Féile Oidhreachta agus Cothabháil an Tírdhreacha

Mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, lean an Oifig Oidhreachta le plé a dhéanamh leis an bpobal áitiúil maidir leis an láithreán tábhachtach sin trí thacaíocht a thabhairt d'Fhéile Oidhreachta Thigh Mochua (a bhí ar siúl ar lá saoire bainc an Mheithimh) agus trí cheardlanna 'Big Dig' a mhaoiniú, ceardlanna a mbíonn an-tóir ag leanaí orthu agus a chuireann beocht i stair an láithreáin tríd an tseandálaíocht. Leanadh freisin leis na hiarrachtaí an fásra a bhainistiú ag Tigh Mochua le linn na bliana, chun an rochtain ar an láithreán agus an bhithéagsúlacht atá ann a fheabhsú.



1.3 Foilseacháin

Foilseacháin

Ar na foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana 2023, bhí: Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Laoise 2021-2026

Bhí an straitéis sin curtha i gcrích ach níor foilsíodh ná níor seoladh í roimhe seo mar gheall ar phaindéim Covid 19. Seoladh go hoifigiúil í ag Seimineár Bliantúil Oidhreachta Laoise i mí na Nollag.

Garraíodóireacht don Bhithéagsúlacht

Mar gheall ar an éileamh leanúnach, rinneadh athchló ar an leabhrán seo a raibh an-tóir air sa bhliain 2023.

2 Dea-chleachtas i mbainistiú agus i gcaomhnú oidhreachta a bhun agus a chur chun cinn.

2.1 Tionscadail um Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht

Fuarthas maoiniú i gcomhair ceithre thionscadal faoin gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil (LBAF). Tá sonraí ar fáil thíos;

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

Sonraí Tionscadail LBAF 2023
Feabhsú na Bithéagsúlachta: Leis an tionscadal, déanfar gairdín bithéagsúlachta taispeántais a shuiteáil ag Ionad Oideachais Laoise. Tá acmhainn iontach oideachais curtha le chéile leis an tionscadal comhoibríoch sin atá á stiúradh ag an Rannóg Comhshaoil do mhúinteoirí agus do ghrúpaí eile.
Speicis ionracha Phortach Mhainistir Laoise: Le tionscadal ilbhliantúil, rachfar i ngleic le speicis ionracha ar Phortach Mhainistir Laoise. D'éirigh leis an tionscadal sin fáil réidh le róslabhrais agus labhrais le cur chuige nuálach bainistíochta.
Fógraí Raidió maidir le Feasacht ar Phailneoirí: Lean Oifig Oidhreachta Laoise le tacaíocht a thabhairt don Phodchraoladh 'In Your Nature' i gcomhar le Comhairlí Contae na hIarmhí agus Uíbh Fhailí. In 'In Your Nature', tá Ricky Whelan, Oifigeach Bithéagsúlachta le Comhairle Contae Uíbh Fhailí agus Niall Hatch ó Chairde Éanlaith Éireann agus tá sé curtha in eagar ag Ann-Marie Keily Podchraoladh: https://inyournature.buzzsprout.com/1701709/14135976
Cur bithéagsúlachta ar Chuarbhealach Phort Laoise. Bhí an tionscadal ilbhliantúil seo faoi stiúir Rannóg na mBóithre agus cuireadh feabhas amhairc leis ar an mbaile le plandaí ar na timpealláin ach chuir sé leis an mbithéagsúlacht mhéadaithe trí phlandaí neamhbhliantúla a roghnú go comhfhiosach arb iad na cinn is tairbhí do phailneoirí.

2.2 Tionscadal de chuid Chiste um Aistriú Cóir

Cuireadh tús le tionscadal an Chiste um Aistriú Cóir, lena gcomhcheanglaítear caomhnú struchtúr meánaoiseach agus an bhithéagsúlacht, sa bhliain 2021 agus bhí gnéithe uile an tionscadail le bheith curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2023. D'iarr an Oifig Oidhreachta síneadh a chur leis, áfach, toisc nach bhfuil gach gné den tionscadal curtha i gcrích. Is é Meitheamh 2024 an spriocdháta nua chun iad a chríochnú. Is iad seo a leanas na trí láithreán reilige i gContae Laoise:

Cill na mBanbhán (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Tá caomhnú saoirseachta le cur i gcrích sa bhliain 2024.
Díseart Gailinne (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Tugadh caomhnú saoirseachta agus bainistiú pailneoirí chun críche le linn na bliana 2022.
Cloch an Phúca (Laois)	Plean Caomhantais tugtha chun críche	Tugadh caomhnú saoirseachta agus bainistiú pailneoirí chun críche le linn na bliana 2022.

Agus í faoi stiúir Ailtirí Hayes Cooney, cuimsítear san Fhoireann Deartha an seandálaí Colm Flynn agus an t-éiceolaí Fiona Mac-Gowan, chomh maith leis an Speisialtóir Ialtóg Tina Aughney, agus Innealtóirí Struchtúracha de chuid CORA.

Tá dul chun cinn ag gach láithreán taifeadta ag Crannóg Media, lena n-áirítear rannpháirtíocht le pobail áitiúla, a úsáidfeadh chun críocha cumarsáide nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe.

2.3 Ciste Séadchomharthaí Pobail

Leandadh leis an scéim náisiúnta sin a dhírítear ar chaomhnú séadchomharthaí seandálaíochta sa bhliain 2023, agus fuarthas maoiniú i gcomhair ceithre thionscadal a cuireadh i gcrích go rathúil.

Struchtúr	Sonraí an Tionscadail	Dáfa
Séipéal Dhíseart Aonghais	Oibreacha caomhnaithe ar urlár inmheánach, balla imlíne, agus tuamaí.	€60,300
Séipéal Bhábhún Eachra	Baint fásra agus caomhnú saoirseachta ar bhallaí an tséipéil	€43,241
Séipéal Chluain Caoin	Ullmhú Plean Bainistíochta um Chaomhnú	€21,710
Séipéal Bhaile Aidín	Ullmhú Plean Bainistíochta um Chaomhnú	€27,789
	IOMLÁN	€153,040

2.4 Deontais le haghaidh Caomhnú (BHIS agus HSF)

Mar a rinneadh i mblianta roimhe seo - reáchtáil Comhairle Chontae Laoise dhá scéim ar leith um chaomhnú na hoidhreacht ailtireachta (le haghaidh Struchtúir Chosanta) sa bhliain 2023, le maoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Is iad sin an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF).

- An Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha 2023**

Baineann an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha le tionscadail ar scála níos lú agus díríonn sí ar struchtúir atá faoi chosaint a bheadh go leor oibre i gceist leo chun iad a chaomhnú agus a chothabháil. Dámhadh maoiniú do chúig thionscadal ar an iomlán agus cuireadh i gcrích iad sa bhliain 2023.

- Ciste na Struchtúr Stairiúla 2023**

Díríonn an Ciste um Struchtúir Stairiúla ar thionscadail ar scála níos mó agus ar fhoirgnimh a bhfuil tábhacht pobail ag baint leo. D'éirigh linn maoiniú a fháil i gcomhair na gceithre tionscadal sa bhliain 2023.

Tá sonraí faoi thionscadail BHIS agus HSF 2023 ar fáil thíos:

Sruth	Struchtúr	Dáfa
BHIS	Teach Phort Reachrann, Port Laoise	€15,000
BHIS	Presten House Boutique Ltd., Mainistir Laoise	€15,000
BHIS	Beairic RIC, Cluain na Slí.	€1,537
BHIS	Teach Bhaile Uí Ghamhdáin Mór, Baile Cholla	€15,000
BHIS	Iar-Bhothán Earraí, Mainistir Laoise.	€15,000
	IOMLÁN:	€61,537
Ciste na Struchtúr Stairiúil	Teach na mBocht agus Iarsmalann Dhomhnach Mór.	€37,500
Ciste na Struchtúr Stairiúil	Teach Dúchasach, Dúire, Baile Átha an Róine.	€10,000
Ciste na Struchtúr Stairiúil	Teach na Coille Cruinne, Maighean Rátha.	€37,000
Ciste na Struchtúr Stairiúil	An Seanteach Scoile, Baile an Bhiocáire.	€22,600
	IOMLÁN:	€107,100

3. Aird a tharraingt ar oidhreacht Chontae Laoise agus daoine a spreagadh chun taitneamh a bhaint aisti

Seimineár Oidhreachta Laoise 2023

Cuireadh seimineár Oidhreachta Laoise ar siúl ar an 2 Nollaig in Midlands Park Hotel i bPort Laoise. Chualathas cainteanna faoi thionscadail oidhreachta agus faoi ghníomhaíochtaí a rinneadh le déanaí ag an imeacht a raibh tarraingt mhór air. Ba dheis iontach é chun an scéala is déanaí faoin obair atá ar siúl ag Oifig Oidhreachta Laoise a chur faoi bhráid an phobail i gcoitinne.

Tapaíodh an deis freisin straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Laoise 2021-2026 a sheoladh go hoifigiúil ag an imeacht seo.



Seoladh Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Laoise 2021- 2026

Mar chlabhsúr ar Sheimineár Oidhreachta Laoise, seoladh Straitéis Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Laoise 2021- 2026. Bhí an Príomhfheidhmeannach John Mulholland, an Clr. Paschal McEvoy, Cathaoirleach agus comhaltaí de Chumann Oidhreachta Laoise i láthair ag an seoladh.



LEATHANBHANDA

Tugadh faoi na tionscadail seo a leanas ó Straitéis Digiteach Laoise 2020-2024 le tacaíocht ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Leanann an t-Oifigeach Leathanbhanda de leas a bhaint as tionscnaimh rialtais chun a oiread leasa agus is féidir a bhaint as nascacht leathanbhanda a bheith ar fáil ar fud an chontae.

Soláthar Céimneach de Leathanbhanda in Éirinn

Soláthar Leathanbhanda ar fud na hÉireann faoi dheireadh na bliana 2023: - Líon iomlán na nÁitreabh i gContae Laoise = 12,874 a bhfuil 8,426 Cónaithe, 2,234 Tráchtála agus Cónaithe, 1,776 Feirme agus 438 Tráchtála ina measc

- Táthar tar éis 21% de na hÁitribh (2,681) - a nascadh le Leathanbhanda Ardluais go dtí seo.
- Tá 57% (7,206) - de na hÁitribh in ann nasc a chur in áirithe roimh ré.
- I gcás 12% de na hÁitribh (1,548) - Tá tógáil an Líonra ar siúl.
- I gcás 2% de na hÁitribh (207) - Tá an tsuirbhéireacht críochnaithe.
- I gcás 8% de na hÁitribh (1,094) - táthar ag feitheamh le tús a chur leis an tsuirbhéireacht.

Róbataic 1.VEX IQ

Bhíothas in ann **Clár Róbataic IQ de chuid VEX** a thabhairt chuig 4 scoil i gContae Laoise sa bhliain 2023.

1. Scoil Eoin Phóil Naofa, Baile Átha an Róine. **2.** Scoil Náisiúnta Sheangánach Mhór, Teach na Bearú. **3.** Scoil Náisiúnta Chamrois **4.** Scoil Náisiúnta Ioma

- Cuireadh ceardlanna ar siúl sna scoileanna ar fad inar taispeánadh do leanaí conas leas a bhaint as Códú agus Scratch le róbait a thógáil agus a oibriú.
- Ba le cistiú a fuarthas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus le tacaíocht oiliúna ó Chomhairle Chontae Laoise a bhíothas in ann an trealamh don Róbat a fháil chomh maith leis an gcluiche cláir agus an airéine.

Comórtas Vex Laoise

Reáchtáladh Comórtas Chraobh an Chontae i Scoil Eoin Phóil II Naofa i mBaile Átha an Róine ar an 24 Aibreán 2023. Ghlac breis agus 80 dalta i rang a 5 agus i rang a 6 ó 4 scoil éagsúla páirt sa chomórtas seo. D'imir gach scoil roinnt cluichí agus bhí lámh acu sa Robát a Chódú. Bronnadh teastas ar gach dalta an lá céanna.

Comórtas IQ Uile-Éireann de chuid Vex

3 as 4 scoil: Chuaigh -1.Scoil Eoin Phóil II Naofa, Baile Átha an Róine, 2.Scoil Náisiúnta Sheangánach Mhór, Teach na Bearú agus 3.Camros san iomaíocht sna cluichí ceannais Uile-Éireann i gCaisleán an Bharraigh ar an Déardaoin, an 1 Meitheamh.

Ní chúram mar mhagadh é seo do na scoileanna go léir nuair a chuimhnítear nach raibh ach cúpla mí ann ó ghlac siad páirt sa chlár den chéad uair. Bhí lán na lámh le déanamh ag na foirne go léir agus 14 chluiche le himirt acu. D'éirigh thar barr leo an lá céanna nuair a chuimhnítear gurbh é seo an 1ú mhóirmeacht den sórt seo a ghlac siad páirt riamh ann. I measc na ndreamanna a tháinig ar an bhfód den chéad uair an lá sin, mheas na Breithiúna gurb é lucht Sheangánach Mhór an dream is mó a raibh gealladh fúthu. Sa chluiche deireanach a d'imir siad, ba dhóbaire gur bhuaigh Scoil Eoin Phóil Naofa agus iad 3 phointe chun deiridh nuair a séideadh an fheadóg dheiridh i gcluiche i gcoinne na gcuradh chomórtas Uile Éireann ó Dhún na nGall. Ba 91 i gcoinne 88 an scór eatarthu ag lán ama. Is ar éigean a fuair curaidh reatha Réigiún Chonnachta (ar as Maigh Eo iad) an bua ar Chamros sa chluiche cáilithe.

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

2. Róbataic Vex - Clár IQ

Cuireadh Clár Róbataice IQ de chuid Vex i bhfeidhm ar bhonn céimneach i 4 bhunscoil sa scoilbhliain a chríochnaigh i mí Meithimh 2023.

Cuireadh 2 scoil nua leis an líon seo sa bhliain 2023 -1. Scoil Náisiúnta an Phaidic agus 2. Gael Scoil Slí Dála, an Bealach Mór. Is iad seo a leanas na Comórtais Róbataice IQ de chuid Vex a réachtálfar do bhunscoileanna sa scoilbhliain ó mhí Mheán Fómhair 2023 go mí Meithimh 2024:

- a. Cuirfear an comórtas Réigiún Lár na Tíre Róbataice de chuid Vex ar siúl i Halla Pobail an Mhuclaigh, Uíbh Fhailí R35 DN02 - Déardaoin, an 8 Feabhra. Rachaidh na buaiteoirí uile ar aghaidh chuig Craobhchomórtais na hÉireann i gCorcaigh i mí Bealtaine.
- B. Beidh comórtais Údaráis Áitiúil Lár na Tíre mar seo a leanas:
Scoil Náisiúnta Ioma, Laois - Dé Céadaoin, an 6 Márta (an chéad uair a réachtálfar imeacht den sórt seo i gContae Laoise). Pobalscoil Ghailinne, Uíbh Fhailí - Dé Céadaoin, an 20 Márta.
Scoil an Chroí Ró-Naofa, an Tulach Mhór, Uíbh Fhailí - Déardaoin, an 21 Márta

3. Róbataic Vex - Clár V5

Den chéad uair riamh, táthar chun Clár Róbataice VS de chuid Vex do Mheánscoileanna Sraithe Sinsearaí a réachtáil ar bhonn píolótach i gContae Laoise agus soláthraíodh é i gColáiste Chluain na Slí ar an 18 Nollaig 2023. Glacfaidh an rang idirbhliana páirt sa chlár agus é beartaithe na comórtais a bheith ar siúl sa bhliain 2024.

Seoladh cnuasach TFC i lár na tíre

Seoladh Cnuasach TFC Lár na Tíre - (Laois, Uíbh Fhailí, Longfort agus an Iarmhí) in Midlands Park Hotel ar an Déardaoin, 27 Aibreán. príomhbhuanna an chlár Róbataice IQ de chuid Vex i láthair don Aire, Dara Calleary T.D. agus an tAire Simon Coveney, T.D. Chuir an t-imeacht

Bhí seastán ag ceathrar daltaí ó Scoil Eoin Phóil Naofa, Baile Átha an Róine, an lá céanna agus thug gnólachtaí ó na hearnálacha gnó uile atá lonnaithe i lár na tíre an-suntas dóibh.

Tionscadal ETIM atá ar na Bacáin

(a) **Ríomheolaíocht i Meánscoileanna**

Seo tionscnamh atá á chur ar siúl ar bhonn píolótach agus is iad Comhairlí Chontae Laoise agus Uíbh Fhailí, Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (LOETB) agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dún na nGall, atá taobh thiar de. Cuireadh tús le hoiliúint sa Ríomheolaíocht a chur ar mhúinteoirí meánscoile i mí Feabhra agus ba 2 mhodúl a bhí á dtairiscint faoi dheireadh na scoilbhliana a chríochnaigh i mí Bealtaine 2023. An 4 mhodúl eile, cuireadh i bhfeidhm ar bhonn céimneach iad sa scoilbhliain a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2023 agus a chríochnaigh i mí Bealtaine 2024. A bhuí leis seo, beidh scoileanna in ann Ríomheolaíocht a thairiscint do dhaltaí Ardteistiméireachta amach anseo.

Ghlac ceithre scoil i gContae Laoise páirt sa chlár. **1.** Coláiste Pobail Phort Laoise, **2.** Coláiste Dhún Másc, Port Laoise **3.** Coláiste Fheargail Naofa, Ráth Domhnaigh, agus **4.** Coláiste Íosagáin, Cúil an tSúdaire. D'óstáil Comhairle Chontae Laoise an cheardlann ar ar fhreastail daoine go pearsanta agus a cuireadh ar siúl Dé Sathairn, an 11 Márta i gcomhar leis an oifig LOETB i gCearnóg an Leastaraigh.

(b) **ETIM i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna**

Ba iad na 4 Oifigeach Leathanbhanda Lár na Tíre a réachtáil an clár ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) i gcomhar le Ericsson, clár a fhéach le ETIEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóiracht, na hEalaíona agus Matamaitic) a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach i mBunscoileanna agus i Meánscoileanna fud fad lár na tíre. Chuir Ericsson an clár in oiriúint d'éascaitheoirí / do mhúinteoirí le gur féidir leo ábhair Ríomheolaíochta sna hábhair thuasluaite a mhúineadh do dhaltaí.

Bhí na scoileanna seo a leanas tar éis tús a chur leis an gclár faoi mhí Bealtaine 2023:

1. Scoil Náisiúnta Chill Uisean
2. Scoil Náisiúnta Naomh Cholmáin, an Sráidbhaile.

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

3. Muire Naofa, Baile an tSagairt, Cluain na Slí.
4. Scoil Náisiúnta na Rátha.

(c) CEF- 2 Lánaí Tráchtá agus Tionscadal um Pobail Chliste

- I bpáirt le Comhairle Chontae Laoise, chuir Cellnex isteach ar mhaoiniú CEF 2 faoin “Glaó ar Oibreacha um Pobail Chliste” le 2 láthair a bhfuil 5G acu a chur ar fáil i gContae Laoise ag láithreacha a bhfuil Comhairle Chontae Laoise agus an FSS suite ann agus a sainathnódh gur áiteanna iad ina bhfuil nascacht idirlín lag.
- Is iad an dá áit a roghnaíodh: - Ionad Sláinte Chluain na Slí agus Ionad Sláinte na hEala. Comhaontaíodh na láithreacha seo leis an FSS.
- Is é Three Ireland a sholáthróidh an comhartha 5G agus cuirfidh sé seo bonn faoi Chás Úsáide bainteach le Sláinte ar feadh tréimhse thástála 2 bhliain.
- An Cás Úsáide Sláinte a mbainfear feidhm as, braithfidh sé ar mhonatóireacht a dhéanamh go cianda trí leas a bhaint as VirtualGoggles laistigh den limistéar cumhdaigh 5G.
- Ba Cellnex a bhí i bhfeighil an t-iarratas a chur isteach le cabhair ó Chomhairle Chontae Laoise agus ón FSS agus maoiníodh siad an 25% is gá chun an tionscadal a chur i gcrích agus beidh siad i bhfeighil ar an mbonneagar a chur ar bun agus an Cás Úsáide a thástáil ar feadh na tréimhse a comhaontaíodh.
- Rinneadh roinnt mhaith aighneachtaí CEF 2-18 ar fud na hEorpa inár gcatagóir (agus rinneadh 3 cinn ar son na hÉireann). Tá buiséad de €50m le dáileadh.

Clár E.T.E.I.M 2023-2026

Is comhfhiontar é an “Clár ETEIM i Meánscoileanna” idir BOOnna ó Chomhairlí Chontae Laoise agus Uíbh Fhailí agus LOETB a seoladh Déardaoin, an 16 Samhain 2023 san Ionad BOO sa Tulach Mhór. Cuireann an clár seo oiliúint agus trealamh ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí sna scoileanna LOETB ar fad le gur féidir leo clubanna am lóin agus iarscoile a reáchtáil a dhíríonn ar chabhrú le daoine scileanna ETEIM a fhorbairt. (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na hEalaíona agus Matamaitic). Tá sé mar aidhm ag an gclár seo daltaí na Sraithe Sóisearaí a spreagadh le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí digiteacha agus ríomheolaíochta sa tsúil go nglacfaidh níos mó díobh páirt sa Ríomheolaíocht ag leibhéal na hArdteistiméireachta. Nuair a chuirtear Trealamh, Oiliúint/Tacaíocht agus an Duais Airgid san áireamh, gheobhaidh gach scoil luach €10,000 as. Beidh na 9 scoil LOETB uile - 4 cinn i gContae Laoise agus 5 cinn in Uíbh Fhailí páirteach sa chlár.

Is iad seo na 4 scoil BOO i gContae Laoise

1. Coláiste Phort Laoise,
2. Coláiste Dhún Másc, Port Laoise,
3. Coláiste Chluain na Slí agus
4. Coláiste Fheargail Naofa, Ráth Domhnaigh.

Reáchtálfar an Clár do 30 múinteoir agus 250 dalta sna naoi scoileanna LOETB uile agus rachaidh siad san iomaíocht ina bhFoirne sna príomhréimsí seo a leanas:

- **RÓBATAIC VEX agus an tSraith LEGO:** - Le haghaidh códaithe/róbataice, beidh an trealamh ceart ag gach scoil chun páirt a ghlacadh sna Comórtais Róbataice de chuid Vex agus sa tSraith Lego de chuid First a aithnítear go hidirnáisiúnta. Is sa Tulach Mhór agus Port Laoise a bheidh na comórtais réigiúnacha ar siúl.
- **MINECRAFT:** - Rachaidh foirne daltaí san iomaíocht sa chluiche dearaidh tógála Minecraft a bhfuil dúil chomh mór sin ann ar na saolta seo. É mar sprioc acu leaganacha fíorúla den chruth a d’fhéadfadh a bheith ar a bpobal amach anseo a dhearadh.
- **PODCHRAOLADH:** - Mar chabhair le tabhairt faoin scéalaíocht dhigiteach, tabharfar trealamh ar ardchaighdeán do gach scoil le gur féidir leo stiúideo podchraolta a chur ar bun. Cuirfear oiliúint sa phodchraoladh gairmiúil ar fáil freisin. Reáchtálfar comórtas ar fud LOETB freisin a dhíreoidh ar scéalta a insint faoinár scoileanna agus a bpobalsean.

TITHÍOCHT, ATHNUACHAN AGUS PLEANÁIL

Reáchtálfar na comórtais go luath sa bhliain nua agus beidh Seótaispeántas ar siúl i gColáiste Phort Laoise ar an Déardaoin, 11 Aibreán '24.

WiFi4EU

Soláthraíodh WiFi4EU i 31 áit i Ráth Domhnaigh - in 2 áit sa Chearnóg agus in áit amháin sa Ghairdín Cuimhneacháin. Seoladh iad seo i mí na Nollag ag an am céanna a seoladh an Plean Tús Áite do Lár an Bhaile, Ráth Domhnaigh, go hoifigiúil.

Tabharfaidh sé seo WiFi4EU chomh fada le 11 bhaile mór, na bailte seo ina measc - Port Laoise, Cúil an tSúdaire, an Sráidbhaile, Mainistir Laoise, Baile na Coille, Baile Átha an Róine, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Camros agus Buiríos Mór Osraí.



BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS**CEANNASAÍ AIRGEADAIS:****Julie Bergin****CUNTASÓIR BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS:****Gerry Murphy**

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

- Mótarcháin,
- Cuntas Iníoctha,
- Bailiú Ioncaim (Rátaí,
- Muirir Dóiteáin,
- Cíosanna,
- Iasachtaí,
- Ranníocaíochtaí forbartha),
- Íocaíochtaí ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha,
- Buiséid Bhliantúla agus Ráitis Airgeadais a Chur i dToll a Chéile,
- Bainistiú Airgeadais agus gach ábhar coimhdeach

Rátaí Tráchtála

Is ionann an Ráta Ginearálta Bliantúil ar Luacháil agus .2217 (Buiséad 2024)

Cuntais a Íoc go Pras

Cloíonn an Chomhairle le téarmaí an Achta um Íocaíochtaí Prasa arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Déanach in Idirbhearta Tráchtála).

Líon iomlán na n-íocaíochtaí os cionn €250 a íocadh go déanach: nialas

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Achoimre 5 bliana ar iarmhéid an chuntais ioncaim

2019	€5,009.00
2020	€70,614.00
2021	€145,274
2022	€222,625
2023	300,467.00

Achoimre 5 bliana ar leibhéil bhailithe mar % de mhórfhoinsí ioncaim

Figúirí % ar leith i gcás (a) Rátaí, (b) Cíos agus (c) Iasachtaí Tithíochta sna blianta 2019, 2020, 2021, 2022 agus 2023.

	2019	2020	2021	2022	2023
Rátaí	80	71	85	91	89
Cíos agus Blianachtaí	96	93	96	97	95
Iasachtaí Tithíochta	75	72	75	81	87

MÓTARCHÁIN

Bailíonn an Chomhairle dleachtanna ceadúnais ar fheithiclí laistigh dá líomataíste feidhme thar ceann na Roinne Iompair, lena n-áirítear iarratais ar thiontuíthe a phróiseáil, ceadúnais leantóra, leabhair chlárúcháin agus plátaí trádála. Réiteoidh sé saincheisteanna nach féidir a réiteach ar líne, is é sin, fiosruithe faoi úinéireacht feithiclí, ceannach, scoradh de dhíolúintí agus eisiúint sonraí de réir an chreata reachtaíochta. Bainistíonn an Rannóg seo Oifig an Airgid maidir le hadmhálacha a eisiúint i leith an airgid uile a fhaigheann an t-údarás áitiúil.

A oiread agus is féidir, iarrtar ar chustaiméirí a gcuid cánach a íoc ar líne ach, mura féidir sin a dhéanamh, tá roghanna eile ann, cuir i gcás, cuntar poiblí oscailte don phobal idir 9.30 r.n. agus 1 i.n. Dé Luain - Dé hAoine, nó is féidir cáipéisí a chur sa phost nó iad a chur sa bhosca poist atá suite sa phríomhdheasc fáilte. Is 23,551 líon iomlán na n-idirbheart a rinne an oifig seo le linn na bliana 2023.

Ceadúnais Feithicle

Ba é €3,670,611 ioncam iomlán na hOifige Mótarchánach don bhliain 2023, méid arb ionann é agus méadú 2.2% ar an méid a bailíodh an bhliain roimhe.

Sonraí	2023	2022	2021	2020
Ioncam (€)	€3.7k	€3.6k	€2.6M	€3.4M
Líon na n-idirbheart	23.5k	22.4k	16.2k	21.8k

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Táscaire (Bun-Dhiosca Mótarchánach amháin)	Céatadán/Méid
Idirbhearta Mótarchánach a bpléadh leo ag an gcuntar poiblí	18%
Idirbhearta Mótarchánach a bpléadh leo tríd an bpost	4%
Idirbhearta Mótarchánach a bpléadh leo ar líne	78%
Meánlíon uaireanta oscailte poiblí in aghaidh na seachtaine	16.5 uair

Líon na n-iarratas ar cheadúnas d'fheithicil tríd an bpost/% d'iarratais fhoriomlána tríd an bpost ar bpléadh leo

A) ar an lá céanna	99.40%
B) Ar an 3ú lá nó níos luaithe	0.49%
C) Níos mó ná 6 lá	0.11%

AN RANNÓG UM BAINISTIÚ MAOINE

Tá sé de chúram ar an Rannóg um Bainistiú Maoine an fheidhm bainistithe maoine de chuid Chomhairle Chontae Laoise a dhéanamh. Cuimsíonn sé seo ceannach, díol agus léasú sócmhainní réadmhaoine Chomhairle Chontae Laoise. Pléann an rannóg seo freisin le muirir a bhaint de phunanna réadmhaoine, teorainneacha a cheartú, fiosruithe a bhaineann le Clárallann na Talún, fiosruithe ginearálta agus aon riarachán a eascraíonn as sin. Úsáidtear an bogearra M.App Enterprise chun gach sócmhainn agus diúscairt a thaifeadh. Tá obair fós ar siúl chun Clár Bainistithe Maoine Sócmhainní a chur in oiriúint do Chlár Sócmhainní Seasta in Agresso MS7.



Fáilte



MÓTARCHÁIN

Mótarcháin a íoc, dean seic ar dul chun cinn mo dhiosca, aisiocáíocht mhótarchánach, rátaí agus foirmeacha

NEAMHÚSÁID SHEALADACH
FEITHICILE A DHEARBHÚ

Neamhúsáid Shealadach Feithicile a Dhearbhu ar an Idirlín

ÚINÉIREACTH
FEITHICILE A AISTRÍÚ

Athrú ar stádas úinéireachta feithicile, nósanna imeachta, athsholáthair VRC, dáta díola mícheart ar an VRC, a sheiceáil [ríanaigh mo Theastas Cláraithe Feithicile \(VRC\)](#)

ATHRÚ AR
SHONRAÍ PEARSANTA

Do shonraí pearsanta, do sheoladh baile a thabhairt chun dáta

ATHRÚ AR
SHONRAÍ/STÁDAS FEITHICILE

Sonraí d'feithicile a thabhairt chun dáta; athchóiriú, scriosadh, goid, onnmhairiú, almhairiú feithicile

FIOSRUITHE EILE

- Ceadúnú Tiomanaithe
- Pointí Pionóis
- Tástáil Feithicile
- Úsáid Chaloiseach Sonraí Pearsanta

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2023

Cuntas Ioncaim	Ollchaiteachas 2023	Ioncam 2023	Glanchaiteachas 2023
Caiteachas in aghaidh na Rannóige	€	€	€
Tithíocht agus Tógáil	24,065,419	24,958,071	(892,652)
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	33,614,445	27,651,712	5,962,733
Uisce agus Séarachas	4,733,888	4,745,859	(11,971)
Dreasachtaí Forbartha agus Rialuithe	12,641,236	8,068,898	4,572,338
Cosaint Timpeallachta	10,375,090	2,661,423	7,713,667
Áineas agus Fóillíocht	6,497,392	1,433,870	5,063,522
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	1,046,496	478,336	568,160
Nithe Éagsúla	<u>10,695,505</u>	<u>12,924,888</u>	(2,229,383)
Caiteachas/Ioncam Iomlán	103,669,470	82,923,056	
Glanchostas na gClár le maoiniú ó Rátaí agus ón gCiste Rialtais Áitiúil			20,746,415
Rátaí			14,391,521
Tobhach Pinsin			-
Ciste Rialtais Áitiúil—Deontas Ilchuspóireach			9,033,703
Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe			2,678,810
Aistrithe ó/(go) cúlchistí			(2,600,968)
Barrachas Foriomlán don bhliain			77,842
Cúlchiste Ginearálta @ an 1 Eanáir 2023			222,625
Cúlchiste Ginearálta @ an 31 Nollaig 2023			300,467
Cuntas Caipitil			
Iarmhéid amhail 01/01/2023			8,650,533
Deontais			56,993,669
Ioncam Eile			7,983,862
Aistriú ó/go hioncam			1,894,117
Caiteachas			(63,395,461)
Iarmhéid amhail 31/12/2023			12,126,721

AIRGEADAS, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS TURASÓIREACTH

AN COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA DON FHIONTRAÍOCHT, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS CÚRSAÍ TURASÓIREACHTA

CEANNASAÍ AIRGEADAIS/STIÚRTHÓIR FORBARTHA GEILLEAGRAÍ

Gerry Murphy

CEANNASAÍ FIONTAIR ÁITIÚIL/ (Oifig Fiontair Áitiúil):

Evelyn Reddin

<u>Comhaltaí</u>	<u>Earnála</u>
An Clr. Conor Bergin (Cathaoirleach)	Pat Hennessy (Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta)
An Clr. Aisling Moran	Pat Culleton (Forbairt/Tógáil)
An Clr. Seamus McDonald	Jackie Carroll (Gnó/Tráchtáil)
An Clr. Aidan Mullins	P.J. Phelan (Deonach Pobail)
	Deirdre O'Connell Hopkins (Ceardchumann)

Cuimsítear leis an Aonad Tacaíochta Gnó de chuid Chomhairle Chontae Laoise, Oifig Fiontair agus Forbairt Eacnamaíochta Áitiúil, agus is príomhionad teagmhála é an tAonad le haghaidh gnólachtaí reatha agus ionchasacha. An aidhm atá leis ná timpeallacht fhabhrach do ghnó a chothú i dtreo is go dtacaítear le fiontraíocht agus go gcuirtear Laois chun cinn go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar áit atá tarraingteach do ghnólachtaí lonnú agus infheistiú a dhéanamh ann.

Lean gnólachtaí Laoise ar aghaidh sa bhliain 2023 ag teacht ar ais chucu féin tar éis chruachás phaindéim Covid 19. Ach, ó tharla go raibh géarchéim reatha na hÚcráine ar siúl i gcónaí, agus ó tharla go bhfuil na costais ghnó méadaithe, bhí dúshlán ann fós. In ainneoin na ndúshlán seo, ba bhliain an-bhisiúil í an bhliain 2023 don Aonad agus bhí an-tóir ar thacaíochtaí ó cheann ceann na bliana, i measc gnólachtaí fud fad na n-earnálacha.

Cúnamh Airgeadais

Le linn na bliana, bronnadh cúnamh deontais ar ghnólachtaí incháilithe i Laois chun maoiniú a chur ar fáil le haghaidh costais a bhaineann le gnólachtaí nuathionscanta, pleananna um ghnó a leathnú a chur le chéile, agus dul isteach i margaí nua agus tuilleadh post a chruthú.

Faomhadh €427,351 de chúnamh deontais le cur ar fáil do 16 ghnólacht agus an fhéidearthacht ann chun 35 post lánaimseartha eile a chruthú as seo. Faomhadh €65,817 eile i bhfoirm Dearbháin le haghaidh Trádáil ar Líne chun cabhrú le 32 gnólacht trádáil a dhéanamh ar líne. Bronnadh €60,000 ar 2 ghnólacht faoin gClár Gradstart chun tacú le cruthú dhá phost nua do chéimithe.

Oiliúint

Reáchtáladh 75 cúrsa oiliúna ar ar fhreastail 1,137 rannpháirtí fad is a ghlac 99 gnólacht nuathionscanta ionchasacha páirt i gCúrsa Cuir Tús le Do Ghnó Féin.

Meantóireacht

Bhain 280 gnólacht leas as meantóireacht agus cuireadh 419 seisiún meantóireachta ar fáil ina iomláine i réimsí ar leith amhail airgeadas, acmhainní daonna, forbairt gnólachtaí, na meáin shóisialta agus forbairt gréasáin.

Éirí Tíosach Más Micreaghnothas Thú

Ghlac 10 ngnólacht páirt sa Chlár Dearadh Éirí Tíosach Más Micreaghnothas Thú le cliaint a spreagadh prionsabail thíosacha gnó a ghlacadh chucu féin ina gcuid eagraíochtaí ar mhaithe le héirí níos iomaíche.

Éirí Éiceabhách Más Micreaghnothas Thú

Ghlac 18 ngnólacht páirt sa chlár Éirí Éiceabhách Más Gnólacht Thú, agus tá sé mar aidhm ag an gclár seo cabhrú le gnólachtaí a lorg carbóin a laghdú, costais a bhrú síos agus próifíl chomhshaoil an ghnólachta sa mhargadh a fheabhsú. Faomhadh €15,000 mar chúnamh deontais do 3 ghnólacht faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh mar thoradh ar ghníomhartha a sainithníodh tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa Chlár Éirí Éiceabhách Más Micreaghnothas Thú.

Clár um Thús Digiteach

Ghlac 5 ghnólacht páirt sa Chlár um Thús Digiteach agus dearadh an clár céanna le cabhair a thabhairt do chliaint OFÁ in earnáil na micreaghnothas chun plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm i dtreo uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh ar fud a ngnólachta.

Clár Réitithe le haghaidh Easpórtála

Ghlac 10 ngnólacht páirt sa chéad chéim dár gClár Réitithe le haghaidh Easpórtála. Forbraíodh an clár chun tacú le gnólachtaí atá ag iarraidh straitéis easpórtála a fhorbairt.

Clár Forbartha Bainistíochta

Chuir 10 ngnólacht an clár seo i gcrích agus is é is cuspóir leis an gclár ná chun cur ar chumas gnólachtaí bail sheasmhach a chur orthu féin, a bheith réidh chun fáis agus chun a mbuntáiste iomaíoch a fheabhsú tuilleadh.

Clár Cuir Tús le Clár Gnó Bia de do Chuid Féin

Ghlac 15 iarrthóir ag a raibh smaoinemh bia nó a chuir tús le trádáil le 24 mí anuas, ghlac siad páirt inár gceardlanna Cuir Tús le Clár Gnó Bia de do Chuid Féin. Cuireadh eolas agus tuiscint ar fáil do na rannpháirtithe maidir leis na céimeanna riachtanacha chun tús a chur le gnólacht déanta bia nó le gnólacht bia níos leithne amhail trucaílí bia agus oibríochtaí sa tseirbhís bia.

Seachtain Fiontraíochta Áitiúla

Bhí Seachtain Fiontraíochta Áitiúla ar siúl ón 6 go dtí an 10 Márta 2023 agus ghlac 100 fiontraí/fiontraí féideartha páirt i sraith ceardlann agus clinicí le linn na seachtaine.

Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta

Rinne Ballykilcavan Brewing Company ionadaíocht ar Laois ag an 24ú hócáid de na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta a reáchtáladh ag Teach an Ardmhéara, Baile Átha Cliath i mí Meithimh 2023. Is é Ballykilcavan Brewing Company an t-aon ghrúdlann in Éirinn ina n-úsáidtear eorna a fhoinsítear 100% díreach óna bhfeirm féin.



Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan 2023

D'fhreastail os cionn 100 fiontraí ar mhná iad ó Laois, ó Uíbh Fhailí, ón Iarmhí agus ón Longfort ar Lá Náisiúnta Fhiontraíocht na mBan san óstán Castle Durrrow ar an 19 Deireadh Fómhair. Is iad OFÁ Laoise a d'eagraigh an t-imeacht i gcomhpháirtíocht le OFÁ Uíbh Fhailí, OFÁ na hIarmhí agus OFÁ an Longfoirt, agus cuireadh deis spreagúil ar fáil san imeacht do na rannpháirtithe chun leideanna tábhachtacha a fhoghlaim ó eispéiris agus ó thurais na n-aoichainteoirí. Bhí Terry Prone mar eochairchainteoir an imeachta, a bhunaigh The Communications Clinic. Rinne Darina Allen de chuid Ballymaloe Cookery School taispeántas cócaireachta do na rannpháirtithe inar cuireadh bia ó ceithre chontae Lár na Tíre i láthair, labhair Anna May McHugh, Stiúrthóir Bainistíochta Chumann Náisiúnta Treabhdóireachta faoi chuid de na heispéirí a bhí aici, agus bhí Kelly Ging, an té a bhunaigh Kelly Lou Cakes i Laois mar ambasadóir an imeachta.



Cláir Fiontraíochta Mac Léinn 2023

Ghlac os cionn 500 dalta meánscoile arb as 7 scoil i Laois iad páirt sa chlár 2022/2023 agus é mar aidhm aige scoláirí a spreagadh chun taighde a dhéanamh faoi ghnólacht a bhunú, é a bhunú agus é a reáchtáil. Bhí Pobalscoil Heywood i measc na mbuaiteoirí a bhuaigh Gradam Náisiúnta sa bhabhta ceannais i mbliana agus bhuaigh siad an 3ú duais sa Chatagóir sinsearach a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí Bealtaine.

Ag Obair le Moil Chomhoibre

Lean an Oifig Fiontair Áitiúil ar aghaidh leis an obair a rinne na moil chomhoibre chun comhoibríochtaí a fhorbairt agus d'óstáil siad cláir oiliúna sna moil agus é mar aidhm acu feasacht ar na háiseanna a mhéadú.

Clár Cnuasaigh Innealtóireachta "Engenuity" Lá na Tíre

Is tionscnamh comhoibríoch é seo atá ag dul ar aghaidh go fóill agus é faoi scáth OFÁ Lár na Tíre chun caighdeán innealtóireachta a fhorbairt agus chun foghlaim comhroinnte agus comhoibriú a spreagadh i measc gnólachtaí atá ag gabháil don innealtóireacht i Lár na Tíre. Ghlac 9 ghnólacht innealtóireachta ó Laois páirt sa ghrúpa seo mar bhaill go dtí seo.

Scéimeanna Dreasaigh Gnó agus Feabhsúchán Aghaidhe Siopa

Chuir 14 ghnólacht as fud fad an chontae iarratas isteach ar an Scéim Deontais um Aghaidh Siopa a Fheabhsú, scéim a thugann deis do ghnólachtaí a n-aghaidh siopa a fheabhsú/a dheisiú. Chuir 5 ghnólacht eile isteach ar an Scéim Dreasaigh Gnó, scéim a thugann faoiseamh deontais ar rátaí tráchtála d'ionaid réadmhaoine fholmha incháilithe. Cuireadh Coill an Aird leis an Scéim Dreasaigh Gnó sa bhliain 2023.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Sa bhliain 2022, bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail deontas de €500,000 ar Ghrúpa Pobail Chill Uisean faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun síneadh a chur leis an ionad pobail i gCill Uisean.

AIRGEADAS, FORBAIRT GHEILLEAGRACH AGUS TURASÓIREACTH

Cuireadh tús leis an tionscadal seo sa bhliain 2023 agus táthar ag súil go gcuirfean an tionscadal i gcrích faoi mhí Márta 2024.

Scéim Chun Sráid-dreacha Bailte agus Sráidbhailte a Fheabhsú i Mainistir Laoise

Dhírigh an Scéim seo ar thacú le hathchóiriú a dhéanamh agus feabhas a chur ar aghaidheanna siopa agus ar aghaidheanna tithe cónaithe laistigh de lár Bhaile Mhainistir Laoise Faomhadh líon iomlán de 32 deontas dar luach €68,956.50 sa bhliain 2023.

Scéim Dreasachta um Ionaid Réadmhaoine Tráchtála Fholmha

Leathnaíodh an Scéim Dreasachta um Ionaid Réadmhaoine Tráchtála Fholmha chuig Cúil an tSúdaire, Maighean Rátha, Móinteach Mílíc agus Ráth Domhnaigh sa bhliain 2023. Tá sé mar aidhm ag an scéim folús agus tréigean a laghdú i lár an bhaile trí phacáiste dreasachtaí a thairiscint do ghnólachtaí chun foirgneamh folamh atá folamh le 6 mhí anuas nó níos mó a fháil ar cíos/ar léas.

Blas Laoise

Fuair an tAonad Tacaíochta Gnó maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh tionscadail chun obair le Blas Laoise sa bhliain 2023. Chomh-mhaoingh Comhairle Chontae Laoise an tionscadal seo chun:

- Uasdátú a dhéanamh ar Eolaire Tháirgeoirí Bhia agus Deochanna Bhlas Laoise
- Tacú le Blas Laoise ag roinnt imeachtaí a bhí go mór i mbéal an phobail
- Ábhair mhargaíochta nua a fhorbairt.

Margadh na Nollag

I dtreo dheireadh na bliana 2023, bhí an tAonad Tacaíochta Gnó páirteach chun Margadh Nollag a eagrú i gcomhar le Blas Laoise. Reáchtáladh an margadh sa charrchlós faoi thalamh in Ascaill JFL agus bhí sé ar siúl ón 14 go dtí an 23 de mhí na Nollag.

Foireann Bhaile Phort Laoise

Le linn na mbliana céanna lean an Aonad Tacaíochta Gnó ar aghaidh lena n-obair i gcomhar le Foireann Bhaile Phort Laoise agus le morpháirithe leasmhara eile chun tacú le gnólachtaí Laoise agus iad a chur chun cinn. D'oibrigh na fochoistí éagsúla den Fhoireann Bhaile go cruá ar roinnt tionscadal, lena n-áirítear comharthaíocht mhealltach nua ar na bóithre bealaigh isteach agus ar na boscaí bruscair.

Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta 2022

Líon na bpost a cruthaíodh le tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse 01/01/2022 go 31/12/2022 in aghaidh 100,000 den daonra	Líon na n-iarratas ar dhearbháin trádála ar líne a d'fhaomh an Oifig Fiontair Áitiúil sa bhliain 2022 in aghaidh 100,000 den daonra	Líon na ndearbhán trádála ar líne a tarraingíodh anuas sa bhliain 2022 in aghaidh 100,000 den daonra	Líon na rannpháirtithe a fuair meantóireacht le linn na tréimhse 01/01/2022 go 31/12/2022 in aghaidh 100,000 den daonra
86.19	40.37	18.55	295.67

TURASÓIREACTH

Sa bhliain 2023, thug Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do réimse leathan de thionscnaimh agus d'oibrigh sí i gcomhar le gníomhaireachtaí stáit chun Contae Laoise a chur chun cinn. Lean an Chomhairle uirthi ag tacú le Comhaontas Chomhlachas Laoise agus a gcuid oibre. Cheap Jailbird Marketing Consultants Comhairleoirí Margaíochta de chuid Jailbird chun an Contae a mhargú agus a chur chun cinn. Tá láithreach ar líne láidir saothraithe trí bhíthin Suíomh Gréasáin Turasóireachta agus cainéil ar na meáin shóisialta a oibríonn go dian dícheallach chun aird a tharraingt ar an gContae agus ar gach a bhfuil le fáil ann. Lean an Chomhairle léi ag obair i gcomhar le Fáilte Éireann freisin chun Laois a chur chun cinn mar cheann scríbe i Réigiún Ársa an Oirthir de chuid na hÉireann.

Deontais Turasóireachta

Cuireadh €70,000 de thacaíocht airgid ar fáil le haghaidh féilte agus imeachtaí sa bhliain 2023. Ina measc seo, bhí Féile an tSeandúin Phort Laoise, Féile na mBabhdán Dhárú, Railí Gaile Náisiúnta na Sráide Móire, Féile Dhá Chrann Bhaile na Coille, Lonraigh in loma, Féile na gCarr Seanré Gordon Bennett, Fleadh Laighean, Bród Laoise, Trí-atlan Laoise, agus cuireadh tacaíocht ar fáil le haghaidh roinnt imeachtaí féile na Nollag ar fud na tíre.

Carrchlós Ghleann Bearú

Cuireadh 60 spás páirceála breise ar fáil díreach le hais an charrchlóis reatha ina bhfuil 35 spás páirceála.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2023

I mbliana, chuir Comhairle Chontae Laoise ollphuball ar fáil ina raibh spás do 33 taispeántóir. Cuimsíodh leis na taispeántóirí céanna, táirgeoirí óil agus ceardaíochta, soláthraithe seirbhísí agus eolais chomh maith le hoibrítheoirí Turasóireachta.

Rás Rothaíochta Idirnáisiúnta na mBan

Den cheathrú bliain as a chéile, tháinig Rás na mBan, Rás Rothaíochta Idirnáisiúnta na mBan ar ais go Laois. Ar an 8 Meán Fómhair, tar éis tús searmanais in Áras an Chontae i bPort Laoise, ghlac os cionn 100 rothaí náisiúnta agus idirnáisiúnta tríd an Sráidbhaile, loma, Móinteach Mílic, Cluain na Slí, an Gearradh, Maighean Rátha, Baile Cholla agus Mainistir Laoise agus chríochnaigh an rás i Maighean Rátha. Ba é seo an chéad uair a chríochnaigh Rás na mBan i mbaile sa chontae. Ba é seo an chéad uair a chríochnaigh Rás na mBan i mbaile sa Chontae. Chomhoibrigh Comhpháirtíocht Spórt Laoise, Turasóireacht Laoise agus Éire Shláintiúil chun ceardlanna rothaíochta a eagrú do leanaí scoile sa cheantar roimh dheireadh an rása. Craoladh buaicphointí an rása ar RTÉ agus ar Eurosport.



Gormbhealach na Bearú:

Leandadh ar aghaidh le hobair ar Ghormbhealach na Bearú sa bhliain 2023. Tá an chuid a bhaineann le Contae Laoise críochnaithe taobh amuigh d'íosbhealach M7 agus scoitheadh na gceantar. Tá Tandem Design ag obair do na Comhpháirtí Tionscadail ar dhearadh foilsithe na comharthaíochta.

Áiseanna Páirceála ag Carraig Dhún Másc

Thángthas ar chomhaontú maidir le suíomh a cheannach in aice le Carraig Dhún Másc. D'fhaomh na Comhaltaí Tofa Cuid VIII den obair agus tá iarratas le haghaidh maoinithe faoi Chiste um Aistriú Cóir an AE á ullmhú faoi láthair. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an obair sa bhliain 2024.

Conairí Rothaíochta Sléibhe Shliabh Bladhma

Sa bhliain 2023, tugadh cead pleanála do Coillte chun Foirgneamh Túis Siúlóide a thógáil sa Bharr Riabhach. Rinneadh 3km de thógáil conaire sa bhliain 2023. Rinneadh 3km de thógáil conaire sa bhliain 2023.

Ciste um Bhailte a Fhorbairt Mar Chinn Scríbe Turasóireachta

Leandadh leis an obair ar an tionscadal um Port Laoise a Fhorbairt Mar Cheann Scríbe Turasóireachta. Suiteáladh treochoimharthaíocht, comharthaíocht léirmhínte agus painéil léirmhínte.

Ionad Oidhreachta Thigh Mochua

Cuireadh oibreacha caomhnaithe agus nuashonraithe i gcrích ar Ionad Oidhreachta sa séipéal a bhí mar chuid d'Eaglais na hÉireann i dTigh Mochua. Bainistítear an foirgneamh ag an gCoiste Tigh Mochua Le Chéile.

Ciste um Aistriú Cóir an AE - Fáilte Éireann

Ar an 29 Lúnasa 2023, sheol Fáilte Éireann gairm oscailte le haghaidh Léirithe Spéise le haghaidh a Scéime Cúnaimh Deontais Infheistíochta do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide Phríobháideacha agus Phobail. Ceapadh duine sa ról Gníomhachtóir Turasóireachta tar éis próiseas agallamh go deireanach sa bhliain 2023. Beidh príomhfhreagracht uirthi feasacht a mhéadú agus tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn scéim an Chiste um Aistriú Cóir agus Tacaíochta, agus caidreamh a chur ar fáil idir gnólachtaí turasóireachta agus scéimeanna JTF agus forbairt na dtograí tionscadail ardchaighdeáin a spreagadh agus tacú leis an bhforbairt sin a n-eascraíonn iarratais deontais astu.

MY PAY, LÁRIONAD SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE NA nÚDARÁS ÁITIÚIL /PÁROLLA AGUS AOISLIÚNTAS

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ:

Dermot O'Loughlin

Tá an tionscadal seo de réir sceidil faoi láthair agus taobh istigh den bhuiséad. Tá 88 fostaí fostaithe agus iad lonnaithe sa Lárionad Seirbhísí Comhroinnte faoi láthair. Tá Babhta 1, 2, 3, 4 agus 5 críochnaithe de réir sceidil agus tá Comhairlí Contae Laoise, Uíbh Fhailí, Longfoirt, Ros Comáin, na hIarmhí, Liatroma, na Gaillimhe, Cheatharlach, Mhuineacháin, an Chabháin, Chill Dara, na Mí, Chill Chainnigh, an Lú, Bhaile Átha Cliath Theas, Tiobraid Árann, Chiarraí, Chill Mhantáin, Shligigh, Mhaigh Eo, an Chláir, Fhine Gall, Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin, Dhún na nGall, Chorcaí agus Loch Garman chomh maith le Comhairlí Contae agus Cathrach Luimnigh agus Phort Láirge, Comhairlí Chorcaí agus na Gaillimhe agus an GBRÁ beo anois.

Tá obair idir lámha i gcomhar le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath faoi láthair chun iad a nascadh leis an gcóras MyPay sa bhliain 2025.

Tá an ghné Aoisliúntas den tionscadal seo fós idir lámha:

- Tá 22 Údarás Áitiúil ar fáil faoi láthair chun seirbhísí pinsin a chur ar fáil. Tugadh Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Chill Mhantáin ar bord le haghaidh Riarachán aoisliúntais sa bhliain 2023. Tá plean ann chun na hÚdaráis Áitiúla eile a thabhairt ar bord faoi dheireadh na bliana 2025.
- Tá MyPay i mbun Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí a riaradh anois d'earnáil na nÚdarás Áitiúil.

D'éirigh le MyPay an caighdeán ISAE 3402 a chomhlíonadh, agus is caighdeán é atá aitheanta go hidirnáisiúnta d'eagraíochtaí seirbhísí a chaithfear a athnuachan go bliantúil.

**TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ AR GACH COISTE AGUS AR GACH COMHCHOISTE AGUS LÍON
NA gCRUINNITHE DE GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH
AN COISTE A THÁINIG LE CHÉILE LE LINN NA TRÉIMHSE EANÁIR GO NOLLAIG 2023**

Ainm an Choiste	Comhaltaí a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Pobal Áitiúil Coiste Forbartha	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir John King An Comhairleoir Conor Bergin	11
Comhchoiste Póilíneachta	An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Seamus McDonald An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran An Comhairleoir Conor Bergin	4
An Fóram Oidhreachta	An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir William Aird	2
An Coiste um Ainmniú	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Noel Tuohy suas go dtí 04/02/2023 An Comhairleoir Marie Tuohy (ó mhí Márta 2023) An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir Ben Brennan	5
Coiste Iniúcháireachta	An Comhairleoir Padraig Fleming An Comhairleoir Aisling Moran	3
An Coiste Comhairliúcháin Náisiúnta um Chóiríocht do Thaistealaithe	An Comhairleoir B Walsh An Comhairleoir John King An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir James Kelly	2

**TEIDEAL, CUSPÓIR AGUS LÍON NA gCOMHALTAÍ AR GACH COISTE AGUS AR GACH COMHCHOISTE AGUS LÍON
NA gCRUINNITHE DE GACH COISTE, COMHCHOISTE AGUS COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A TIONÓLADH
AN COISTE A THÁINIG LE CHÉILE LE LINN NA TRÉIMHSE EANÁIR GO NOLLAIG 2023**

Ainm an Choiste	Comhaltaí a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Coiste Monatóireachta Choillte Laoise	An Comhairleoir Paddy Bracken An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran	1
Coiste Monatóireachta ar Uisce na Tuaithe	Councillor Padraig Fleming An Comhairleoir P J Kelly An Comhairleoir Conor Bergin	1
Coiste Imeachtaí Poiblí	An Comhairleoir Ben Brennan An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Aisling Moran	1
An Coiste um Nascadh	Councillor Padraig Fleming An Comhairleoir James Kelly An Comhairleoir Conor Bergin An Comhairleoir Thomasina Connell	0

COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA - EANÁIR GO NOLLAIG 2023

Ainm an Choiste

Comhaltaí a Toghadh

Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir John King An Comhairleoir Aisling Moran
Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Councillor Pdraig Fleming An Comhairleoir Barry Walsh An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir John King An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley
Compántas Amharclannaíochta Ealaíon Laoise Teoranta	An Comhairleoir Barry Walsh An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Noel Tuohy (suas go dtí 04/02/2023) An Comhairleoir Marie Tuohy (ó mhí Márta 2023)
Bord d'Iontaobhas Oidhreachta Mhainistir Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly
Cumann Chomhaltaí na gComhairlí Contae	An Comhairleoir Seamus McDonald
Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre	An Comhairleoir Catherine Fitzgerald An Comhairleoir Aisling Moran
Cuideachta Comhpháirtíochta Laoise Teoranta	An Comhairleoir Pdraig Fleming An Comhairleoir P J Kelly
Laois Leisure Limited	An Comhairleoir Aidan Mullins (D'éirigh sé as ar 14/12/2023) An Comhairleoir Noel Tuohy (suas go dtí 04/02/2023) An Comhairleoir Marie Tuohy (ó mhí Márta 2023)
Ionad Fiontraíochta Phort Laoise	An Comhairleoir John Joe Fennelly An Comhairleoir William Aird An Comhairleoir Barry Walsh
Ionad Fiontraíochta Chúil an tSúdaire	An Comhairleoir Aidan Mullins An Comhairleoir P J Kelly
Bord Threo Nua Teoranta	An Comhairleoir Noel Tuohy (suas go dtí 04/02/2023) An Comhairleoir Marie Tuohy (ó mhí Márta 2023)
Fóram Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus Laighin Láir	Councillor Pdraig Fleming An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Thomasina Connell
Tascfhórsa Drugaí Réigiún Lár na Tíre	An Comhairleoir Thomasina Connell
Ionad Nuálaíochta Phort Laoise	An Comhairleoir Thomasina Connell An Comhairleoir Caroline Dwane Stanley An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
Fóram Pobail Thionscadal Atreisithe Chill Chainnigh agus Laois de chuid Eirgrid	An Comhairleoir Paschal McEvoy An Comhairleoir Thomasina Connell

ACHOIMRE AR SPEANSAIS NA gCOMHALTAÍ**EANÁIR – NOLLAIG 2023**

	€
Comhdhálacha	7,199.95
Oiliúint	43,721.34
Speansais Mhíosúla	105,677.79
Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha	20,136.88
Liúntas d'Ionadaí	534,333.84
Liúntas an Chathaoirligh	19,930.56
Liúntas an Leas-Chathaoirligh	3,986.06
Liúntas Chathaoirleach an Cheantair Bhardasaigh	17,960.65
FORIOMLÁN	€752,947.07

OILIÚINT A D'FHREASTAIL COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE AIR SA BHLIAIN 2023

<u>Oiliúint</u>	<u>Láthair</u>	<u>Dáta</u>	<u>Toscairí</u>	<u>Caiteachas</u>
CUMANN NA HÉIREANN UM RIALTAS ÁITIÚIL (CÉRÁ)				
CÉRÁ – Modúl 1	Lasmuigh den Réigiún Luimneach	25 Feabhra 2023	5	
CÉRÁ – Modúl 1	An Tulach Mhór	23 Feabhra 2023	2	€2,050.91
CÉRÁ – Oiliúint Bliantúil	Cill Chainnigh	19 – 20 Aibreán 2023	5	€1,300.10
CÉRÁ – Modúl 2	Lasmuigh den Réigiún	23 Márta, 2023	2	
CÉRÁ – Modúl 2	Dún Dealgan	25 Márta 2023	5	€2,622.44
CÉRÁ – Modúl 3	An Muileann gCearr	15 Meitheamh 2023	8	€1,705.73
CÉRÁ – Modúl 4	Corcaigh agus Sligeach	20 agus 22 Iúil 2023	11	€5,293.95
CÉRÁ – Oiliúint an Fómhair	Sligeach	13 agus 14 Meán Fómhair 2023	11	€8,020.68
CÉRÁ – Modúl 5	Trá Lí agus an Cabhán	19 agus 21 Deireadh Fómhair 2023	11	€4,082.57
CÉRÁ – Modúl 6	Port Láirge agus Gaillimh	16 agus 18 Samhain 2023	4	€987.52
Aer	Lú	7 agus 9 Feabhra 2023	6	€3,507.15
CÉTS	Loch Garman	18 agus 19 Deireadh Fómhair, 2023	1	€777.82
CCÚA an Earraigh	Corcaigh	2 – 4 Márta 2023	12	€8,281.71
CCÚA an Fómhair	Gaillimh	25 agus 26 Deireadh Fómhair 2023	10	€5,089.80
Méid Iomlán:				€43,720.38

COMHDHÁLACHA A D'FHREASTAIL COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CHONTAE LAOISE ORTHU SA BHLIAIN 2023

<u>Comhdháil</u>	<u>Láthair</u>	<u>Dáta</u>	<u>Toscairí</u>	<u>Caiteachas</u>
Comhdháil Cheilteach	Cairlinn	6–8 Eanáir 2023	3	€1,764.82
Comhdháil Cheilteach	Cloich na Coillte	21–23 Aibreán 2023	1	€535.13
Scoil Samhraidh Mhagill	Na Gleannta	16–19 Lúnasa 2023	7	€4,900.00
Méid Iomlán				€7,199.95

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (RRIA)

Intreoir

Tá mé féin, Simon Walton, Príomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Chontae Laoise freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (RAB), arna ullmhú ag an gCeann Airgeadais, de réir an chóid chleachtas chuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go n-aontaíonn ráitis airgeadais Chomhairle Chontae Laoise don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2023 leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an RAB faoi réir iniúchta sheachtraigh, ag iniúchóir de chuid Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, a bhfuil sé mar chuspóir aige tuairim neamhspleách a dhéanamh ar na cuntais agus a lua an dtugann na ráitis airgeadais bhliantúla *léiriú cothrom ar staid airgeadais* an údaráis áitiúil faoina maíonn siad a cuireadh i gcrích. Tuairiscíonn an RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Chontae Laoise i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, arna achoimriú ag an Rannán. Imlíníonn an Ráiteas ar an Staid Airgeadais staid airgeadais iomlán Chomhairle Chontae Laoise amhail an 31 Nollaig 2023.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Chontae Laoise.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Chontae Laoise:

	An Bhliain Reatha €	An Bhliain Roimhe Seo €
Earraí agus Seirbhísí	€22,484,266	€20,824,754
Deontais agus Fóirdheontais	€55,040,792	€44,061,946
Ranníocaíochtaí Eile (de réir mar is cuí)		
Rátaí	€14,391,521	€14,103,225
Cáin Mhaoine Áitiúil	€ 9,033,703	€ 9,065.148

Aguisín v

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2023: Tháinig méadú 19% ar an ioncam don bhliain 2023 a bhaineann go príomha le gníomhaíocht mhéadaithe i rannóga tithíochta, bóithre agus pobail.

	An Bhliain Reatha €	An Bhliain Roimhe Seo €
Ioncam	€ 82,923,056	€69,813,595
Caiteachas	€103,669,470	€91,123,323
Aistrithe chuig/ó Chaipiteal Mír Eisceachtúil	€ 2,600,968	€ 1,781,295
Barrachas/(Easnamh) le haghaidh Coigeartú na Bliana Roimhe	€ 77,842	€ 77,351
Cúlchiste Ioncaim Tosaithe	€ 222,625	€ 145,274
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	€ 300,467	€ 222,625

Bhí barrachas de €77,842 don bhliain airgeadais mar thoradh ar ghníomhaíocht mhéadaithe tar éis glanaistrithe agus iarmhéid ioncaim deiridh de €300,467.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí comparáideacha mar is cuí.

Léiríonn an *Ráiteas ar an Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí comparáideacha mar is cuí.

- Sócmhainní a tógadh le déanaí/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla.
- Obair idir lámha agus réamhscéimeanna - go príomha bóithre agus tithíocht.
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc san áireamh.
- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Chontae Laoise ag deireadh na bliana 2023 agus €2.15bn agus is iad seo a leanas:

	An Bhliain Reatha €	An Bhliain Roimhe Seo €
Sócmhainní Seasta	€1,993,925,818	€1,971,003,226
Oibreacha ar Siúl	€ 29,509,743	€ 23,783,804
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	€ 108,770,029	€ 94,080,465
Sócmhainní Reatha	€ 35,554,196	€ 30,326,960
Dliteanais Reatha	€ 17,449,106	€ 19,194,526

Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	€ 18,105,090	€ 11,132,434
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	€ 132,124,916	€ 115,995,105
Glansócmhainní/(Dliteanais)	€2,018,185,764	€1,934,004,825

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* mar chuid de RBA 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán Cuntas Idirnáisiúnta 7 *Ráiteas ar Shreabhadh Airgid*, tá difríocht shuntasach idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó d'eagraíochtaí na hearnála príobháidí agus mar sin, comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena chinntiú go bhfuil brí agus úsáideach leis na sonraí a thaispeántar laistigh den earnáil rialtais áitiúil.

Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Chontae Laoise, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Comhairle Chontae Laoise. Cleachtaítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Chontae Laoise. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaráítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad i gceart agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Chontae Laoise, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann a dhéanann athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh mar chuid dá chlár oibre.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Chomhairle Chontae Laoise, deimhním go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus:

- Tá nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó doiciméadaithe agus
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus

- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal i bhfeidhm.

Comhlíonadh soláthair

Cinntíonn Comhairle Chontae Laoise go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscintí agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair ábhartha go léir a chinntiú.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Chontae Laoise le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Chontae Laoise nochtta dóibh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchta éifeachtach ag Comhairle Chontae Laoise a dhéanann athbhreithniú éifeachtacht bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014:

- I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é.
- II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú an údaráis áitiúil dá fheidhm iniúchta inmheánaigh.
- III. chun athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, tuarascáil iniúcháora nó tuarascáil speisialta iniúcháora i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha arna ndéanamh laistigh den údarás sin ag a príomhfheidhmeannach mar fhreagra ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin ar a chinntí.
- IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
- V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasachta méadaithe san earnáil phoiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Aithním ról an Choiste Iniúchta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Chontae Laoise.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Laoise a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáide i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann iad a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár rioscaí i bhfeidhm freisin do gach rannán seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta orthu seo freisin.


Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí maidir le feidhmiú rialuithe ar fhoireann shonrach.

Mar Phríomhfheidhmeannach Eatramhach, deimhním gur aithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnaimh a aithníodh.

Áireofar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle ar an 21 Deireadh Fómhair 2024 agus ina dhiaidh sin san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle ar an 16 Nollaig 2024.

Síniú:

Arna dhátú


Príomhfheidhmeannach
Eatramhach

15/10/2024.

www.laois.ie

R-PHOST: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Port Laoise	Guthán: (057) 8664000
Cuntas Iníoctha, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664117
Oifig Ealaíon, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689302
Oifig an Airgid, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8674308
Ceannáras Cosanta Sibhialta, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664106
Timpeallacht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689315
Tithíocht, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689329
Acmhainní Daonna, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8989335
Láithreán Líonta Talún, Coillte Laoise, Port Laoise	Guthán: (057) 8620653
Ceanncheathrú na Leabharlanna, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689338
Oifig Mótarchánach, Bloc 2, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664009
Pleanáil, Bloc 1, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664039
Clár na dToghthóirí, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664105
Bóithre, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689349
Spórt agus Fóillíochta, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8664058
Seirbhísí Uisce, Áras an Chontae	Guthán: (057) 8689354

